EUROJUST

Tuarascáil Bhliantúil 2012

© Eurojust, 2013

Clúdaíonn an foilseachán seo an tréimhse 1 Eanáir, 2012 go 31 Nollaig 2012

Catalogue number: QP-AA-13-001-GA-C

ISBN: 978-92-95084-34-6
ISSN: 1831-4449
DOI: 10.2812/53241

For enquiries:

Phone: + 31 70 412 5000
E-mail: info@eurojust.europa.eu
Website: www.eurojust.europa.eu

Tuarascáil Bhliantúil 2012

Is í fís Eurojust a bheith mar phríomhghníomhaí agus ionad saineolais ag leibhéal breithiúnach sa chomhrac i gcoinne coire trasteorann eagraithe san Aontas Eorpach

Clár Ábhair

Nóta maidir le Cinneadh Eurojust 5
Liosta acrainmneacha 5
Réamhfhocal 7
Achoimre feidhmiúcháin 8

Comóradh 10 mbliana Eurojust 10

Ceiliúradh san Nieuwe Kerk agus san Ridderzaal, 27 agus 28 Feabhra 2012 ..... *11*
Cuairt a Soilse Banríon Beatrix na hÍsiltíre *11*

1. GNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRIÚCHÁIN 14

1.1 Réamhrá 15

1.2 Forbhreathnú ar chásobair Eurojust 15

Fadhbanna ginearálta agus dea-chleachtais i gcásobair Eurojust *15*
Cruinnithe comhordúcháin *17*
Lárionaid chomhordúcháin *18*
Airteagail 6 agus 7 de Chinneadh Eurojust *18*
Coinbhinsiúin um Chúnamh Dlíthiúil Frithpháirteach *19*
Saincheisteanna i ndáil le bailiú agus inghlacthacht fianaise *20*
Cosc agus réiteach coinbhleachta dlínse *20*
Aistriú imeachtaí coiriúla *20*
Malartú taifid choiriúla *21*
Barántais Ghabhála Eorpacha *22*
Orduithe calctha *24*
Coigistiú agus aisghabháil sócmhainní *25*
Seachadtaí rialaithe *25*

1.3 Forbhreathnú ar ghníomhaíochtaí Eurojust i réimsí tosaíochta na coireachta 26

Sceimhlitheoireacht *26*
Gáinneáil ar dhrugaí *27*
Gáinneáil ar dhaoine *28*
Calaois *30*
Éillitheacht *30*
Cibearchoireacht *31*
Sciúradh airgid *32*
Grúpaí coiriúla eagraithe (soghluaiste) *33*
Inimirce neamhdhleathach *34*
Coireanna le tionchar acu ar leasanna airgeadais an AE *34*
Pointe Teagmhála um Chosaint Leanaí ag Eurojust – Coireanna i gcoinne leanaí *35*

1.4 Meithleacha imscrúdúcháin chomhpháirteacha 36

Tacaíocht airgeadais Eurojust d'oibríochtaí JIT *38*

1.5 Cásobair Eurojust lena mbaineann tríú Stáit 39

Ionchúisitheoirí Idirchaidrimh ó thríú Stáit ar iasacht le Eurojust *39*

1.6 Eurojust agus líonraí na gcleachtóirí 40

An Gréasán Breithiúnach Eorpach *40*
Líonra JITanna *40*
Líonra Cinedhíothaithe *41*

2. Caidreamh le hinstitiúidí agus comhpháirtithe an AE 42

2.1 Caidreamh institiúideach 43

Parlaimint na hEorpa 43
Comhairle an Aontais Eorpaigh 43
An Coimisiún Eorpach 43

2.2 Caidreamh le líonraí na gcleachtóirí 44

An Gréasán Oiliúna Breithiúnach Eorpach 44
Fóram Comhairleach na nIonchúisitheoirí Ginearálta agus Stiúrthóirí na nIonchúiseamh Poiblí i mBallstáit an AE 44

2.3 Gníomhaireachtaí agus comhlachtaí an AE 45

Europol 45
An Oifig Eorpach Frith-Chalaoise 45
Frontex 46
CEPOL 46

2.4 Caidreamh le tríú Stáit agus eagraíochtaí lasmuigh den Aontas Eorpach 46

3. Cinneadh Eurojust agus an todhchaí 48

3.1 Cur Chun Feidhme na Treorach ón gComhairle ar Eurojust 49

3.2 Séú babhta na measúnuithe frithpháirteacha ar fheidhmiú agus ar chur chun feidhme praiticiúil na gCinntí ar Eurojust agus an Gréasán Breithiúnach Eorpach sna Ballstáit 49

3.3 Tascfhórsa ar Thodhchaí Eurojust 50

3.4 Comhdháil i ndáil le *Deich mbliana Eurojust, gnóthachtálacha oibriúcháin agus dúshláin na todhchaí 50*

4. Forbairtí riaracháin 52

4.1 Forbairtí riaracháin 53

4.2 Rochtain phoiblí ar dhoiciméid 53

5. Bearta mar gheall ar Chonclúidí na Comhairle 56

Iarscríbhinn: Staitisticí don bhliain 2012 58

Figiúr 1 – Teacht chun cinn na gcásanna 2002-2012 59
Figiúr 2 – Cásanna déthaobhacha/iltaobhacha de réir na nDeasc Náisiúnta 2012 59
Figiúr 3 - Cásanna a tionscnaíodh/a tugadh chun críche 2003-2012 60
Figiúr 4 – Rangú ginearálta na gcásanna 60
Figiúr 5 – Cineálacha coireachta tús áite i gcásanna Eurojust 61
Figiúr 6 – Cineálacha coireachta tús áite agus cineálacha eile coireachta i gcásanna Eurojust 61
Figiúr 7 – Cásanna Eurojust – tíortha iarrthacha 62
Figiúr 8 – Cásanna Eurojust – tíortha iarrtha 62
Figiúr 9 – Líon iomlán na gcruinnithe comhordúcháin 63
Figiúr 10 – Cruinnithe comhordúcháin – tíortha iarrthacha 63
Figiúr 11 – Cruinnithe comhordúcháin – tíortha iarrtha 64

Nóta maidir le Cinneadh Eurojust

Sa tuarascáil seo déanfar tagairt do Chinneadh Eurojust – an Cinneadh ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 lenar cuireadh Eurojust ar bun d'fhonn an comhrac in aghaidh na coireachta tromchúisí a threisiú, arna leasú go deireanach ag Cinneadh 2009/426/JHA ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le treisiú Eurojust, mar "Cinneadh Eurojust".

Tá leagan comhdhlúite de Chinneadh Eurojust, arna ullmhú ag Ardrúnaíocht na Comhairle chun críocha faisnéise amháin, ar fáil ar ár láithreán gréasáin www.eurojust.europa.eu.

Liosta acrainmneacha

CMS	Córais Bainistíochta Cásanna
EAW	Barántas Gabhála Eorpach
EIO	Ordú Imscrúdúcháin Eorpach
ENCS	Córas Comhordúcháin Náisiúnta Eurojust
EPPO	Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh
JIT	Meitheal imscrúdúcháin chomhpháirteach
LoR	Litir Iarratais
MLA	Cúnamh dlíthiúil frithpháirteach
OCC	Comhordúcháin Glaodhualgais
OCG	Grúpa coiriúil eagraithe
OCTA	Measúnacht ar Bhagairt ó Choireacht Eagraithe
TE-SAT	Staid agus Treocht maidir le Cúrsaí Sceimhlitheoireachta
CFAE	An Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (Conradh Liospóin)
THB	Gáinneáil ar dhaoine

Tá comhpháirtíochtaí láidre mar bhonn le haghaidh dul chun cinn maidir le riachtanais na saoránach a chomhlíonadh i dtaca leis an Eoraip atá níos sábháilte, níos saoire agus níos córa a bhaint amach

Réamhfhocal

Cúis áthais dom réamhfhocal a chur roimh an 11ú tuarascáil bhliantúil, tuarascáil ina bhfuil cur síos ar ghníomhaíochtaí oibriúcháin Eurojust, forbairtí eagraíochtúla agus caidreamh le comhpháirtithe i 2012.

Tá dul chun cinn á dhéanamh ag Eurojust ar bhonn leanúnach i ndáil le tacú le comhordú agus comhar idir údaráis náisiúnta imscrúdaithe agus ionchúisimh na mBallstát ina n-iarrachtaí déileáil le cásanna tromchoireachta trasteorann.

Baineann cleachtóirí úsáid as uirlisí sainiúla Eurojust, an cruinniú comhordúcháin agus an t-ionad comhordúcháin go rialta agus síleann siad go mbaineann tairbhe leis na huirlisí sin i ndáil le hoibríochtaí a shruthlíniú, obair leantach bhreithiúnach a éascú láithreach baill, agus deacrachtaí dlí agus praiticiúla a eascraíonn ó na difríochtaí sa 30 córas dlí san Aontas Eorpach a réiteach.

Sílim gur fiú freisin aird a tharraingt ar threochtaí agus ar thorthaí dearfacha obair na meithleacha comhpháirteacha, ionstraim comhair a bhfuil tairbhe á baint aici as prionsabail an aitheantais fhrithpháirtigh agus na hiontaoibhe frithpháirtí. Cúis áthais do Eurojust ról lárnach a bheith aige i bhfeidhmiú rathúil na meithleacha comhpháirteacha, trí shaineolas a roinnt leo, Rúnaíocht an Líonra JITanna a reáchtáil agus trínár dTionscadal Maoinithe JIT.

Tá Eurojust tiomanta do dhéileáil le tosaíochtaí coiriúla an AE ar bhealach comhordaithe, comhtháite agus cuimsitheach agus déantóirí coire a thabhairt faoi réim an cheartais, le linn a bheith ag obair i dteannta le Europol agus gníomhaireachtaí JHA eile agus príomhimreoirí sa réimse seo.

Tarraingítear aird i dtuarascálacha straitéiseacha Eurojust ar gháinneáil ar dhrugaí agus ar gháinneáil ar dhaoine, tuarascálacha atá ar fáil ar láithreán gréasán Eurojust, ar na príomhdhifríochtaí a bhíonn le sárú i ndáil le malartú faisnéise, i gcomhordú iarrachtaí, i bhfeidhmiú cúnamh dlí frithpháirteach agus ionstraimí um chomhar breithiúnach, agus tá réitigh le fáil sna tuarascálacha straitéiseacha freisin ar na fadhbanna aitheanta.

Cuireann na hathruithe a d'eascair as Cinneadh Eurojust le hacmhainní oibríochtúla Eurojust agus leis na naisc atá aige leis na húdaráis náisiúnta inniúla sna Ballstáit. Beidh an séú babhta de mheasúnuithe frithpháirteacha sna Ballstáit maidir le Cinneadh Eurojust, ar cuireadh tús leis i mBealtaine 2012, mar bhonn leis an gCinneadh a chur chun feidhme mar aon le heasnaimh agus le dea-chleachtais a aithint.

Ó tharla an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) a bheith ag teacht i bhfeidhm, lean Eurojust lena obair mhachnamhach ar na hionchais a bhaineann le tuilleadh feabhais a dhéanamh ar Eurojust, mar aon leis an bhféidearthacht a bhaineann le hOifig Ionchúisitheora Phoiblí a chruthú "ó" Eurojust, i bhfóraim dhifriúla.

I rith na bliana dodhearmadta seo, rinne Eurojust ceiliúradh ar 10 mbliana a bhunaithe, ba in Aibreán a toghadh mise mar Uachtarán ar Eurojust, agus i mBealtaine a toghadh an tUas. Carlos Zeyen, Ball Náisiúnta do Lucsamburg, mar Leas-Uachtarán.

Is iontach go deo an dul chun cinn atá déanta ag Eurojust le 10 mbliana anuas. Táimse, Uachtarán Eurojust, ag súil go mór leis na míonna amach romhainn agus le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bheidh le sárú amach anseo, agus táim cinnte i bhfianaise na taithí agus an tsaineolais atá againn go mbeidh ar chumas Eurojust a phoitéinseal a bhaint amach.

Michèle CONINSX
Uachtarán Eurojust

Achoimre feidhmiúcháin

Mhéadaigh an líon cásanna inar iarr Ballstáit cúnamh Eurojust sa chomhrac i gcoinne na tromchoireachta trasteorann 6.4%, ó 1 441 cás i 2011 go dtí 1 533 cás i 2012.

Soláthraítear an fhorbairt ar ról comhairliúcháin agus éascaithe Eurojust anseo thíos:

- Reáchtáladh 194 cruinniú comhordúcháin i 2012, laghdú beag i gcomparáid le 2011 nuair a reáchtáladh 204 cruinniú comhordúcháin, agus seans gur fianaise é seo d'úsáid níos éifeachtaí a bheith á baint as uirlis an chruinnithe comhordúcháin.
- Bhí an líon céanna ionad comhordúcháin ann i 2011, seacht gcinn.
- Mhéadaigh rannpháirtíocht Eurojust i mbunú JITanna 42%, méadú go 47 JIT i gcomparáid le 33 i 2011.
- Táthar tar éis úsáid chomhcheangailte na n-uirlisí seo a thabhairt faoi deara.
- Ba é 259 an líon cásanna cláraithe a bhain le feidhmiú na mBarántas Gabhála Eorpach.
- Tugadh an feabhas i rannpháirtíocht Ionchúisitheoirí Idirchaidrimh Eurojust faoi deara, go háirithe i gcomhthéacs na hIorua.
- Mhéadaigh cásobair Eurojust i réimse tosaíochta coireachta an AE sna réimsí seo a leanas i 2012: calaois; gáinneáil ar dhrugaí; grúpaí coiriúla eagraithe (soghluaiste); sciúradh airgid; gáinneáil ar dhaoine; cibearchoireacht; sceimhlitheoireacht; éilliú; agus inimirce neamhdhleathach.
- D'fhoilsigh Eurojust dhá thuarascáil straitéiseacha i 2012, tuarascálacha a foilsíodh mar dhoiciméid AE ina dhiaidh sin:
  - *Obair Eurojust a fheabhsú i gcásanna a bhaineann le gáinneáil ar dhrugaí [Enhancing the work of Eurojust in drug trafficking cases],* doiciméad ina dtarraingítear aird ar chastacht na ngníomhaíochtaí a bhíonn i gceist chun cásanna ardleibhéil gáinneáil ar dhrugaí a chomhordú; agus

Coláiste Chomhaltaí Náisiúnta, Márta 2013

Ina suí ó chlé go deas: Laima Čekelienė, LT; João Manuel Da Silva Miguel, PT; Robert Sheehan, IE; Francesco Lo Voi, IT; Raivo Sepp, EE, Leas-Uachtarán; Michèle Coninsx, BE, Uachtarán; Carlos Zeyen, LU; Leas-Uachtarán; Donatella Frendo Dimech, MT; Lampros Patsavellas, EL; Mariana Lilova, BG; Gunars Bundzis, LV;

Ina seasamh ó chlé go deas: László Venczl, HU; Francisco Jiménez-Villarejo, ES; Jolien Kuitert, NL; Lukáš Starý, CZ; Jesper Hjortenberg, DK; Hans-Holger Herrnfeld, DE; Harri Tiesmaa, FI; Leif Görts, SE; Frances Kennah, UK; Daniela Buruiană, RO; Sylvie Petit-Leclair, FR; Mariusz Skowroński, PL; Ingrid Maschl-Clausen, AT; Malči Gabrijelčič, SL; Ladislav Hamran, SK; Katerina Loizou, CY

– *Gníomh Eurojust i gcoinne Gáinneáil ar Dhaoine: Tuarascáil Deiridh agus Plean Gníomhaíochta 2012 – 2016 [Eurojust's Action against Trafficking in Human Beings: Final Report and Action Plan for 2012 – 2016].*

- Cuireadh tús leis an séú babhta de mheasúnuithe frithpháirteacha i mBealtaine 2012, measúnuithe atá dírithe ar chur chun feidhme praiticiúil agus ar fheidhmiú Chinneadh Eurojust sna Ballstáit, agus tá sé beartaithe é a chur i gcrích in 2014. Faoi dheireadh 2012, bunaithe ar eolas faighte ó na Ballstáit, ní raibh Cinneadh Eurojust curtha chun feidhme ag 11 Ballstát go fóill. Tá Eurojust dóchasach go mbeidh an séú babhta de mheasúnuithe frithpháirteacha mar bhonn le cur chun feidhme Chinneadh Eurojust sna Ballstáit.

- Cur chun feidhme Chinneadh Eurojust go hinmheánach: rinneadh tuilleadh oibre ar ENCS d'fhonn tacú le haistriú slán r-phoist; OCC lánfheidhmiúil; CMS a fhorbairt; agus foirm "cliste" PDF Airteagal 13 a fhorbairt. Lena chois sin, reáchtáladh an chéad chruinniú leis na comhfhreagraithe náisiúnta, chun dea-chleachtais agus eispéiris a phlé agus a mhalartú mar aon leis an staid i leith bunú agus feidhmiú ENCS sna Ballstáit.

- Tá an Tascfhórsa ar Thodhchaí Eurojust ag feidhmiú ó 2009 i leith. I bhfianaise thograí fógartha an Choimisiúin ar Airteagal 85 den CFAE, lean an Tascfhórsa lena ghníomhaíochtaí i ndáil le leasú Eurojust, lena n-áirítear roinnt féidearthachtaí rialachais agus rannpháirtíocht Pharlaimint na hEorpa agus parlaimintí náisiúnta i ndáil le measúnú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí Eurojust. Chomh maith leis sin, lean an Tascfhórsa lena ghníomhaíochtaí maidir le hAirteagal 86 den CFAE, gníomhaíochtaí a bhain le bunú EPPO.

- Meabhrán Comhthuisceana idir Eurojust agus an Coimisiún: ar 20 Iúil 2012, shínigh Eurojust agus an Coimisiún Eorpach Meabhrán Comhthuisceana, meabhrán a chur bonn foirmiúil faoin malartú faisnéise agus is iarracht a bhí ann freisin comhar a fheabhsú i réimse na gceisteanna sin a bhfuil leas frithpháirteach iontu.

- Forbairtí riaracháin:

  – I 2012 bhí an líon ionchúisitheoirí, breithiúna agus oifigeach póilíneachta a bhí ag obair in Eurojust sa Háig cothrom le 45.

  – Bhí buiséad 2012 Eurojust cothrom le EUR 32 967 000; bhí cur chun feidhme an bhuiséid cothrom le 98%.

  – Dhúbail an líon JITanna a bhí ag fáil tacaíochta airgeadais ó Eurojust i gcomparáid le 2011, bhí 62 JITanna agus 22 Ballstát i gceist.

Comóradh 10 mbliana Eurojust

Ceiliúradh san Nieuwe Kerk agus san Ridderzaal, 27 agus 28 Feabhra 2012

Bhí cúis mhór ceiliúrtha ag Eurojust ar 28 Feabhra 2012: bhí sé 10 mbliana ar an bhfód. Reáchtáladh dhá imeacht chun an ócáid a cheiliúradh. Ar 27 Feabhra, reáchtáil Eurojust an ALUMNIght san Nieuwe Kerk sa Háig. I measc na ndaoine a bhí i láthair bhí ambasadóirí, Airí Ceartais, agus ionadaithe sinsearacha ón gComhairle, ón gCoimisiún agus ó Pharlaimint na hEorpa. Cuireadh Uachtaráin Eurojust, ón am atá caite agus ón am i láthair, Baill Náisiúnta agus baill foirne riaracháin a raibh ról lárnach acu i bhforbairt Eurojust faoi agallamh. Taispeánadh chéad scannán fógraíochta Eurojust, agus seoladh an láithreán gréasáin nua.

An mhaidin dar gcionn, roimh chruinniú neamhfhoirmiúil Airí na Comhairle um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile faoi Uachtaránacht na Danmhairge de Chomhairle an Aontais Eorpaigh, ghabh oifigigh shinsearacha buíochas le Eurojust i bhfoirgneamh ársa an Ridderzaal sa Háig. I measc na gcainteoirí bhí: HE IW Opstelten, Aire Ceartais na hÍsiltíre, ag déanamh ionadaíochta ar a Soilse Banríon Beatrix, an tUas. Morten Bødskov, Aire Ceartais na Danmhairge, an tUas. JJ van Aartsen, Méara na Háige, an tUas. Aled Williams, Uachtarán Eurojust, an tUas. Gilles de Kerchove, Comhordaitheoir Frithsceimhlitheoireachta an AE, Myria Vassiliadou uASAL, Comhordaitheoir Frith-Gháinneála an AE, agus Françoise Le Bail Uasal, Ard-Stiúrthóir do Cheartas, an Coimisiún Eorpach, ag déanamh ionadaíochta ar Viviane Reding Uasal, Leas-Uachtarán agus Coimisinéir um Cheartas, Cearta Bunúsacha agus Saoránacht.

Reáchtáladh preasagallamh i ndiaidh an tsearmanais oscailte, agus bhí an tUas. Williams, beirt Leas-Uachtarán Eurojust, Michèle Coninsx Uasal agus an tUas. Raivo Sepp, mar aon leis an Uas. Bødskov, an tUas. de Kerchove agus Le Bail Uasal i measc na ndaoine a bhí i láthair.

Ba é an t-ábhar a pléadh ag cruinniú neamhfhoirmiúil Airí na Comhairle um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile i ndiaidh an tsearmanais oscailte: *Príomhghnóthachtálacha agus breis forbartha Eurojust: conas ról Eurojust i gcomhar breithiúnach idir údaráis imscrúdaithe agus ionchúisimh na mBallstát a neartú.*

Cuairt a Soilse Banríon Beatrix na hÍsiltíre

I gcomhthéacs cheiliúradh 10 mbliana Eurojust, bhí an onóir ag Uachtarán Eurojust, Coninsx Uasal, cuairt a Soilse Banríon Beatrix na hÍsiltíre chuig Eurojust ar 26 Meán Fómhair 2012 a óstáil. Bhuail an Bhanríon Beatrix le Baill Náisiúnta agus le hIonchúisitheoirí Idirchaidrimh, mar aon leis an bhfoireann riaracháin, agus tugadh deis di breathnú ar chuimhneachán criostail a coimisiúnaíodh dá cuairt. Rinneadh roinnt láithreoireachtaí maidir le Eurojust, a chúlra agus cásanna éagsúla. Thug an Bhanríon Beatrix le fios go raibh an-chur amach aici ar an obair a dhéanann Eurojust agus ar na dúshláin a bheidh le sárú ag an Aontas Eorpach chun tromchoireacht thrasteorann a chomhrac.



EUROJUST

Gníomhaíochtaí oibriúcháin

1

1.1 Réamhrá

Is iad tosaíochtaí oibre Eurojust maidir le 2012, arna nglacadh i gcomhréir le conclúidí na Comhairle maidir le tosaíochtaí an AE a leagan síos sa chomhrac in aghaidh na coireachta eagraithe, ná sceimhlitheoireacht, gáinneáil ar dhrugaí, gáinneáil ar dhaoine, calaois, cibearchoireacht (lena n-áirítear íomhánna de mhíúsáid ghnéasach leanaí), sciúradh airgid, coireacht eagraithe (lena n-áirítear grúpaí coireachta eagraithe soghluaiste (mangaireacht)), inimirce mhídhleathach, agus coireanna coiriúla le tionchar acu ar leasanna airgeadais an AE (ar a dtugtar cionta PIF). Tá cásobair oibriúcháin Eurojust sna réimsí sin, lena n-áirítear bacainní agus dea-chleachtais aitheanta, agus tá a thionscnaimh agus obair straitéiseach, mionsonraithe anseo thíos.

I 2012, chabhraigh Eurojust leis na Ballstáit in 1 533 cás cláraithe, méadú 6.4% ar 2011, agus bhain thart ar 20% díobh le trí thír nó níos mó agus bhain 78% le coireanna tosaíochta de chuid an AE atá luaite thuas. I measc na gcásanna eile bhí coireanna den chuid is mó seachas iad sin dá dtagraítear in Airteagal 4(1) de Chinneadh Eurojust agus ar iarr údaráis inniúla na mBallstát cúnamh ar Eurojust ina leith (Airteagal 4.2 de Chinneadh Eurojust), agus ina dhiaidh sin tagann coireanna i gcoinne saol duine, i gcoinne na saoirse ó dhíobháil choirp agus na saoirse pearsanta. Tugtar figiúirí mionsonraithe maidir le cásobair agus rannpháirtíocht na mBallstát san Iarscríbhinn.

Measann cleachtóirí go bhfuil cruinnithe comhordúcháin Eurojust ar cheann dá bpríomhuirlisí, rud lena dtugtar údaráis um fhorghníomhú an dlí agus breithiúnach le chéile. Cé gur tháinig titim de bheagán ar líon foriomlán na gcruinnithe comhordúcháin i 2012 go dtí 194 i gcomparáid le 204 i 2011, léirítear leis an laghdú sin gur baineadh úsáid níos éifeachtúla as an uirlis le haghaidh cruinnithe comhordúcháin. Bhain thart ar 55% de na cruinnithe comhordúcháin le trí thír nó níos mó, agus bhain 89% le coireanna tosaíochta.

Murab amhlaidh le 2011, tionóladh seacht gcinn de lárionaid chomhordúcháin ag Eurojust i 2012.

Tháinig méadú 42% ar rannpháirtíocht Eurojust i mbunú na JITanna, ag méadú go dtí 47 i gcomparáid le 33 i 2011, agus bhí beagnach dúbailt ar líon na JITanna a fuair tacaíocht airgeadais ó Eurojust le hais 2011, agus 62 ar an iomlán i gceist.

1.2 Forbhreathnú ar chásobair Eurojust

Fadhbanna ginearálta agus dea-chleachtais i gcásobair Eurojust

Léirítear i gcásobair Eurojust i 2012 a thiomantas leanúnach fadhbanna a réiteach i gcásanna coireachta tromchúiseach trasteorann. D'éascaigh Eurojust cur i ngníomh iarrataí ar chomhar breithiúnach, agus cinntí ina leith, ag cuidiú le húdaráis inniúla na mBallstát bacainní praiticiúla agus dlíthiúla a bhíonn le sárú acu ina gcuid imscrúduithe agus ionchúisimh a réiteach.

Lean bacainní dlíthiúla ag teacht chun cinn mar thoradh ar dhifríochtaí idir córais dlí na mBallstát, agus mar gheall ar rialacha difriúla maidir le hinghlacthacht fianaise, go háirithe maidir le hidircheapadh teileachumarsáide. D'fhág nósanna imeachta difriúla maidir le cuardaigh tí agus maidir le ráitis a ghlacadh ó fhinnéithe agus éagothromaíochtaí maidir le rialacha coimeádta sonraí sna Ballstáit éagsúla, a bhformhór i gcásanna a bhain le cibearchoireacht ach a bhain freisin le foirmeacha eile coireachta eagraithe, go raibh deacrachtaí ann. Is féidir na saincheisteanna sin a réiteach luath go maith san imscrúdú trí chomhordú, i gcás inar féidir na caighdeáin ghnásúla agus na ceanglais fhianaiseacha a mhíniú do na páirtithe ar fad lena mbaineann agus ina féidir na LI riachtanacha a ullmhú.

I measc na ndeacrachtaí eile níos praiticiúla tá iarrataí sonracha ar chúnamh maidir le (i) údarás inniúil náisiúnta a aithint le haghaidh údarú breithiúnach maidir le faireachas trasteorann agus cásanna seachadta rialaithe; (ii) fadhbanna a bhaineann le cruinnithe comhordúcháin a eagrú mar gheall ar thosaíocht a bheith á tabhairt ag údaráis náisiúnta d'ualach oibre sa bhaile; (iii) deacrachtaí a bhíonn ag údaráis náisiúnta ó thaobh cláir ghnó a rochtain, go

háirithe i dtaca le cásanna a bhaineann le coireanna airgeadais agus geilleagair; agus (iv) deacrachtaí cur ina luí ar Bhallstáit eile tús a chur le himscrúdú comhuaineach nó deacrachtaí ó thaobh dóthain ábhair inghlactha a thabhairt dóibh chun é sin a dhéanamh.

D'fhéadfadh sé nach mbreithneofaí soláthar spontáineach faisnéise faoi Airteagal 7 den Choinbhinsiún MLA 2000 lena Phrótacal 2001 (Coinbhinsiún MLA) mar fhoras leordhóthanach chun imscrúdú a chur ar bun mar gheall ar cheanglais fhianaiseacha difriúla sa Bhallstát is faighteoir rud a bhféadfadh neamh-inghlacthacht fianaise ag céim na trialach a bheith mar thoradh air.

Saincheist eile a thagann chun cinn arís is arís is ea iarrataí MLA a chur i ngníomh, go minic mar gheall ar cheanglais difriúla maidir le sonraí na faisnéise atá san iarraidh, rud a fhágann go mbíonn moill i gceist go dtí go bhfaightear breis faisnéise agus soiléirithe. Cuirtear leis an moill i leith iarrataí MLA a chur i ngníomh nuair a dhéantar iarrataí a sheoladh go comhuaineach trí chainéil dhifriúla, mar gheall ar dhroch-aistriúchán, gan aon bhunachar sonraí láraithe a bheith ann agus mar gheall ar nósanna imeachta a dtógann sé i bhfad iad a chur i gcrích i mBallstáit áirithe. I roinnt cásanna, bhí Eurojust in ann cúnamh a thabhairt chun iarrataí MLA a dhréachtú, na hiarrataí a shainaithint agus a tharchur chuig na húdaráis náisiúnta iomchuí agus comhairle a thabhairt ar na ceanglais fhianaiseacha sna tíortha iarrthacha agus tíortha iarrtha.

Fadhb leanúnach atá le EAWanna a eisiúint is ea diúltú géilleadh i gcásanna ina measann údarás forghníomhaithe nach dóigh go mbronnfar atriail ar an té iarrtha nuair a chiontaítear iad *in absentia*.

I measc na bhfadhbanna eile a chuireann isteach ar chur i ngníomh caoithiúil na EAWanna tá difríochtaí i sainmhínithe coireachta, iarrataí ar bhreis faisnéise, agus ceisteanna a bhaineann le cúrsaí aistriúcháin. Cabhraíonn Eurojust trí idirphlé a éascú idir Ballstáit eisiúna agus forghíomhnaithe agus trí chomhairle a thabhairt chun cabhrú le sainmhíniú coireachta sna dlínsí lena mbaineann a shoiléiriú.

I measc na saincheisteanna eile tá aiseolas teoranta a thugann údaráis náisiúnta do Eurojust maidir le toradh an chúnaimh a iarrtar agus toradh deiridh an cháis, rud a fhágann go mbíonn deacrachtaí ag baint le meastóireacht a dhéanamh ar idirghabháil Eurojust nó le feidhmiú JIT.

Cabhraíonn Eurojust freisin chun bearta comhéigneacha a chomhordú cosúil le barántais chuardaigh agus barántais ghabhála, chomh maith le teagmháil dhíreach a bhunú idir na húdaráis náisiúnta atá páirteach i gcásanna déthaobhacha agus iltaobhacha araon. Is bealach oscailte é Eurojust le haghaidh cumarsáide agus tá ról tábhachtach aige mar idirghabhálaí trí, inter alia, cosc coinbhleachtaí dlínse a éascú. Fágann a idirghabháil thobann go gcuirtear iarrataí MLA i ngníomh láithreach.

Éascaíonn Eurojust malartú faisnéise cásanna trí chruinnithe comhordúcháin agus trí bhunú agus

I 2011, goideadh miotal lómhar arbh fhiú níos mó ná GBP 1 mhilliún é, ina raibh 29 kg óir agus 160 kg airgid, ó thrucail sa Bheilg. Dúirt tiománaí na trucaile go ndearnadh robáil armtha air, agus gur lena linn sin a goideadh an miotal lómhar. Bhí an trucail ag taisteal ón Eilvéis chuig an Ríocht Aontaithe tríd an mBeilg. Ba bhall den OCG é an tiománaí agus bhí comhcheilg ar bun chun an lastas a ghoid.

Tháinig ceist chun cinn maidir le coinbhleacht dlínse, toisc gur gabhadh triúr a raibh amhras fúthu sa Bheilg agus bhí an chuid eile den dream a raibh amhras fúthu sa Ríocht Aontaithe. Réitíodh an cheist sin ag cruinniú comhordúcháin ag Eurojust. Bhí údaráis na Beilge agus na Ríochta Aontaithe in ann teacht ar chomhaontú go ndéanfaí na daoine ar fad a raibh amhras fúthu a ionchúiseamh sa Ríocht Aontaithe.

Tar éis na daoine a raibh amhras fúthu a ghabháil, síníodh comhaontú JIT, rud a chuir ar chumas údaráis sa Ríocht Aontaithe agus sa Bheilg fianaise a roinnt go héasca agus freagairt go tapa chun an dream a raibh amhras fúthu agus a bhí fós ar a dteitheadh a ghabháil. Cinntíodh leis an gcomhoibriú daingean a bhí idir ionchúisitheoirí sa Ríocht Aontaithe agus údaráis phóilíneachta, póilíní na Beilge agus Eurojust gur cuireadh an dlí orthu sin a bhí páirteach sa chás.

I Nollaig 2012, gearradh téarma príosúnachta 23 ½ bliain ar an iomlán ar seisear cosantóirí.

reáchtáil JITanna a mhaoiniú agus a éascú, atá aitheanta mar dhá uirlis éifeachtacha i gcásanna casta.

Cruinnithe comhordúcháin

I 2012, thionóil Eurojust cruinnithe comhordúcháin i ndáil le 194 cás. Bhí an sásra seo luachmhar arís eile d'údaráis náisiúnta i gcásanna lena raibh baint ag Ballstáit nó ag tríú Stáit eile. Déantar cruinnithe comhordúcháin a eagrú ar roinnt cúiseanna, agus cúis amháin thábhachtach is ea chun faisnéis a mhalartú idir na Ballstáit rannpháirteacha. Is é an buntáiste tábhachtach a bhaineann le malartú faisnéise ná go dtugann sé deis do Bhallstáit imscrúduithe a chur ar bun, imeachtaí comhuaineacha féideartha a aithint i mBallstáit eile, fianaise a mhalartú, an ceann is fearr a fháil ar bhacainní teanga, agus iontaoibh fhrithpháirteach a thógáil.

Is féidir cruinniú comhordúcháin a thionól freisin d'fhonn cur i ngníomh LI a éascú agus a chomhordú, rud a shimplíonn dá réir sin, mar shampla, rianú agus calcadh cistí. D'fhéadfaí cúnamh a lorg ag cruinnithe comhordúcháin eile ó thríú Stát, imscrúduithe leanúnacha a chomhordú, nó straitéis chomhchoiteann a shainiú maidir le himscrúduithe i Stáit rannpháirteacha. I roinnt cásanna, d'fhéadfadh sé a bheith mar chuspóir aontú ar obair a roinnt go tairbhiúil idir na húdaráis náisiúnta atá rannpháirteach, nó teacht ar chomhthuiscint maidir leis na húdaráis náisiúnta is fearr a bheidh in ann na coireanna lena mbaineann a ionchúiseamh.

Gné thábhachtach de chruinnithe comhordúcháin, agus ceann ar baineadh leas as go minic i 2012, ná go dtugann siad deis do Stáit gníomh comhchoiteann a phleanáil agus JITanna a bhunú. Ina theannta sin, anuas ar údaráis ó Bhallstáit, féadfaidh ionadaithe as tríú Stáit agus comhlachtaí AE cosúil le Europol agus OLAF freisin, nuair is iomchuí, a bheith rannpháirteach i gcruinnithe comhordúcháin. Le linn 2012, rinneadh ionadaíocht ar thríú Stáit ag 49 gcruinniú comhordúcháin, ar Europol ag 85 agus OLAF ag cúig chruinniú.

Thionscain údaráis na Fraince cás ag Eurojust maidir le OCG as an Albáin a bhí i mbun gáinneála ar hearóin agus cócaon idir an Ísiltír, an Fhrainc agus an Albáin. Bhí teagmhálacha ag an OCG sa Bheilg agus i dtíortha eile ar an mbealach ón bhFrainc go dtí an Albáin (an Iodáil, an Eilvéis, an Spáinn agus b'fhéidir an Ghréig). Seoladh iarrataí ar fhaireachas trasteorann agus cuireadh i ngníomh iad.

Bhí Eurojust i mbun trí chruinniú comhordúcháin chun faisnéis a mhalartú, d'fhonn cur i ngníomh na n-iarrataí faireachais a chomhordú agus saincheisteanna féideartha *ne bis in idem* a phlé. Mar thoradh air sin, pleanáladh lá gníomhaíochta comhchoiteann san Ísiltír, sa Bheilg, sa Fhrainc agus san Eilvéis. Leis na hiarrachtaí comónta sin bhraith na himscrúdaitheoirí iompar drugaí aindleathach amach anseo ón Ísiltír go dtí an Fhrainc.

I Márta 2012, tionóladh lárionad comhordúcháin ag Eurojust d'fhonn malartú rianúil faisnéise a chinntiú le linn an lá gníomhaíochta agus sholáthair Europol tacaíocht anailíseach. Gabhadh daoine a bhí páirteach san oibríocht gáinneála ar dhrugaí agus rinneadh na drugaí a urghabháil. Spreag an lá gníomhaíochta comhchoiteann seo gníomhartha forghníomhaithe dlí ina dhiaidh sin, rud a d'fhág gur gabhadh 17 nduine, cuardaíodh roinnt tithe san Fhrainc agus san Ísiltír, agus gabhadh 12 kg hearóin.

Bhí údaráis na hIodáile, i ndlúth thadhall le póilíní na Fraince agus na hÍsiltíre, dírithe ar an OCG ar feadh thart ar bliain agus sheol siad oibríocht ar chríoch na hIodáile i mBealtaine 2012. D'fhág an oibríocht sin gur cuireadh 13 EAW i gcrích agus gur gabhadh 15 kg cócaon agus 4 kg hearóin.

Mar gheall ar chomh tapa agus chomh solúbtha is a bhí eagraíocht an OCG b'éigean go leor faisnéise a mhalartú idir na húdaráis inniúla náisiúnta, go háirithe idir na comhlachtaí imscrúdaithe sna tíortha lenar bhain an cás. D'éascaigh Eurojust an malartú faisnéise sin a bhí ar bun oíche agus lá, ar feadh thart ar coicís.

Lárionaid chomhordúcháin

Cinntíonn an lárionad comhordúcháin go ndéantar faisnéis a tharchur agus a chomhordú i bhfíor-am idir údaráis le linn gnáth-lá gníomhaíochta ar ghabhálacha, cuardaigh tí/cuideachta agus agallaimh ar fhinnéithe.

Chomh maith le comhordú a éascú ag leibhéal breithiúnach le cur i gcrích EAWanna, LI agus orduithe calctha, éascaítear freisin i lárionad comhordúcháin cinnteoireacht ar an láthair agus freagairtí láithreacha a thugann údaráis bhreithiúnacha náisiúnta ar fhíricí nua arna leaschraoladh ag an lárionad comhordúcháin. Cuireadh ar bun é i 2011 mar uirlis chun deireadh a chur le coireacht thrasteorann ar leibhéal an AE, rinneadh forbairt bhreise ar lárionaid chomhordúcháin agus baineadh leas astu i 2012.

Murab amhlaidh le 2011, tionóladh seacht gcinn de lárionaid chomhordúcháin ag Eurojust. Is iad an Fhrainc (3), an Fhionlainn (1), an Iodáil (1), an Ísiltír (1) agus an Ríocht Aontaithe (1) a thionóil na lárionaid. Dhírigh siad ar na coireanna seo a leanas: inimirce mhídhleathach (3), gáinneáil ar dhaoine (1), gáinneáil ar dhrugaí (1), pornagrafaíocht leanaí (1) agus calaois chánach i ndáil le trádáil aoiligh (1).

Bunaíodh trí lárionad comhordúcháin i gcásanna ina raibh JIT á reáchtáil cheana féin. Faoi chuimsiú an JIT reatha, d'éascaigh an lárionad comhordúcháin comhordú i measc údarás rannpháirteach ó Bhallstáit difriúla agus ceadaíodh fáil réidh le haon easnaimh faisnéise agus comhordú feabhsaithe a bheith idir na húdaráis náisiúnta fiú amháin, trí JIT, áit a raibh comhordú ar bun cheana.

Feabhsaíodh comhoibriú le tríú páirtithe cosúil le Europol. Bhí Europol rannpháirteach i sé cinn de na seacht lárionad comhordúcháin agus thacaigh sé le gníomhaíochtaí comhuaineacha trí shonraí a bhí ag teacht chun cinn agus a seoladh chuig an lárionad comhordúcháin a chrosmheaitseáil, a anailísiú agus a nascadh. Bhí an Eilvéis agus Interpol rannpháirteach go gníomhach freisin i lárionaid chomhordúcháin Eurojust i 2012.

Airteagail 6 agus 7 de Chinneadh Eurojust

Ligeann Airteagail 6 agus 7 de Chinneadh Eurojust do Chomhaltaí Náisiúnta agus don Choláiste moltaí cásoibre a dhéanamh d'údaráis inniúla náisiúnta. Léiríonn na moltaí sin an t-idirphlé leanúnach, laethúil idir na Comhaltaí Coláiste agus a n-údaráis náisiúnta maidir le cúrsaí cásoibre oibríochta, agus tarlaíonn siad go minic mar gheall ar fhaisnéis a chuirtear ar fáil sa LI nó a chuirtear ar fáil le linn cruinnithe comhordúcháin nó caibidlíochtaí neamhfhoirmiúla le húdaráis náisiúnta. Tá cruinnithe comhordúcháin, go deimhin, ar cheann de na huirlisí is minice a úsáidtear.

Is moltaí neamhfhoirmiúla a bhíonn sna moltaí sin go minic. Mar thoradh air sin, ní sholáthraíonn na figiúirí thíos forbhreathnú iomlán ar na moltaí a rinneadh, toisc nach dtagraíonn siad ach do chásanna ina dteastaíonn rian iniúchta oifigiúil ar chinntí breithiúnacha faoi dhlí intíre Ballstáit faoi leith.

Le linn 2012, taifeadadh naoi gcinn de mholtaí foirmiúla faoi Airteagal 6 de Chinneadh Eurojust agus lean na húdaráis náisiúnta go léir na moltaí sin.

Iarrataí chun tabhairt faoi imscrúdú nó ionchúiseamh gníomhartha sonracha – Airteagal 6(1)(a)(i)

D'eisigh Deasc na hIodáile dhá iarraidh faoi Airteagal 6(1)(a)(i).

Iarrataí chuig údaráis inniúla le glacadh go bhféadfaidh ceann acu a bheith níos fearr chun tabhairt faoi imscrúdú nó gníomhartha sonracha a ionchúiseamh – Airteagal 6(1)(a)(ii)

D'eisigh Deasc na Spáinne dhá iarraidh ar bhonn na forála sin.

Iarrataí chuig údaráis inniúla chun comhordú a dhéanamh idir údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann – Airteagal 6(1)(a)(iii)

Eisíodh iarraidh amháin faoi Airteagal 6(1)(a)(iii). D'iarr Deasc na Spáinne cruinniú comhordúcháin le húdaráis na Beilge chun dul i ngleic le hábhar a bhain le haisghabháil sócmhainne i gcás coireachta eagraithe agus sciúradh airgid.

Iarrataí chun aon fhaisnéis a sholáthar atá riachtanach don Chomhalta Náisiúnta chun a gcuid tascanna a chomhlíonadh – Airteagal 6(1)(a)(vii); agus iarrataí chun aon bheart eile a ghlacadh a bhfuil údar leis chun críocha an imscrúdaithe nó ionchúisimh – Airteagal 6(1)(a)(vii)

Eisíodh trí iarraidh ar bhonn Airteagal 6(1)(a)(v) agus (vii). Iarradh ar údaráis na Spáinne soláthar faisnéise agus bearta imscrúdaitheacha eile a éascú (éisteacht daoine a bhfuil amhras fúthu agus íospartaigh) i gcás calaoise agus góchumtha euro sa Bheilg.

Iarrataí chun bearta imscrúdaitheacha speisialta a ghlacadh – Airteagal 6(1)(a)(vi)

I gcás calaoise, brionnaithe agus sciúradh airgid, iarradh ar údaráis na Spáinne cuardaigh tí a dhéanamh agus imscrúduithe a thionscnamh faoi Airteagal 6(1)(a)(vi).

Coinbhinsiúin um Chúnamh Dlíthiúil Frithpháirteach

Is iad an dá uirlis is mó a úsáidtear le haghaidh comhar breithiúnach laistigh den Aontas Eorpach ná Coinbhinsiún MLA agus Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Cúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla lena Phrótacail (Coinbhinsiún 1959). Feictear a gcur i bhfeidhm mar rud dearfach agus éifeachtach tríd is tríd.

Tagann deacrachtaí eile chun cinn toisc nach bhfuil an Coinbhinsiún MLA daingnithe ag gach Ballstát. Ní féidir a rá áfach gur constaic é an cás sin, mar shampla, nuair a bhunaítear JIT, má chuir an Ballstát sin an Creat-Chinneadh maidir le JITanna i bhfeidhm, nó chun éisteacht a dhéanamh trí fhíschomhdháil, ar féidir é a dhéanamh freisin ar bhonn Choinbhinsiún 1959 nó prionsabal na cómhalartachta nó nuair a cheadaítear in ainneoin sin lena reachtaíocht intíre bearta den sórt sin a ghlacadh.

Bíonn deacrachtaí ann i gcónaí a bhaineann le hidircheapadh teileachumarsáide agus faireachas trasteorann, úsáid neamhdhóthanach nó neamhleor as an uirlis malartaithe spontáineach faisnéise, agus nuair nach dtugtar teorainneacha ama le fios in iarrataí práinneacha agus meastar gur réimsí iad sin is cóir a fheabhsú.

Is féidir le fadhbanna praiticiúla teacht chun cinn i gcás nach gcomhlíonann iarrataí MLA an leibhéal riachtanach sonraí sa staid chur i ngníomh, rud a mbíonn éiginnteachtaí agus a bhféadfadh neamh-fhorghníomhú na n-iarrataí a bheith mar thoradh air. Bíonn tuilleadh fadhbanna ann fós maidir le heaspa nó moill le haiseolas agus faisnéis maidir le dul chun cinn chur i ngníomh na n-iarrataí MLA ón mBallstát iarrtha. Tá fadhb leis sin go háirithe i gcásanna práinne ina bhfuil daoine a bhfuil amhras fúthu á gcoimeád, nó nuair nach mbeadh torthaí ann laistigh den fráma ama dian a thugtar nuair a úsáidtear cainéil eile. Tá iarrtha ag údaráis náisiúnta ar Eurojust d'fhonn teagmhálacha neamhfhoirmiúla a éascú i gcásanna den sórt sin, rud lena mbrostaítear an próiseas go mór. Moladh praiticiúil a dhéantar le hionchúisitheoirí náisiúnta is ea teorainneacha

Chuir OCG a bhí bunaithe sa Bhulgáir agus sa Spáinn iallach ar íospartaigh arbh as an mBulgáir den chuid is mó iad dul i mbun striapachais sa Spáinn. D'earcaigh brainse an OCG sa Bhulgáir íospartaigh ó phobail leochaileacha trí dheiseanna oibre a thairiscint dóibh thar lear. Tugadh na híospartaigh chuig an Spáinn agus coinníodh a gcuid pasanna. Chuir brainse an OCG sa Spáinn iallach ar na híospartaigh dul i mbun striapachais sa Spáinn trí bhagairtí agus foréigean fisiciúil.

Cuireadh tús leis an imscrúdú tar éis do dhuine de na híospartaigh éalú agus Ambasáid na Bulgáire a shroicheadh i Maidrid, agus chuaigh siad i dteagmháil láithreach bonn le húdaráis na Spáinne. Chuir siad imscrúdú ar bun agus cuireadh deireadh de réir a chéile leis an ngrúpa sa Spáinn. Bhí údaráis bhreithiúnacha sa dá thír i mbun imeachtaí coiriúla in aghaidh an ghrúpa sin, agus de réir mar a bhí an dá dhlínse ag cur isteach iarrataí ar MLA, chláraigh Deasc na Spáinne cás ag Eurojust chun cúnamh a fháil maidir le comhordú na ngníomhaíochtaí seo.

Bhí Eurojust i mbun cruinnithe comhordúcháin áit a raibh an dá thoscaireacht in ann staid a gcuid imscrúduithe a phlé go díreach. Ag an gcruinniú, tháinig siad ar chomhaontú maidir le roinnt gnéithe tábhachtacha. Ar an gcéad dul síos, chinntigh an dá dhlínse go gcuirfí na hiarrataí a bhí ar feitheamh i ngníomh go tapa. Ansin, cuireadh cosc ar chás *ne bis in idem* féideartha trí chuntas a thabhairt ar na himeachtaí náisiúnta. Dhírigh an Bhulgáir ar ghníomhaíochtaí sciúradh airgid a chosc, ar thacaigh an Spáinn leo trí fhianaise a sholáthar maidir le tréithe eagraithe an ghrúpa a bhí á imscrúdú. Dhírigh an Spáinn ar na cúisimh gháinneála agus na cúisimh maidir le teacht i dtír gnéasach ar leanaí a ionchúiseamh, agus chuir an Bhulgáir agallamh ar fhinnéithe a bhí ag cur fúthu ina críoch ina leith sin. Chuir an Bhulgáir clár tearmann finné i ngníomh freisin do theaghlach íospartaigh sa Spáinn.

Chuidigh rannpháirtíocht Eurojust go mór le bunchloch a leagan chun forbairt bhreise a dhéanamh ar na hionchúisimh náisiúnta.

ama intíre a thabhairt le fios in LI práinneacha agus freisin an t-am inmhianaithe chun an iarraidh a chur i ngníomh.

Saincheisteanna i ndáil le bailiú agus inghlacthacht fianaise

Mar a tugadh faoi deara freisin i 2011, mar gheall ar rialacha difriúla maidir le fianaise a bhailiú, maidir le hinghlacthacht agus nochtadh fianaise, cruthaítear deacrachtaí i gcónaí ó thaobh coireacht thromchúiseach thrasteorann a throid go héifeachtúil. Toisc difríochtaí sna rialacha maidir le coimeád sonraí, go háirithe i gcásanna a bhaineann le cibearchoireacht agus coireanna eile ina mbaineann daoine atá faoi amhras leas as teileachumarsáid chun idirghníomhú le chéile, tarlaíonn líon méadaithe fadhbanna dá réir. I gcásanna den sórt sin, tá am fíorthábhachtach, go háirithe i mBallstáit ina bhfuil an t-am a leithdháiltear i gcomhair coimeád sonraí an-teoranta go deo.

Tá éagsúlacht sa reachtaíocht intíre maidir le fianaise a fháil. Fágann an cás sin, ina dteastaíonn eolas ar na córais dlí lena mbaineann, go bhfuil cúnamh Eurojust thar a bheith luachmhar. I gcás a bhain le náisiúnach as an tSlóivéin, rinne an abhcóide cosanta an argóint nach raibh an fhianaise a bailíodh le linn oibríocht idirnáisiúnta sa Ghearmáin d'fhonn déantóir na coire a aithint i gcomhréir le reachtaíocht na Gearmáine agus dá bhrí sin go raibh sí inghlactha i gcúirt na Slóivéine. Chuidigh Eurojust go rathúil le húdaráis bhreithiúnacha na Slóivéine faisnéis a fháil ar na forálacha nós imeachta coiriúla is infheidhme sa Ghearmáin. Nuair a dhéantar malartú díreach faisnéise agus nuair a phléitear na córais dlí éagsúla i gcruinnithe comhordúcháin cuirtear cosc ar dheacrachtaí agus rannchuidíonn siad chun fadhbanna a bhaineann le fianaise a bhailiú agus inghlacthacht fianaise a réiteach, lena n-áirítear in JITanna.

Trí rialacha náisiúnta a dhéanamh maidir le fianaise a bhailiú agus inghlacthacht fianaise atá ar fáil do Bhallstáit eile rannchuidítear le comhroinnt eolais agus le constaicí coiscthe. Is féidir le Eurojust feidhmiú mar lárionad saineolais um dhea-chleachtais sa réimse seo.

Nuair a bhunaítear JITanna, dea-chleachtas eile a forbraíodh ag Eurojust is ea forálacha maidir le hinghlacthacht fianaise agus oibleagáidí nochta a chur san áireamh sa chomhaontú JIT, rud a chuidíonn chun fadhbanna a chosc ag céim níos déanaí.

D'fhéadfadh glacadh Treorach maidir leis EIO sa todhchaí réiteach na ndeacrachtaí a sainaithníodh sa réimse seo a éascú.

Cosc agus réiteach coinbhleachta dlínse

Baineann Eurojust úsáid fhoirmiúil theoranta as a chumhachtaí moltaí a dhéanamh d'fhonn coinbhleachtaí dlínse deimhneacha nó diúltacha a chosc agus a réiteach.

Go minic, tarlaíonn sé i gcás ina bhfuil dlínse ag dhá Bhallstát nó níos mó, i gcomhréir lena ndlí intíre, ar chás; go réitítear formhór na gcásanna le cúnamh Eurojust agus gan iarraidh fhoirmiúil a chlárú leis na Ballstáit lena mbaineann. Leis sin, tá cruinnithe comhordúcháin aitheanta mar uirlis an-áisiúil, rud lena gceadaítear plé agus comhaontú luath idir na húdaráis inniúla atá páirteach in imscrúduithe comhuaineacha. Aithnítear easpa faisnéise, uaireanta, mar chonstaic ó thaobh coinbhleachtaí dlínse a chosc. Meastar gur dea-chleachtais é soiléiriú a thabhairt ar raon na n-imscrúduithe idirghaolmhara agus luath-ullmhúchán agus anailís a dhéanamh roimh na gcruinnithe comhordúcháin.

Tá ról coisctheach den chuid is mó ag Eurojust trí mhalartú tuairimí neamhfhoirmiúil a spreagadh go luath. Tá réamhrá cuimsitheach maidir leis an ábhar sin le fáil in Treoirlínte *maidir le cinneadh a dhéanamh faoi "Cén dlínse inar chóir ionchúiseamh a dhéanamh?"*, atá i dTuarascáil Bhliantúil Eurojust 2003.

Bhí baint ag Eurojust i gcásanna diúltacha coinbhleachtaí dlínse, i gcás nár mheas aon Bhallstát go raibh sé féin sa chás ab fhearr chun imscrúdú agus/nó ionchúiseamh a dhéanamh. In Iúil 2012, ghlac an Coláiste leis na *Treoirlínte maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 7(2) agus (3) de Chinneadh Eurojust*, ina ndéantar cur síos ar an nós imeachta riaracháin inmheánach maidir le coinbhleachtaí dlínse a réiteach agus diúltaithe nó deacrachtaí arís is arís eile maidir le hiarrataí a chur i ngníomh maidir le comhar breithiúnach, lena n-áirítear ionstraimí lena dtugtar éifeacht don phrionsabal maidir le haitheantas frithpháirteach.

Aistriú imeachtaí coiriúla

Lean formhór na mBallstát ag úsáid Coinbhinsiún 1972 na hEorpa maidir le hAistriú Imeachtaí in Ábhair Choiriúla nó Coinbhinsiún 1959 (Airteagal 21) i gcomhcheangal le hAirteagal 6(1) an mhír dheiridh

de Choinbhinsiún MLA. Bhain roinnt Ballstát leas freisin as Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe i gcoinne Coireacht Eagraithe Trasnáisiúnta (Airteagal 21). Bíonn deacrachtaí le húsáid na n-ionstraimí dlí difriúla sin agus ansin spreagtar na húdaráis náisiúnta chun cabhair a lorg ó Eurojust.

Bhí Eurojust in ann cúnamh a thabhairt sna cásanna sin trí theagmhálacha neamhfhoirmiúla a éascú idir Ballstáit agus imscrúdú neamhfhoirmiúil a dhéanamh ar an dóchúlacht go ndéanfar an t-aistriú sula n-eisítear iarraidh oifigiúil. Ó am go ham, comhaontaíodh aistriú imeachtaí ag cruinniú comhordúcháin mar chuid de chomhaontú maidir le dlínse chun ionchúiseamh a dhéanamh, agus déantar an t-aistriú féin trí EAWanna agus LI a eisiúint agus a chur i ngníomh, más gá.

Bíonn cúiseanna éagsúla leis na deacrachtaí a bhíonn le himeachtaí coiriúla a aistriú. I measc fachtóirí eile, ní mór don fhianaise a bhailítear a bheith inghlactha i gcúirt an Bhallstáit iarrtha (féach *Saincheisteanna maidir le bailiú agus inghlacthacht fianaise* thuas), agus ní mór leas soiléir a léiriú ar thaobh an Bhallstáit iarrtha chun glacadh le haistriú na n-imeachtaí. Nuair a iarrann an Ballstát ar mian leis an iarraidh a fháil an t-aistriú, i.e. ar mian leis ionchúiseamh a dhéanamh, tagann deacrachtaí chun cinn uaireanta má tá baol ann go bhféadfadh an t-aistriú cur isteach ar imscrúdú leanúnach nasctha sa Bhallstát iarrtha.

Tagann deacrachtaí chun cinn freisin mar gheall ar rialacha substainteacha agus gnásúla. Ní mór aistriúchán a bheith déanta ar an gcomhad iomlán sular féidir le húdaráis náisiúnta an cinneadh a ghlacadh, agus ní féidir le Deasca Náisiúnta ag Eurojust réamh-mheasúnú a thabhairt ach amháin nuair atá sé bunaithe ar achoimrí cáis a chuirtear ar fáil roimh ré.

Malartú taifid choiriúla

Ní raibh aon deacrachtaí móra ag Eurojust taifid choiriúla a mhalartú, agus aon uair a raibh deacrachtaí ann, is minic gur cinn phraiticiúla a bhí i gceist.

I mBallstáit nach bhfuil an Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla (ECRIS) ag feidhmiú iontu go fóill, éascaítear iarrataí ar mhalartú taifid choiriúla uaireanta trí leas a bhaint as na Coinbhinsiúin MLA. Is féidir le deacrachtaí teacht chun cinn nuair nach mbíonn rochtain ag Deasca Náisiúnta ar thaifid choiriúla nó nuair atá na taifid i seilbh údarás náisiúnta difriúil (e.g. póilíní agus údaráis bhreithiúnacha) agus nuair nach bhfuil aon bhunachar sonraí láraithe de thaifid choiriúla ann. I gcásanna práinneacha, bhí Eurojust in ann fáil na dtaifead coiriúla a éascú.

Tharla deacrachtaí ó am go chéile mar gheall ar shainmhínithe difriúla ar choireanna sna Ballstáit,

Fad is a bhíothas ag déileáil le cur i ngníomh na dtrí EAW ón nGréig maidir le náisiúnach de chuid na Sualainne, fuair údaráis na Beilge EAW nua arna eisiúint ag údaráis na Cipire maidir leis an duine céanna. Leis an iarraidh nua, cuireadh iallach ar na húdaráis cur i ngníomh EAWanna na Gréige a chur ar fionraí (ceadaithe cheana féin ag Cúirt Achomhairc na Beilge).

D'iarr Ionchúisitheoir Feidearálach na Beilge comhairle Eurojust maidir leis an mBallstát inar chóir an duine a thabhairt suas. Chuaigh Deasc na Beilge i gcomhairle le Deasc na Gréige agus na Cipire d'fhonn faisnéis a fháil maidir leis na féidearthachtaí dlí, cosúil le go bhféadfaí an duine a aistriú chuig an mBallstát eile le linn an imscrúdaithe, ionchúisimh nó nuair a bheadh pianbhreitheanna á ngearradh. Chuaigh Deasc na Beilge i gcomhairle freisin leis na Ballstáit rannpháirteacha maidir le tuairimí na n-údarás baile lenar bhain an cás.

Ag cur na faisnéise a fuarthas san áireamh, mhol Deasc na Beilge go dtabharfaí an duine suas don Ghréig. D'aontaigh údaráis na Beilge leis an moladh. Tar éis an ceathrú EAW forlíontach ón nGréig a ghlacadh, tugadh an té a bhí i gceist suas don Ghréig, agus chinntigh sé sin go gcuirfí EAW na Cipire i ngníomh. Le cúnamh ó Eurojust, bhí na trí Bhallstát lenar bhain an cás in ann cur i ngníomh na n-iarrataí a chomhordú ar bhealach tapa agus éifeachtúil.

rud a d'fhág éiginnteacht maidir leis an gcion i ndáiríre. I measc na saincheisteanna gaolmhara bhí an méid faisnéise a bhí sa taifead coiriúil, a measann roinnt Ballstát nach leor é faoina reachtaíocht intíre, rud a fhágann moill fad is a bhítear ag déileáil leis an iarraidh ar bhreis faisnéise.

I roinnt cásanna, nuair a fhaightear taifid choiriúla, déantar tagairt d'fhoráil dlí gan cuntas a thabhairt ar an gcion coiriúil. Sna cásanna sin, iarrann an Ballstát iarrthach cúnamh go minic ar Eurojust chun an reachtaíocht ábhartha a fháil d'fhonn an cheist a shoiléiriú.

Bíonn aimhréidheanna agus moill i gceist nuair a iarrann breithimh i mBallstáit áirithe cóip den bhreithiúnas bunaidh iomlán agus aistriúchán de, agus is minic go gcaitear LI a eisiúint d'fhonn cóip den bhreithiúnas a fháil, toisc nach leor é an sliocht as an taifead coiriúil (chun pianbhreith a ghearradh).

Tagann deacrachtaí breise chun cinn i gcás ina ndéanann duine a ionchúisítear i mBallstát amháin an argóint gur ciontaíodh é as an gcion céanna roimhe sin i mBallstát eile. D'fhéadfadh sé nach mbeadh an Ballstát in ann an líomhain sin a dheimhniú mar gheall ar chaighdeáin náisiúnta difriúla chun aitheantas duine a dheimhniú, rud a fhágann go bhféadfadh taifeadadh míchruinn a bheith déanta ar a shonraí pearsanta.

Barántais Ghabhála Eorpacha

I 2012, cláraíodh 259 cás a bhain le cur i ngníomh EAWanna ag Eurojust, arbh ionann iad agus 16.8% de na cásanna ar fad a cláraíodh ag Eurojust. Bhain a bhformhór (252) le héascú chur i ngníomh na EAWanna. Ag leanúint treocht blianta roimhe seo, rinne Deasc na Polainne an líon ba mhór iarrataí, agus ina dhiaidh sin bhí Deasca na Beilge agus na Sualainne.

Fuair Deasc na Spáinne an líon ba mhó iarrataí, agus ina dhiaidh sin Deasca na Gearmáine agus na Polainne.

Láimhseáil an Coláiste dhá cheist níos ginearálta freisin a bhain le cur i bhfeidhm an EAW. Bhain an chéad cheist le faisnéis a bhailiú ar cibé an bhfuil an t-údarás ag údarás sna Ballstáit nach bhfuil an chumhacht acu barántais intíre a eisiúint EAWanna a eisiúint, agus maidir le cibé acu ar dhiúltaigh údaráis/cúirteanna na mBallstát EAW a chur i ngníomh toisc nach bhfuil sé de chumhacht ag an údarás a d'eisigh é barántais ghabhála intíre a eisiúint.

Bhain an dara ceist a breithníodh ar cibé, ó tugadh isteach an scéim EAW, ar dhiúltaigh aon Bhallstát géilleadh ar an mbunús nach meastar gur "údarás breithiúnach" é Aireacht Dlí an stáit eisithe de bhun Airteagal 6(1) de Chreat-Chinneadh 2002/584/CGB maidir leis an mBarántas Gabhála Eorpach (Creat-Chinneadh maidir leis an EAW) ag údaráis an Bhallstáit fhorghníomhaithe.

Cásanna i ndáil le hiarratais iolracha EAW

Faoi Airteagal 16(2) den Chreat-Chinneadh maidir leis an EAW, féadfaidh an t-údarás breithiúnach forghníomhaithe comhairle Eurojust a lorg nuair atá cinneadh á dhéanamh faoi cén ceann de na EAWanna arna n-eisiúint ag dhá Bhallstát nó níos mó don duine céanna a chuirfear i ngníomh. Tháinig méadú go dtí sé chás ar líon na n-uaireanta ar iarradh go foirmiúil ar Eurojust comhairle a thabhairt i 2012 i gcomparáid le ceithre chás i 2011. Lorgaítear saineolas Eurojust sa réimse seo go rialta, cibé trí chaibidlíocht nó theagmháil dhíreach leis na húdaráis lena mbaineann, agus tugtar an saineolas sin ag cruinnithe comhordúcháin.

Sna sé chás dá dtagraítear thuas, chabhraigh Eurojust chun comhaontú a bhaint amach idir na Ballstáit lenar bhain an cheist faoi cén EAW ar chóir tosaíocht a thabhairt dó, lena n-áirítear, nuair a bhíonn práinn leis, socruithe maidir le tabhairt suas ina dhiaidh sin agus an duine a rabhthas ar a thóir a thabhairt suas go sealadach. Leanadh comhairle Eurojust i ngach ceann den sé chás. Cuireadh *Treoirlínte Eurojust maidir le himeachtaí inmheánacha i dtaca le tuairim Eurojust i gcás Barántais Ghabhála Eorpacha a bhí in iomaíocht le chéile*, arna nglacadh i Meitheamh 2011, i bhfeidhm. I gcás amháin, thángthas ar chomhaontú maidir leis an tosaíocht a thabharfaí ag cruinniú comhordúcháin agus lean an chúirt intíre a bhí i mbun cinnidh ar an ábhar comhairle Eurojust agus luaigh sé, ina bhreithiúnas, an comhaontú ar thángthas air ag Eurojust le linn an chruinnithe chomhordúcháin.

Cásanna i ndáil le sárú na dteorainneacha ama

I gcás, in imthosca eisceachtúla, nach féidir le Ballstát na teorainneacha ama dá bhforáiltear in Airteagal 17 den Chreat-Chinneadh maidir leis an EAW a chomhlíonadh, cuirfidh sé Eurojust ar an eolas maidir leis, agus na cúiseanna atá leis an moill. I 2012, cláraíodh 94 sárú ar theorainneacha ama ag Eurojust. Bhí gníomh breise de dhíth i gcás péire de na cásanna sin. Murab amhlaidh le blianta roimhe seo, bhí an líon ba mhó sáruithe in Éirinn. Rinne Poblacht na Seice, an Bhulgáir, an tSlóivéin agus an Spáinn tagairt do

chásanna eile. Mar a tugadh faoi deara blianta roimhe seo, tugtar le fios i staitisticí AE go dtarlaíonn níos mó sáruithe ná mar a chláraítear ag Eurojust.

D'fhág cás amháin, maidir le léirmhíniú Airteagal 28(2) den Chreat-Chinneadh maidir leis an EAW, go raibh cinneadh le déanamh ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 28 Meitheamh 2012 (C-192/12). D'iarr an t-ionchúisitheoir ón bhFionlainn a bhí ag láimhseáil na n-imeachtaí EAW faisnéis ón Ríocht Aontaithe, trí Eurojust, maidir le conas a d'fhéadfaí borradh a chur faoin nós imeachta i gcás go dteastódh toiliú ón Ríocht Aontaithe chun an duine iarrtha a thabhairt suas ón bhFionlainn go dtí an Fhrainc. Bhí sé mar aidhm ag Eurojust sárú féideartha ag an bhFionlainn ar na teorainneacha ama faoi Airteagal 17 den Chreat-Chinneadh maidir leis an EAW a chosc. Bhí Eurojust in ann an cúnamh ba ghá a thabhairt ar bhealach tráthúil.

Is iad na príomhchúiseanna go raibh moill ar chur i ngníomh EAWanna ná gur thóg imeachtaí achomhairc píosa fada, agus iarrataí ar fhaisnéis bhreise, mar gheall gur éalaigh daoine iarrtha agus iad ar bannaí, agus mar gheall ar an líon mór EAWanna.

Saincheisteanna aitheanta i gcur i bhfeidhm praiticiúil an EAW

Lean Eurojust lena ról suntasach ó thaobh tarchur faisnéise a éascú, ó thaobh ceanglais dlí na n-údarás eisiúna agus forghníomhaithe a shoiléiriú, agus ó thaobh luas a chur faoi chur i ngníomh na EAWanna tríd is tríd. I gcásanna práinne, bhí tábhacht faoi leith leis an gcúnamh a thug Eurojust. I gcás amháin den sórt sin, tugadh cúnamh go tapa ag deireadh cruinniú iomlánach Coláiste, agus i gceann eile, bhí Eurojust in ann comhairle agus treoir a thabhairt trí OCC, rud a raibh géilleadh tráthúil mar thoradh air.

Ar 16 Deireadh Fómhair 2012, tháinig na nósanna imeachta um thabhairt suas do Bharántas Gabhála Nordach idir na tíortha Nordacha (an Danmhairg, an Fhionlainn, an Iorua agus an tSualainn) i bhfeidhm, rud a chiallaigh go mbainfear leas as an mBarántas Gabhála Nordach, seachas an Creat-Chinneadh maidir leis an EAW, i nósanna imeachta um thabhairt suas idir an Fhionlainn, an Danmhairg agus an tSualainn. Níor tuairiscíodh gur tharla aon rud ó shin.

Tá saincheisteanna praiticiúla agus dlíthiúla fós le sárú ag cleachtóirí ó thaobh chur i ngníomh EAWanna. D'aithin Eurojust iad seo a leanas ina chásobair:

- Bhí droch-aistriúchán déanta ar an EAW.
- Bhí moill i gceist mar gheall nach raibh dóthain faisnéise nó faisnéis neamhleor san EAW maidir leo seo a leanas: (i) tuairisc ar na fíricí, lena n-áirítear an nasc a theastaíonn chun an ceangal idir an duine a bhfuiltear á lorg agus an cion coiriúil a thaispeáint, (ii) na cionta coiriúla, (iii) an phianbhreith a gearradh nó a fhoráiltear i gcás roinnt de na cionta nó iad ar fad, nó (iv) comhiomlánú pianbhreitheanna i bpianbhreith deiridh tar éis chur i ngníomh an EAW arna eisiúint chun roinnt pianbhreitheanna a fhorghníomhú.
- Cumarsáid mhall idir na húdaráis inniúla.
- Moill a bhain le nósanna imeachta údarúcháin a sheoladh, toisc go bhfuil rialacha nós imeachta agus teorainneacha ama difriúla ag Ballstáit sna gnásanna sin.
- Cásanna ina n-iarrtar an chóip bhunaidh nó cóip dheimhnithe den EAW aistrithe trí Eurojust agus gan ach fógra gearr a thabhairt roimh éisteachta EAW.
- Moill i gcásanna ina n-iarrtar ráthaíochtaí a bhaineann le náisiúnaigh féin a thabhairt suas agus ina bhfuil an t-údarás atá inniúil na ráthaíochtaí a eisiúint (an Aireacht Dlí) difriúil ón údarás (an Oifig um Ionchúiseamh Poiblí) atá inniúil chun an EAW a eisiúint agus faisnéis bhreise a thabhairt maidir leis sin.
- Moill ó thaobh na n-údarás breithiúnach forghníomhaithe an fhaisnéis a sholáthar faoi Airteagal 26(2) den Chreat-Chinneadh maidir leis an EAW, ina gcuimsítear riosca go gcoinnítear an duine iarrtha thar na dteorainneacha a fhoráiltear i reachtaíocht infheidhme an Bhallstáit eisiúna.
- Saincheisteanna dlíthiúla a bhaineann le cibé an meastar Aireacht Dlí a bheith ina údarás breithiúnach de bhun Airteagal 6(1) den Chreat-Chinneadh maidir leis an EAW, agus dá bhrí sin cibé an bhfuil sé inniúil chun EAWanna a eisiúint.
- Saincheisteanna comhréireachta sa Bhallstát forghníomhaithe, a bhain le hionchúiseamh éigeantach sa Bhallstát eisiúna, as a dtagann eisiúint iomarcach EAWanna, agus deacrachtaí níos mó i gcásanna nach gcomhlíontar an ceanglas maidir le coiriúlacht dhúbailte (Airteagal 2(2) den Chreat-Chinneadh maidir leis an EAW).
- Costais a thabhaítear le tabhairt suas.

- Moill ó thaobh toiliú a fháil chun cionta breise a ionchúiseamh (riail na speisialtachta, Airteagal 27 den Chreat-Chinneadh maidir leis an EAW).

- Cineálacha cur chuige difriúla maidir le pianbhreitheanna *in absentia* agus an ceart ar atriail, toisc nár chuir gach Ballstát Creat-Chinneadh na Comhairle 2009/299/CGB i bhfeidhm lena leasaítear an Creat-Chinneadh maidir leis an EAW maidir le ceart ar atriail, rud a bhféadfadh diúltú do chur i ngníomh EAW a bheith mar thoradh air.

- Úsáid as bealaí difriúla chun an EAW a tharchur (Iarraidh ar Fhaisnéis Bhreise ag an Iontráil Náisiúnta (SIRENE), Interpol, Giúistísí Idirchaidrimh, an Gréasán Breithiúnach Eorpach (EJN) agus Eurojust), gan faisnéis go bhfuil an EAW á sheoladh trí chainéal ar leith.

- Cásanna ina bhfuil an duine a ordaíodh a thabhairt suas scaoilte amach ar bhannaí ach ar theip air teacht i láthair mar a hordaíodh dó a dhéanamh.

- Nuair a eisíonn údaráis bhreithiúnacha difriúla sa Bhallstát céanna roinnt EAWanna, cruthaítear éiginnteacht maidir le cén EAW atá mar bhunús ag an tabhairt suas.

Orduithe calctha

Cé go bhfuil sé trasuite i bhformhór na mBallstát, ní úsáidtear go forleathan fós an Creat-Chinneadh 2003/577/CGB ón gComhairle maidir le horduithe lena ndéantar réadmhaoin nó fianaise a chalcadh a chur i ngníomh san Aontas Eorpach (Creat-Chinneadh 2003). Mar thoradh air sin, tarlaíonn sé amanna go mbíonn macasamhlacha i mBallstáit eile os comhair na n-údarás breithiúnach a bhaineann úsáid as an ordú calctha agus a aithníonn, *inter alia*, an breisluach a bhaineann leis an spriocdhátaí dochta a fhoráiltear leis sin agus ní bhíonn aon chur amach ag na macasamhlacha sin ar an ionstraim seo nó ní bhíonn siad in ann í a úsáid. Bíonn an ceann deiridh ag brath ina ionad sin ar LI traidisiúnta i gcomhréir le Coinbhinsiúin 1959 agus MLA, chomh maith le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa 1990 maidir le sciúradh, cuardach, urghabháil agus coigistiú a dhéanamh ar na fáltais ó choireacht, ina féidir a áireamh iarrataí ar shócmhainní a shainaithint, a chalcadh agus a choigistiú.

Taispeántar i gcásobair Eurojust i 2012 go ndealraíonn sé go leanann an cás ar aghaidh mar thoradh ar: (i) raon teoranta Chreat-Chinneadh 2003 (ní cheadaítear sainaithint, calcadh agus coigistiú leis in aon iarraidh amháin), (ii) an deacracht a bhaineann le hordú calctha a úsáid nuair a thagann an fhianaise atá le calcadh, i ngan fhios do na húdaráis eisiúna ag tráth dréachtaithe na hiarrata, chun solais ag céim níos déanaí san imscrúdú, agus (iii) tuairim ghinearálta go mbaineann foirmiúlachtaí liopasta breise le Creat-Chinneadh 2003.

Ó am go ham, tagann deacrachtaí breise le deighilt shonrach dhlínsiúil inmheánach roinnt Ballstát i gcásanna ina mbaineann orduithe calctha le sócmhainní atá suite i ndlínsí inmheánacha difriúla.

Eascraíonn deacrachtaí freisin ó am go ham toisc nach bhfuil aon chlár/bhunachar sonraí lárnach náisiúnta ann d'imeachtaí leanúnacha i gcás orduithe calctha ar leithligh agus nach bhfuil nasctha i dtaca leis na sócmhainní céanna.

Toisc nach bhfuil cur chun feidhme ná úsáid uilíoch i gceist le Creat-Chinneadh 2003 géaraítear ar chás nach smaoiníonn gach Ballstát fós ar chalcadh (agus coigistiú) sócmhainní ag céim luath d'imscrúduithe nó ionchúisimh a dhéantar ar choireacht thromchúiseach thrasteorann. Is léiriú den chás sin an líon sách beag iarrataí a dhéanann Eurojust chun cur i ngníomh orduithe calctha a éascú.

D'aithin cásobair Eurojust iad seo a leanas mar dhea-chleachtais: (i) iarraidh a chur san áireamh, laistigh den chéad iarraidh ar chalcadh, ar dhíolachán luath sócmhainní calctha (nuair is cinn somheata iad, nuair a chailleann siad a luach le himeacht ama nó nuair atá costais arda bainistíochta i gceist leo) roimh choigistiú, (ii) machnamh luath a dhéanamh ar riaradh cistí ag feitheamh ar chinneadh deiridh, agus (iii) ag meabhrú a gcuid oibleagáidí tuairiscithe d'údaráis náisiúnta faoi Chreat-Chinneadh 2003. I gcás amháin, le cúnamh Eurojust bhíothas ábalta orduithe calctha a chur i ngníomh i mBallstát amháin an lá céanna a ndearnadh roinnt gabhálacha agus cuardach i mBallstát eile.

I 2012, láimhseáil an Coláiste saincheist ghinearálta a bhain le horduithe calctha, le faisnéis a bhailiú maidir le reachtaíocht náisiúnta i dtaca leis an bhféidearthacht réadmhaoin a bheadh le húsáid in imeachtaí sibhialta a urghabháil agus cibé an mbeadh Creat-Chinneadh 2003 infheidhme. Bhí Eurojust rannpháirteach freisin sna cainteanna le déanaí a bhí ar siúl ag Clár Oibre Oifigí Gnóthaithe Sócmhainní (ARO) trí bhíthin a Phointe Teagmhála ARO, agus mar bhreathnóir sa chúigiú babhta cómheastóireachtaí maidir le coireacht airgeadais agus imscrúduithe airgeadais.

Coigistiú agus aisghabháil sócmhainní

Níl Creat-Chinneadh 2006/783/CGB maidir le cur i bhfeidhm an phrionsabail maidir le haitheantas frithpháirteach i dtaca le horduithe coigistithe agus Creat-Chinneadh 2005/212/CGB maidir le fáltais, ionstraimeachtaí agus maoin a bhaineann le coireacht a choigistiú curtha i bhfeidhm go hiomlán ag gach Ballstát, rud a fhágann dá bhrí sin go bhfuil na forais choiteanna le haghaidh coigistithe agus aitheantas na n-orduithe coigistithe éiginnte. Tá an reachtaíocht i réimse an choigistithe fós an-difriúil ó Bhallstát go Ballstát, agus tá an rud céanna fíor i gcás coincheapa sonracha cosúil le coigistiú sínte, coigistiú nach bhfuil aon chiontú i gceist leis, agus coigistiú bunaithe ar luach.

Tá cásobair aisghabhála sócmhainní agus coigistithe Eurojust fós teoranta agus léiríonn sé go mbíonn nósanna imeachta fadálacha ann i gcónaí. Is ról éascaíochta agus idirghabhála is mó a bhíonn ag Eurojust i gcásanna den sórt sin. Cuidíonn Eurojust chun ceanglais dlí a shoiléiriú sna dlínsí difriúla agus éascaíonn tarchur iarrataí. Taispeánadh le roinnt cásanna rathúla i 2012 go raibh cúnamh Eurojust thar a bheith tábhachtach. I gcás amháin, i ngeall ar fhaisnéis a fuarthas trí Eurojust agus mar gheall air sin amháin, d'éirigh le Ballstát amháin dhá chiontú a bhaint amach. Bhí údaráis chánach an Bhallstáit in ann EUR 295 500 a aisghabháil, agus ordaíodh do na daoine a ciontaíodh thart ar EUR 900 000 ar an iomlán a íoc leis na húdaráis chánach. I gcás eile, mar gheall ar chúnamh Eurojust, rinneadh deich gcinn d'árasáin ghalánta a choigistiú i mBallstát amháin.

Maidir leis an ábhar sonrach a bhaineann le sócmhainní calctha a bhainistiú, d'éascaigh Eurojust malartú tuairimí saineolacha ó údaráis chánach in dhá Bhallstát i gcás a bhain le EUR 110 000 i sócmhainní calctha. I gcás coigistithe nach raibh bunaithe ar chiontuithe, rinneadh ordú coigistíochta de chuid EUR 580 000 tar éis cúnamh a fháil ó Eurojust.

Tagann deacrachtaí chun cinn arís is arís maidir leis an nasc a theastaíonn lena thaispeáint gurb é an té atá faoi amhras úinéir na sócmhainní (seachas i gcásanna coigistithe sínte, i gcás ina bhfuil an dualgas cruthúnais níos ísle), agus i dtaca leis an achar fada a théann imeachtaí maidir le díol sócmhainní coigistithe ar aghaidh, rud a dhéantar níos measa fós nuair a bhíonn údaráis riaracháin páirteach agus mar gheall ar mhaorlathas a meastar nach bhfuil aon ghá leis. Taispeánann cásobair Eurojust má fhaightear toiliú an té atá faoi amhras (i ndlínsí ina dtuartar go bhféadfaí a bheith ag margáil faoi phléadálacha) agus má dhíoltar cineálacha áirithe sócmhainní calctha roimh an gcoigistiú go gcuireann na rudaí sin ar fad dlús leis an bpróiseas coigistithe.

Féachtar sa togra le haghaidh Treorach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le fáltais ó choireacht a chalcadh agus a choigistiú san Aontas Eorpach, atá á plé faoi láthair, le sainmhínithe maidir le réimsí coireachta tromchúisí áirithe a chomhchuibhiú agus féachtar leis freisin Creat-Chinneadh 2005 maidir le fáltais, ionstraimeachtaí agus maoin a bhaineann le coireacht a choigistiú a ionadú i bpáirt. Cuireadh Tuairim Eurojust maidir leis an dréacht-ionstraim seo isteach chuig an gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (Coiste LIBE) de Pharlaimint na hEorpa i 2012 (*féach freisin rannán 2.1*). Lean Eurojust ag tabhairt tacaíochta freisin trí Líonra Idirghníomhaireachta um Aisghabháil Sócmhainní Camden (CARIN), áit a mbíonn sé rannpháirteach mar bhreathnóir.

Seachadtaí rialaithe

Meastar gurb uirlis imscrúdaithe áisiúil iad seachadtaí rialaithe, go háirithe i gcásanna gáinneála ar dhrugaí. Foráiltear i gCinneadh Eurojust go bhféadfar an chumhacht a thabhairt do Chomhaltaí Náisiúnta seachadtaí rialaithe a údarú agus a chomhordú. Go dtí seo, níor tugadh an chumhacht sin ach do líon teoranta Comhaltaí Náisiúnta.

I 2012, lean Eurojust ag cuidiú chun an t-údarás inniúil a aithint agus/nó ag réiteach deacrachtaí a bhí nasctha le moill, le húdaruithe a fháil, le LI a aistriú, leis an gceann is fearr a fháil ar dheacrachtaí nós imeachta nó trí chruinnithe comhordúcháin ag éascú bunú uirlisí imscrúdaitheacha den sórt sin i gcásanna casta. Chabhraigh Eurojust freisin chun an tsaincheist *ne bis in idem* a chosc agus, tríd is tríd, i gcásanna práinneacha.

Bhí deacrachtaí i gceist mar gheall orthu seo a leanas: (i) éagothromaíochtaí i gceanglais shubstainteacha agus nós imeachta chun seachadtaí rialaithe a údarú, (ii) brú ama ó thaobh seachadtaí rialaithe a leagan síos agus a dhéanamh, agus (iii) an t-údarás náisiúnta inniúil a aithint maidir le seachadtaí rialaithe a údarú ar bhonn breithiúnach, rud a gcuirtear leis tuilleadh i gcás go dteastaíonn údarú freisin san idirthuras trí Bhallstáit seachas iad sin a bhfuil baint dhíreach acu leis an gcás. Déantar an t-údarú maidir le seachadtaí rialaithe, mar uirlis imscrúdaitheach shonrach, i roinnt Ballstát, ar leibhéal breithiúnach, agus i gcinn eile is faoi inniúlacht na bpóilíní a thugtar an t-údarú.

1.3 Forbhreathnú ar ghníomhaíochtaí Eurojust i réimsí tosaíochta na coireachta

Sceimhlitheoireacht

Staitisticí coireachta	2012	2011
Líon na gcásanna cláraithe	32	27
Líon na gcruinnithe comhordúcháin	3	1

Ba bhallraíocht in eagraíocht sceimhlitheoireachta an choir ba mhinice dar tagraíodh i gcásanna sceimhlitheoireachta Eurojust. Ní cosúil go raibh na cásanna a cuireadh ar aghaidh chuig Eurojust i 2012 in aon chatagóir coireachta faoi leith, ach léirigh siad éagsúlacht mhór ó thaobh an chineál coireachta, lena n-áirítear coireanna i gcoinne saol duine, i gcoinne na saoirse ó dhíobháil choirp agus na saoirse pearsanta.

Ar bhonn ionchur agus moltaí chomhfhreagraithe náisiúnta Eurojust maidir le cúrsaí sceimhlitheoireachta, d'fhorbair Eurojust coincheap agus ábhar a Uirlis Faireacháin ar Chiontuithe Sceimhlitheoireachta (TCM), rud lenar tugadh forbhreathnú ar fhorbairtí breithiúnacha a bhain le sceimhlitheoireacht i mBallstáit, chomh maith le hanailís bhreithiúnach ar rogha cásanna. Tugadh aird faoi leith do ghnéithe anailíse áirithe agus samhlaítear go mbeidh réimsí spriocdhírithe breise i gceist i gcás na gcéad eagráin eile den tuarascáil. Tá an TCM bunaithe ar fhaisnéis arna comhroinnt le Eurojust a d'eascair ó chur i bhfeidhm Chinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle an 20 Meán Fómhair 2005, mar aon le foinsí oscailte. Foilsíodh trí eagrán den TCM i 2012.

Rannchuidigh Eurojust le Tuarascáil TE-SAT de chuid Europol, inar tugadh anailís chainníochtúil agus cháilíochtúil maidir le cinntí cúirte a bhaineann le sceimhlitheoireacht agus forbhreathnú ar na leasuithe a rinneadh ar reachtaíocht a bhain le sceimhlitheoireacht sna Ballstáit.

I gcreatlach an Tionscadail Ceartais Dhomhanda, dhírigh tionscnamh neamhspleách ar an smacht reachta a neartú ar fud an domhain, d'ullmhaigh

In eachtra buamála agus lámhaigh ollmhór san Iorua an 22 Iúil 2011, chuir duine aonair 77 duine chun báis. Rinneadh fiosruithe faoin gcéad mhór-ionsaí sceimhlitheoireachta san Eoraip a raibh duine amháin freagrach as agus an ceathrú ionsaí sceimhlitheoireachta ba mhó san Eoraip ó Chogadh Domhanda II.

Thug Eurojust cúnamh luachmhar i leith roinnt gnéithe a bhain leis an gcás sin le linn an fhiosraithe agus le linn na trialach. Leis an obair a rinne Ionchúisitheoir Idirchaidrimh na hIorua ag Eurojust agus Deasca Náisiúnta na Laitvia agus na Ríochta Aontaithe, fuarthas faisnéis bhaincéireachta go gasta ó Laitvia agus Antigua agus Barbúda. Rinne Deasc Náisiúnta na Polainne fiosruithe maidir le litir iarratais chun éisteacht le finné. Bhí Deasca Náisiúnta na Spáinne agus na Ríochta Aontaithe toilteanach a gcuid saineolais a roinnt maidir le conas cás sceimhlitheoireachta chomh mór seo a láimhseáil. Mar thoradh ar theagmháil dhíreach idir Deasc na Fraince agus Ionchúisitheoir Idirchaidrimh na hIorua bhíothas in ann dhá LI a chur i gcrích go héifeachtach chuig an bhFrainc maidir le finné a aithint, suíomh finné agus éisteacht finné. Thug Ionchúisitheoir Idirchaidrimh SAM cúnamh chun iarraidh phráinneach ar éisteacht finné a chur i ngníomh trí fhíschomhdháil i SAM le linn imeachtaí na trialach.

Ba chuid thábhachtach den chomhar idirnáisiúnta sa chás seo a bhí sa chúnamh a thug Eurojust. Cuimsíodh leis an gcúnamh sin éascú leanúnach ar iarrataí MLA agus bhíothas ábalta teagmháil phearsanta dhíreach a choimeád idir Ballstáit agus tríú Stáit trí Dheasca Náisiúnta agus Ionchúisitheoirí Idirchaidrimh ag Eurojust. Mar gheall ar iarrachtaí Eurojust bhíothas in ann comhar breithiúnach a bhí éifeachtúil, éifeachtach agus nár thóg an iomarca ama a chur ar bun idir údaráis inniúla náisiúnta.

Cuireadh éisteachtaí cúirte ar bun san Iorua ó Aibreán go Meitheamh 2012. An 24 Lúnasa 2012, fuarthas an cúisí ciontach agus gearradh an téarma príosúnachta uasta a ghearrtar san Iorua air, coinneáil choisctheach ar feadh 21 bliain, le pianbhreith íosta 10 mbliana.

Eurojust alt, *Strengthening Inter-State Cooperation – the Eurojust Experience*, agus foilsíodh é in Counter-Terrorism: International Law and Practice in Eanáir 2012. Tugtar moltaí san alt faoi conas ba cheart comhar breithiúnach a dhéanamh d'fhonn riachtanais shlándála náisiúnta agus réigiúnach a áirithiú agus ómós á thabhairt ag an am céanna don smacht reachta.

An 20 Meitheamh, bhí Eurojust i mbun a chruinnithe straitéisigh bliantúil ar sceimhlitheoireacht. Díríodh sa chruinniú ar an bhfeiniméan a bhaineann leis an duine aonair aonraic a bhíonn bainteach le sceimhlitheoireacht ("cadhan aonair") agus líonraí sóisialta i gcomhthéacs sceimhlitheoireachta. Chomhroinneadh torthaí ceistneora maidir leis an ábhar seo agus pléadh samplaí cáis ábhartha as roinnt Ballstát agus an Iorua agus chuir cleachtóirí i láthair iad.

Ar 11 agus 12 Nollaig, ag ceardlann cleachtóirí, arna eagrú ag Eurojust agus Europol le chéile, tugadh le chéile arís speisialtóirí frithsceimhlitheoireachta as an India agus as an Aontas Eorpach. Ba é cuspóir na ceardlainne comhar breithiúnach a chur chun cinn trí leasanna comhchoiteann a shainiú agus smaoineamh ar chaighdeáin chomhair. Cuireadh lá iomlán ar leataobh do chúrsaí a bhain le comhar breithiúnach agus cásanna frithsceimhlitheoireachta coiteanna. In iarracht faisnéis bhreithiúnach ábhartha a bhailiú roimh na ndíospóireachtaí, scaip Eurojust ceistneoir maidir leis na cúrsaí sin ar údaráis frithsceimhlitheoireachta sna Ballstáit.

Gáinneáil ar dhrugaí

Staitisticí coireachta	2012	2011
Líon na gcásanna cláraithe	263	242
Líon na gcruinnithe comhordúcháin	59	50
Líon na JITanna	13	7

Deimhnítear in anailís ar an gcineál coireachta go mbíonn eagraíocht choiriúil agus sciúradh airgid ceangailte go minic le cásanna gáinneála ar dhrugaí a chuirtear ar aghaidh chuig Eurojust. Ba iad na Ballstáit ba mhó a raibh baint acu leis an gcineál seo coireachta trí chomhar breithiúnach a iarraidh ag Eurojust ná an tSualainn, an Fhrainc agus an Iodáil, agus ba iad an Ísiltír, an Spáinn agus an Bheilg na tíortha is mó iarrtha.

In Eanáir, d'fhoilsigh Eurojust an tuarascáil dheiridh maidir lena thionscadal straitéiseach, *Obair Eurojust a fheabhsú i gcásanna gáinneála ar dhrugaí [Enhancing the work of Eurojust in drug trafficking cases]*, inar aibhsíodh castacht na ngníomhaíochtaí a bhí ag teastáil chun an t-imscrúdú maidir le cásanna ardleibhéil gáinneála ar dhrugaí a chomhordú. Pléadh réamhthorthaí an tionscadail sin le linn seimineár straitéiseach in Kraków i nDeireadh Fómhair 2011. Tagraítear sa tuarascáil dheiridh do na deacrachtaí éagsúla a bhain le faisnéis a mhalartú agus le comhordú, coinbhleachtaí dlínse, le hiarrataí MLA agus EAWanna a chur i ngníomh, JITanna, seachadtaí rialaithe, aisghabháil sócmhainní agus caidrimh le tríú Stáit. Cuireadh príomh-mholtaí maidir le gníomhaíochtaí sa chomhrac i gcoinne gáinneála ar dhrugaí a d'eascair ón tuarascáil faoi bhráid Buanchoiste an AE maidir le Comhar Oibríochtúil ar Shlándáil Inmheánach (COSI) i Meitheamh. Ar bhonn na hanailíse sin, chuir Eurojust Plean Gníomhaíochta 2012 - 2013 i dtoll a chéile, ina raibh moltaí maidir lena chásobair a fheabhsú i gcomhar le húdaráis náisiúnta.

I gcomhthéacs Chlár Oibre Ildisciplíneach na hEorpa i gCoinne Bagairtí Coireachta (EMPACT), bhí Eurojust rannpháirteach, i measc daoine eile, i gceithre thionscadal a bhain le gáinneáil ar dhrugaí inar díríodh go háirithe ar dhrugaí sintéiseacha, ar gháinneáil, ag grúpaí coireachta eagraithe as Iarthar na hAfraice, agus iad i mbun gáinneála trí na Balcáin Thiar, agus ag gáinneáil i lastais árthaigh.

Rannchuidigh ionadaithe Eurojust le staidéar ullmhúcháin chun measúnú tionchair a dhéanamh ar ionstraim nua reachtach a thiocfaidh in ionad Chreat-Chinneadh 2004/757/CGB ón gComhairle maidir le gáinneáil aindleathach drugaí.

Rinneadh ionadaíocht ar Eurojust ag an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus Andúil i nDrugaí (EMCDDA) an dara comhdháil Eorpach ar tháscairí soláthair drugaí a bhí ar siúl i Liospóin i Samhain. Tionscnaíodh caibidlíochtaí foirmiúla le haghaidh Meabhrán Tuisceana idir Eurojust agus an EMCDDA ag deireadh 2012.

I gcomhthéacs an chomhair le tíortha as Meiriceá Laidineach, d'fhreastail Eurojust ar sheimineár ardleibhéil Chomhthionól Parlaiminteach Mheiriceá Laidinigh-na hEorpa maidir le *An Comhrac i gcoinne na Gáinneála ar Dhrugaí agus na Coireachta Eagraithe san Eoraip agus i Meiriceá Laidineach [Fight Against Drug Trafficking and Organised Crime in Europe and Latin America]* a tionóladh i Meicsiceo i bhFeabhra. Ina theannta sin, rinneadh iniúchadh ar chomhar leis an Líonra Ionchúisitheoirí i gcoinne na Coireachta Eagraithe i Meiriceá Láir (REFCO), tionscnamh de

chuid Oifig na Náisiún Aontaithe maidir le Drugaí agus Coireacht Eagraithe (UNODC).

D'éirigh go maith leis an gcomhar a bhí ar bun le Líonra Ibéir-Mheiriceánach de Chomhar Dlíthiúil Idirnáisiúnta (IberRed).

Gáinneáil ar dhaoine

Staitisticí coireachta	2012	2011
Líon na gcásanna cláraithe	60	79
Líon na gcruinnithe comhordúcháin	20	24
Líon na JITanna	6	6

Taispeántar in anailís ar an gcineál coireachta gur láimhseáladh thart ar leath de na cásanna a raibh THB i gceist iontu mar chion neamhspleách as féin. Bhí baint ag ballraíocht in eagraíocht choiriúil le cásanna THB go minic a cuireadh ar aghaidh Eurojust, agus ina dhiaidh sin inimirce mhídhleathach. Is iad na Ballstáit is mó atá rannpháirteach sa chineál seo coireachta trí chásanna a thionscnamh ag Eurojust ná an Ghearmáin agus an Ríocht Aontaithe, agus ansin an Bhulgáir agus an Spáinn; is iad na tíortha is mó a n-iarrtar comhar orthu sa réimse seo ná an Rómáin, an Bhulgáir agus an Ísiltír.

Féachadh i gcomhráiteas na nGníomhaireachtaí CGB 2011 dul i ngleic le THB ar bhealach comhordaithe, comhtháite agus cuimsitheach agus mar gheall air sin méadaíodh tiomantas Eurojust a chuid iarrachtaí

Bhí roinnt líonraí dáileacháin um gháinneáil ar dhrugaí san Ostair, sa Ghearmáin, sa Bheilg agus san Ísiltír bunaithe ag an OCG ó Phoblacht iar-Iúgslavach na Macadóine. Rinneadh socruithe chun lear mór hearóin a iompar ó Iar-Phoblacht Iúgslavach na Macadóine chuig an mBeilg agus an Ísiltír. Chomh luath is a shroich na drugaí iarthar na hEorpa, dáileadh suas le 5 kg den hearóin chuig Frankfurt agus an Vín. Measadh go raibh naisc ann leis an Ríocht Aontaithe, an tSualainn, an Danmhairg, an Fhrainc agus an Eilvéis.

A bhuíochas do chomhar póilíneachta idir an Ostair agus an Ghearmáin agus dian-imscrúduithe, urghabhadh lear mór hearóin sa dá thír. Cé gur gabhadh roinnt ball den OCG nach raibh mórán aithne orthu, bhí baill eile tagtha ina n-áit taobh istigh de 2-3 lá. D'fhonn dlús a chur faoi na hiarrachtaí coiteanna a bhí ar bun troid i gcoinne an OCG d'aontaigh na páirtithe gur cheart do Eurojust na himscrúduithe a chomhordú sna Ballstáit, agus tionscnamh na n-imscrúduithe agus na n-ionchúiseamh a chur chun cinn i bPoblacht iar-Iúgslavach na Macadóine.

Nuair a chuir Eurojust tús leis na himscrúduithe, ní raibh imeachtaí coiriúla náisiúnta oscailte ag an Ísiltír ná ag Poblacht iar-Iúgslavach na Macadóine. Toisc nach gceadaíonn Poblacht iar-Iúgslavach na Macadóine eiseachadadh a dhéanamh ar a náisiúnaigh féin, agus toisc go raibh formhór na ndaoine a raibh amhras fúthu ag cur fúthu ansin, thionóil Eurojust dhá chruinniú comhordúcháin d'fhonn a rannpháirtíocht a spreagadh agus d'fhonn dlús a chur faoi na himscrúduithe. Mar gheall ar an gcéad chruinniú comhordúcháin a bhí ar bun ag Eurojust, tionscain Poblacht iar-Iúgslavach na Macadóine imeachtaí coiriúla. Mar thoradh ar imscrúduithe comhordaithe gabhadh agus ciontaíodh na daoine is mó a raibh amhras fúthu agus roinnt déantóirí coire eile.

Rinne an OCG athfhorbairt ina dhiaidh sin ar a líonra agus tionóladh an tríú cruinniú comhordúcháin ag Eurojust le plé a dhéanamh ar conas a dhéanfaí comhar a chothú. Chruthaigh roinnt fadhbanna dlíthiúla, a tharla de dhroim difríochtaí i gcórais dlí na dtíortha a bhí i gceist, constaic ó thaobh faisnéis a nochtadh agus rannpháirtíocht iomlán na gcomhpháirtithe ionchasacha. Cuireadh fóram ar fáil sa tríú cruinniú comhordúcháin chun díospóireacht ghrinn a dhéanamh faoi conas an ceann ab fhearr a fháil ar aon cheisteanna dlíthiúla agus d'fhonn réitigh fhéideartha a shainaithint ag úsáid roinnt ionstraimí breithiúnacha le chéile. Tar éis comhairliúcháin agus comhaontaithe ar leibhéal náisiúnta maidir leis na bearta a bhí i gceist a ghlacadh, mar thoradh ar an gceathrú cruinniú comhordúcháin ag Eurojust bunaíodh JIT idir an Ostair, an Ghearmáin, an Ísiltír agus Poblacht iar-Iúgslavach na Macadóine agus tá sé sin gníomhach faoi láthair. Fuair an JIT tacaíocht airgeadais trí Thionscadal Maoinithe JIT Eurojust.

a mhéadú chun cabhrú le Ballstáit, i gcomhar le gníomhaireachtaí eile, in imscrúduithe agus in ionchúisimh maidir le THB, agus ó thaobh gníomh trasteorann a chomhordú.

Mar bheart leantach don Chomhráiteas sin agus ag teacht le Straitéis an AE i dtreo Díothú THB 2012 - 2016, thionscain Eurojust tionscadal straitéiseach, *Gníomh Eurojust i gcoinne na Gáinneála ar Dhaoine [Eurojust's Action against Trafficking in Human Beings]*, d'fhonn comhar idir údaráis bhreithiúnacha náisiúnta a neartú agus a fheabhsú sa chomhrac i gcoinne THB; úsáid éifeachtúil na n-ionstraimí dlí reatha a fheabhsú; dlús a chur faoi iarrachtaí ionchúiseamh a thabhairt i gcoinne na gcoireanna sin ar leibhéal náisiúnta; agus rannpháirtíocht Eurojust i gcásanna THB a fheabhsú. Bhí an tionscadal bunaithe ar (i) anailís ar na freagraí a tugadh ar cheistneoir a seoladh chuig gach Ballstát, an Chróit agus an Iorua; (ii) anailís ar chásanna sonracha Eurojust maidir le THB sa tréimhse 1 Eanáir 2008 - 31 Nollaig 2011; agus (iii) conclúidí ar thángthas orthu mar thoradh ar chruinniú straitéiseach maidir le gáinneáil ar dhaoine a bhí ar siúl ag Eurojust in Aibreán 2012. Baineadh leas as na torthaí chun *Tuarascáil Deiridh agus Plean Gníomhaíochta le haghaidh 2012 – 2016* a tháirgeadh, arna dtíolacadh ag Lá Frithgháinneála na hEorpa sa Bhruiséil an 18 Deireadh Fómhair 2012.

Thacaigh Eurojust le tionscnaimh oiliúna arna n-eagrú ag Frontex agus CEPOL trí thaithí agus saineolas a chur ar fáil. Chuir Eurojust teagmhálacha ar bun le Grúpa Neamhfhoirmiúil na NA maidir le Gáinneáil ar Dhaoine agus leis an gClár Oibre um Gháinneáil ar Dhaoine arna bhunú ag an gCumann Idirnáisiúnta um Ionchúisitheoirí (IAP).

Bhí Eurojust rannpháirteach i dtionscadal EMPACT ag díriú ar THB, agus bhí sé rannpháirteach freisin sa tionscadal *Réamhrá maidir leis na ceanglais chun JITanna a bhunú sa chomhrac i gcoinnr THB in Oirdheisceart na hEorpa [The introduction of the requirements for establishing JITs to fight THB in South Eastern Europe]*, faoi stiúir na Bulgáire agus na Slóivéine, inar díríodh ar chomhar breithiúnach agus ar chomhordú araon, chomh maith le cosaint d'íospartaigh.

Thionscain an Fhrainc cás gáinneála ar dhaoine a raibh teacht i dtír gnéasach ar náisiúnaigh as an mBulgáir i gceist ann. Chuir baill den OCG íospartaigh faoi oiliúint sa Bhulgáir le tabhairt faoi striapachas éigeantach i roinnt tíortha san Eoraip.

D'iarr údaráis na Fraince cúnamh ar Eurojust d'fhonn imeachtaí féideartha comhthreomhara a shainaithint sa Bheilg agus d'fhonn bunú JIT a éascú. I ndiaidh cruinnithe comhordúcháin ag Eurojust, chuir údaráis na Beilge tús le réamh-imscrúdú inar díríodh ar bheirt a raibh amhras fúthu agus a bhí le feiceáil in imeachtaí na Fraince.

Cuireadh JIT ar bun lena raibh baint ag an bhFrainc, an Bhulgáir, Eurojust agus Europol d'fhonn malartú faisnéise agus fianaise a éascú. Fuair an JIT tacaíocht airgeadais trí Thionscadal Maoinithe JIT Eurojust. Díríodh sna himscrúduithe ar an gcuid den ghníomhaíocht choiriúil a bhain le gáinneáil ar dhaoine agus na sreafaí airgid a d'eascair as. Ina leith seo, bhí an anailís a rinne Eurojust ar idirbhearta airgeadais tríd íocaíochtaí Western Union cabhrach go háirithe ó thaobh na mbrabús aindleathach arna seoladh ón bhFrainc chuig na daoine is mó a amhras fúthu agus a bhí ina gcónaí sa Bhulgáir a aithint.

Tar éis dian-imscrúdaithe a rinne JIT, chuir an Fhrainc tús le lá gnímh choitinn. Mar gheall ar an méid soghluaisteachta a bhí san OCG, bhí údaráis na Beilge agus na Polainne rannpháirteach sa lá gnímh freisin. Bunaíodh lárionad comhordúcháin ag Eurojust le rannpháirtíocht Dheasca Náisiúnta Eurojust a bhí i gceist, an Aonaid Anailíse Cásanna agus Europol, rud a chinntigh cinnteoireacht agus malartú faisnéise i bhfíor-am. D'éascaigh an lárionad comhordúcháin freisin eisiúint ceithre EAW le linn an lá gnímh agus rinne anailís agus cros-seiceáil ar fhaisnéis, inar aithníodh naisc le himscrúduithe eile san Aontas Eorpach. Urghabhadh fianaise dhoiciméadach agus fóin shoghluaiste i 13 cuardach, cuireadh sé EAW i ngníomh agus gabhadh naonúr.

Calaois

Staitisticí coireachta	2012	2011
Líon na gcásanna cláraithe* (* Ní féidir figiúirí iomlána na bliana 2012 a chur i gcomparáid le blianta roimhe sin – féach míniú anseo thíos)	382	218
Líon na gcruinnithe comhordúcháin	33	58
Líon na JITanna	11	4

Bhí caimiléireacht (86 cás) agus calaois CBL (58 cás) ar na coireanna ba choitianta i 2012. Taispeántar in anailís ar na cineálacha coireachta gur dhéileáil formhór na gcásanna (256) le calaois mar chion neamhspleách ann féin. Mar sin féin, bhí coireacht eagraithe, brionnú ar dhoiciméid agus sciúradh airgid ar na coireanna ba mhinice a ceanglaíodh le calaois i gcás nach cion neamhspleách as féin a bhí i gceist. Ba iad na Ballstáit ba ghníomhaí ó thaobh cásanna den chineál seo coireachta a thionscnamh ná an Ostair, Poblacht na Seice agus an Ungáir; ba iad an Ríocht Aontaithe, an Spáinn agus an Ghearmáin na cinn ba mhó ar cuireadh iarrataí chucu.

D'iarr na húdaráis bhreithiúnacha sa tSualainn ar Deasc na Sualainne cruinniú comhordúcháin a chur ar bun chun roinnt constaicí dlíthiúla a phlé maidir le himscrúdú ar chás ceannródaíoch de chalaois "seomra coire", ar a dtugtar "calaois infheistíochta ardtoraidh". Bhí naisc ag an gcás leis an bhFionlainn, an Íoslainn, an Chipir agus an Ríocht Aontaithe. Sa tSualainn, aithníodh 19 íospartach, a ndearnadh calaois de chuid EUR 800 000 ar an iomlán orthu.

Bhí na cuspóirí seo a leanas ag an gcruinniú comhordúcháin a bhí ar bun ag Eurojust: faisnéis a mhalartú maidir le fianaise agus faisnéis a bailíodh sna tíortha a bhí i gceist, d'fhonn fáil amach cén tír ab fhearr a bhí in ann an cás a ionchúiseamh, agus d'fhonn cinneadh a dhéanamh faoin bhféidearthacht fad a chur leis an gcomhaontú déthaobhach JIT idir an tSualainn agus an Fhionlainn. I ndiaidh an chruinnithe comhordúcháin, cuireadh fad leis an gcomhaontú déthaobhach JIT idir an tSualainn agus an Fhionlainn agus leathnaíodh é chuig an Ríocht Aontaithe, an Chipir agus an Íoslainn. D'éascaigh Eurojust an próiseas a bhain leis an gcomhaontú JIT a leasú agus sholáthair an maoiniú AE a bhí riachtanach trí Thionscadal Maoinithe JIT. Ag an gcruinniú comhordúcháin, d'aontaigh na tíortha ar fad go mbeadh an tSualainn ag stiúradh an imscrúdaithe agus an ionchúisimh maidir leis an gcás calaoise seo, ar an gcaoi sin dhéanfaí coinbhleacht dlínse a sheachaint.

I 2012 chuir Eurojust critéir nua i bhfeidhm maidir le haicmiú staitistiúil cásanna Eurojust de réir an chineál coire. Míníonn na hathruithe seo an méadú dealraitheach i gcásanna calaoise.

Bhí Eurojust rannpháirteach freisin i gcruinniú le saineolaithe arna eagrú ag Europol faoi chuimsiú Phointe Fócais calaoise um Thrádálaithe ar Iarraidh laistigh den Chomhphobal (MTIC) de chuid Europol.

Éillitheacht

Staitisticí coireachta	2012	2011
Líon na gcásanna cláraithe	30	26
Líon na gcruinnithe comhordúcháin	7	19
Líon na JITanna	3	1

Bhí formhór na gcásanna nasctha le sciúradh airgid agus calaois.

Láimhseáil Eurojust roinnt cásanna, maidir le soláthar poiblí ina raibh cistí AE nó nós imeachta tairisceana i gceist.

Bhí Eurojust rannpháirteach i bpainéal athbhreithnithe saineolaithe a d'fhéach ar thorthaí an staidéir a choimisiúnaigh an Coimisiún, *Sásra Meastóireachta AE a Fhorbairt sa réimse Frith-Éillithe le fócas faoi leith ar an gcostas atá le héilliú i Soláthar poiblí lena mbíonn baint ag Cistí AE a aithint agus a laghdú [Development of an EU Evaluation Mechanism in the area of Anti-Corruption with a particular focus on identifying and reducing the cost of corruption in Public Procurement involving EU Funds]*. Chuir Eurojust a shaineolas ar fáil sa réimse imscrúdaithe agus ionchúisimh.

Bhí Eurojust rannpháirteach sa díospóireacht a craoladh ar *Euronews* maidir le héilliú i Meán Fómhair 2012. Cuireadh béim an uair sin ar an ról atá ag Eurojust ó thaobh éilliú a chomhrac, chomh maith le tograí

tairbhiúla d'fhonn dul i ngleic le fadhbanna a bhíonn ag ionchúisitheoirí nuair a bhíonn éilliú á imscrúdú agus á ionchúiseamh acu. Pléadh na fadhbanna sin agus tograí Eurojust le linn díospóireachta a bhí ar bun ag Eurojust, tar éis pacáiste frith-éillithe an AE a ghlacadh i 2011. Is Fóram Comhchomhairleach d'Ionchúisitheoirí Ginearálta agus Stiúrthóirí um Ionchúiseamh Poiblí Bhallstáit an AE a ghlac leis an bpacáiste. Ba í an phríomh-theachtaireacht a cuireadh in iúl ná go bhfuil Eurojust tiomanta go gníomhach don chomhrac i gcoinne an éillithe agus go bhfuil forbairt Eurojust sa todhchaí, i bhfianaise an CFAE, deartha chun a éifeachtúlacht agus a éifeachtacht a mhéadú.

Bhí amhras go raibh ionadaithe as cuideachta as an bhFionlainn a bhí ag táirgeadh feithiclí armtha tar éis breabanna a íoc le hoifigigh agus le lucht cinnteoireachta as rialtas na Cróite. Bhí imscrúdú curtha ar bun ag údaráis na Fionlainne faoi chás breabaireachta forthromaithe amhrasta, i ndiaidh dóibh fáil amach go raibh na hidirbhearta airgid a bhain leis an margadh seo cosúil le margadh eile a rinneadh idir an chuideachta chéanna agus údaráis na Slóivéine. Ghníomhaigh cuideachta as an Ostair mar ghníomhaire sna hidirbhearta idir an dá pháirtí, agus é ag fáil íocaíochtaí ó tháirgeoir na bhfeithiclí. Chreid údaráis na Fionlainne go ndearnadh an cion breabaireachta mar chuid de réamhíocaíochtaí a bhain leis an margadh.

Cuireadh JIT ar bun, le tacaíocht Eurojust. Lig an JIT do na húdaráis inniúla san Fhionlainn, san Ostair agus sa Chróit imscrúduithe éifeachtacha réamhtrialach a dhéanamh. Faoi chuimsiú an JIT, bhí na húdaráis náisiúnta freisin in ann na hagallaimh riachtanacha a dhéanamh, bealaí comhéigneacha a úsáid agus gníomhartha imscrúdaitheacha eile ba ghá a ghlacadh. Bhí Eurojust i mbun dhá chruinniú comhordúcháin, rud a chuir ar chumas na rannpháirtithe sa JIT a bheith ar aon intinn maidir le plean oibríochta a dhréachtú a bheadh le síniú ag gach páirtí sa JIT. Bhí tacaíocht Eurojust tábhachtach sa mhéid is gur cuireadh ar chumas na bpáirtithe sna himscrúduithe comhoibriú éifeachtach a dhéanamh agus iontaobhas a chruthú eatarthu. I 2012, lean Eurojust ag éascú obair na n-údarás náisiúnta sa chás seo.

Cibearchoireacht

Staitisticí coireachta	2012	2011
Líon na gcásanna cláraithe	42	24
Líon na gcruinnithe comhordúcháin	5	10
Líon na JITanna	2	2

Deimhnítear in anailís ar na cineálacha coireachta go mbíonn coireacht eagraithe, calaois agus sciúradh airgid ceangailte go minic le cásanna cibearchoireachta a chuirtear ar aghaidh chuig Eurojust. Bhain cion ollmhór de na cásanna sin le fioscaireacht nó le híomhánna de mhíúsáid leanaí ar líne. Ba iad na Ballstáit ba mhó a raibh baint acu leis an gcineál coireachta seo mar thíortha ar cuireadh iarrataí chucu ná an Rómáin, an Bheilg, an Eastóin, an Ghearmáin, an Fhrainc agus an Iodáil; ba iad na tíortha ba mhó ar cuireadh iarrataí chucu maidir le comhar breithiúnach ná an Iodáil, an Ríocht Aontaithe agus an Ghearmáin, agus ina dhiaidh sin an Spáinn agus an Ísiltír. Sa tréimhse thuairiscithe, bhí Eurojust i mbun lárionad comhordúcháin amháin maidir le cibearchoireacht.

Bhí Eurojust rannpháirteach arís i gClár Oibre Cibearchoireachta na hEorpa, lena n-áirítear an Córas Tuairiscithe Ar Líne um Choireacht ar an Idirlíon (I-CROS) agus Pointe Fócais Cibeirge Europol.

Ag teacht le Conclúidí na Comhairle maidir le Lárionad Cibearchoireachta na hEorpa (EC3) a bhunú, inar cuireadh béim ar an tábhacht atá lena áirithiú go n-oibríonn EC3 go dlúth le Eurojust, cheap Coláiste Eurojust ionadaí an Choláiste ar Bhord Chlár EC3 i Nollaig 2012. Le linn chéad chruinniú de Bhord an Chláir EC3, bheartaigh Eurojust gníomhú mar phointe fócais do pháirtithe leasmhara breithiúnacha agus na naisc ar fad a d'fhéadfadh a bheith idir EC3 agus oiliúint cibearchoireachta a imscrúdú do na breithiúna sna Ballstáit. Shocraigh Coláiste Eurojust Tascfhórsa ar cibearchoireacht agus coireacht a bhaineann le cúrsaí cibearchoireachta a bhunú ag Eurojust, chomh maith le ball foirne a chur ar iasacht chuig EC3 lena áirithiú go mbeadh an ghné bhreithiúnach cumhdaithe.

Toisc go síneann sféar gníomhaíochta Eurojust chuig comhar le tríú Stáit freisin, bhí Eurojust i mbun ceardlainne maidir le cibearchoireacht laistigh de chomhthéacs na *Ceardlainne maidir leis na Comhaontuithe maidir le Cúnamh Dlíthiúil Frithpháirteach agus Eiseachadta a chur i bhfeidhm idir an tAontas Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheiriceá [Workshop on the application of the Mutual Legal*

Ó mhí Lúnasa 2010 i leith, tá sonraí ó chártaí creidmheasa brionnaithe agus goidte in úsáid ag OCG chun íoc as earraí a cheannaítear ar láithreáin idirlín sa Ghearmáin. Seoladh na hearraí sin, arbh earraí leictreonacha ardchaighdeáin iad a bhformhór cosúil le táibléid, ceamaraí digiteacha, teilifíseáin réscáileáin agus fóin phóca, chomh maith le héadaí agus uaireadóirí dearthóra, chuig trádálaithe earraí sa Ghearmáin, a chuir na pacáistí ar aghaidh ansin go dtí tuaisceart na hEorpa (go háirithe an Eastóin).

Cuireadh dhá chruinniú comhordúcháin ar bun ag Eurojust. Ag an gcéad chruinniú, i 2011, síníodh comhaontú JIT idir an Eastóin agus an Ghearmáin d'fhonn an dream a raibh amhras fúthu a aithint agus an OCG a chur as feidhm. Mhalartaigh comhaltaí JIT faisnéis freisin d'fhonn na hionchúisimh sa dá thír a éascú. Bhí na húdaráis bhreithiúnacha san Eastóin ag iarraidh faisnéis a fháil ó údaráis na Gearmáine maidir leis na coireanna preideacáide a bhain le sciúradh airgid a rinneadh sa Ghearmáin. Mar gheall ar dheacrachtaí sa nós imeachta coiriúil, bhí an fhaisnéis curtha le chéile ag údaráis na Gearmáine chun críocha imeachtaí na Gearmáine, rud nach raibh i gcomhréir le ceanglais dlíthiúla na hEastóine. Faoi chuimsiú an JIT, réitíodh na fadhbanna agus dhréachtaigh údaráis na Gearmáine breis doiciméadúcháin go tapa, rud a chuir ar chumas údaráis na hEastóine na ceanglais fianaise a bhain lena nós imeachta coiriúil a chomhlíonadh.

Mar thoradh ar na himeachtaí, urghabhadh earraí sa Ghearmáin a raibh luach measta EUR 25 000 ag gabháil leo i 2011. Measadh go raibh luach EUR 3 mhilliún damáiste ar an iomlán déanta ag na ciontóirí. In imeachtaí breithiúnacha san Eastóin, sainaithníodh 27 duine a raibh amhras fúthu agus cúisíodh iad as sciúradh airgid.

I 2012, cuireadh an dara cruinniú comhordúcháin ar bun ag Eurojust, agus lena linn thug údaráis na dtíortha faoi seach le fios gur léiríodh sna himscrúduithe naisc leis an Rúis, an Iodáil, an Ríocht Aontaithe, an Ostair agus an Liotuáin.

Assistance and Extradition Agreements between the European Union and the United States of America], a tionóladh an 25 agus 26 Deireadh Fómhair.

Sciúradh airgid

Staitisticí coireachta	2012	2011
Líon na gcásanna cláraithe	144	122
Líon na gcruinnithe comhordúcháin	34	27
Líon na JITanna	8	4

Léirítear in anailís gur láimhseáladh sciúradh airgid mar chion neamhspleách as féin i líon suntasach cásanna (64). Ba iad calaois, coireacht eagraithe agus gáinneáil ar dhrugaí na catagóirí coireachta ba mhinice a bhain le sciúradh airgid i gcásanna nárbh léir go raibh sciúradh airgid mar chion neamhspleách as féin. Ba iad na Ballstáit ba ghníomhaí ó thaobh cásanna a thionscnamh ná an Ostair, an Chipir agus an Ríocht Aontaithe. Ba iad na Ballstáit ba mhó iarrtha ná an Iodáil, an Ísiltír agus an Fhrainc.

D'fhreastail Eurojust ar chruinnithe an Tascfhórsa Gnímh Airgeadais (FATF) agus bhí sé rannpháirteach

Bhí na húdaráis sa Spáinn agus sa Ríocht Aontaithe i mbun fiosraithe maidir le scéim ollmhór sciúradh airgid. I measc na ngníomhaíochtaí neamhdhleathacha bhí allmhairiú, fáil agus dáileadh drugaí rialaithe. I measc roinnt de na modhanna a d'úsáid an OCG chun níos mó ná EUR 2 mhilliún a sciúradh bhí calaois morgáiste, díolachán calaoiseach feithiclí agus sócmhainní a fháil sa Spáinn agus sa Ríocht Aontaithe.

Ba é sprioc an fhiosraithe fáil amach cén infheistíochtaí a bhí ag an OCG sa Spáinn agus leanúint d'urghabháil na sócmhainní. D'éascaigh Eurojust an malartú faisnéise idir an Spáinn agus an Ríocht Aontaithe, ag cur ar chumas údaráis na Spáinne réadmhaoin bhreise a bhí ag baill den OCG a bhí bunaithe sa Spáinn a aithint. Chuidigh an anailís a rinne Europol ar na sonraí chun na caidrimh idir comhaltaí agus páirtithe an OCG a aithint. Tar éis dhá chruinniú comhordúcháin, ghabh údaráis na Spáinne roinnt daoine a raibh amhras fúthu agus rinne a gcuid sócmhainní a urghabháil.

sa chruinniú saineolaithe arna eagrú ag Europol faoi chuimsiú a Phointe Fócais Sustrans.

Grúpaí coiriúla eagraithe (soghluaiste)

Staitisticí coireachta	2012	2011
Líon na gcásanna cláraithe	231	197
Líon na gcruinnithe comhordúcháin	43	56
Líon na JITanna	5	6

Is léir i ndiaidh anailís a dhéanamh ar an gcineál coireachta gur dhéileáil líon suntasach cásanna (68) le coireacht eagraithe mar chion neamhspleách. Sna cásanna sin nuair nach cion neamhspleách a bhí i gceist, ba í gáinneáil ar dhrugaí an cineál ciona ba mhinice a luadh le coireacht eagraithe, agus i measc na gcineálacha ciona eile a bhí i gceist bhí calaois, coireanna i gcoinne saol duine, i gcoinne na díobhála coirp agus na saoirse pearsanta agus THB. I measc na mBallstát sin ba mhinice a chláraigh cás a bhain le coireacht eagraithe bhí an Iodáil, an Ostair agus an Bhulgáir; ba iad na Ballstáit ba mhinice a rinne iarratas ar chomhar an Iodáil, an Bheilg agus an Ríocht Aontaithe.

Is cuid de chásobair Eurojust i gcónaí iad grúpaí coiriúla eagraithe, ní hamháin mar ghné neamhspleách, ach mar shaintréith leathan atá mar bhonn le comhpháirt níos tromchúisí a chur le coireanna eile.

D'fhonn ailíniú le tosaíochtaí AE a chinntiú, bhunaigh Cinneadh an Choláiste 2012-10 ar thosaíochtaí oibriúcháin 2012 – 2013 Eurojust grúpaí coiriúla eagraithe soghluaiste (mangaireacht) mar chatagóir ar leith de choireacht eagraithe. Tagraíonn an chatagóir seo do líonraí coireachta mangaireachta atá ag feidhmiú ar fud an Aontais Eorpaigh, líonraí a bhíonn dírithe go speisialta ar réimsí coireachta dála buirgléireacht, robáil feithiclí armúrtha, agus gadaíocht miotail.

Thacaigh Eurojust le cur chuige ildisciplíneach maidir le coireacht eagraithe. Reáchtáladh seimineár straitéiseach eagraithe i gcomhpháirt le hUachtaránacht na Danmhairge de Chomhairle an AE *Cur Chuige Ildisciplíneach i ndáil le Coireacht Eagraithe: Bearta Riaracháin, Obair Leantach Bhreithiúnach agus Ról Eurojust*, i gCóbanhávan i Márta 2012.

Chomh maith leis sin, ghlac Eurojust páirt i gcruinnithe an Líonra Neamhfhoirmiúil ar chur chuige riaracháin chun coireacht eagraithe a chosc agus a chomhrac, agus is ball gníomhach de chroíghrúpa an líonra a bhí ann i gcruthú an phobail fhíorúil a bunaíodh do chleachtóirí sa réimse seo.

Ábhar imní fós do Eurojust é déileáil le diúscairt fáltas coireacht eagraithe, ábhar a pléadh i rith an tseimineáir dar teideal, *Coigistiú agus Coireacht*

Bhí údaráis na hIodáile i mbun imscrúdú a dhéanamh ar OCG a raibh baint aige le feithiclí tromshaothair a dhílsiú (tarracóirí, leathleantóirí, trucailí, etc) trí chlaonchasadh agus ionsamhlú gadaíochta a théann chun dochair do chuideachtaí léasaithe, a raibh caillteanas de chúpla milliún euro mar thoradh leis. Leasaíodh na huimhirphlátaí agus na cláruimhreacha agus díoladh na feithiclí in oirthear na hEorpa, san Afraic Thuaidh, san Albáin, sa Tuirc, sa Pholainn agus san Araib Shádach ina dhiaidh sin. Bhí an OCG ag feidhmiú san Iodáil, san Ostair agus sa Ghearmáin. D'iarr údaráis na hIodáile tacaíocht Dheasc Náisiúnta na hIodáile ag Eurojust d'fhonn na bhfiosrúchán a leathnú chuig na tíortha seo.

Iarradh ar Eurojust cur i gcrích comhuaineach EAWanna agus barántas cuardaigh a eagrú. Chomhordaigh na Deasca Náisiúnta rannpháirteacha na gníomhaíochtaí lena n-údaráis áitiúla agus chomhaontaigh siad ar lá coiteann gníomhaíochta i Nollaig 2011. Ar an lá sin, gabhadh 13 san Iodáil, duine san Ostair agus duine sa Ghearmáin, agus rinneadh roinnt mhaith cuardach freisin. I ndiaidh na ngníomhaíochtaí, theastaigh tacaíocht ó Eurojust chun tuilleadh iarrataí MLA a éascú agus chun an bealach is fearr chun nósanna imeachta coiriúla sna dlínsí i gceist a chomhordú d'fhonn saincheisteanna *ne bis in idem* a sheachaint. Gabhadh duine de na daoine atá faoi amhras ina tír dúchais, ach ní fhéadfaí í a eiseachadadh de réir an dlí náisiúnta, agus, dá réir sin, bheadh sé riachtanach í a ionchúiseamh sa dlínse sin. D'fhonn déileáil leis na ceisteanna seo, eagraíodh cruinniú comhordúcháin i Márta 2012, agus chomhaontaigh na páirtithe ar imeachtaí na hIodáile a aistriú chuig údaráis na hOstaire.

Eagraithe: nósanna imeachta agus peirspictíochtaí i gcomhar breithiúnach idirnáisiúnta, a reáchtáladh in Palermo i mBealtaine 2012.

Inimirce neamhdhleathach

Staitisticí coireachta	2012	2011
Líon na gcásanna cláraithe	29	31
Líon na gcruinnithe comhordúcháin	18	13
Líon na JITanna	4	2

Is léir i ndiaidh anailís a dhéanamh ar an gcineál coireachta gur dhéileáil thart ar leath de na cásanna le hinimirce neamhdhleathach mar chion neamhspleách. Ba iad THB, coireacht eagraithe agus brionnú doiciméad na coireanna ba mhinice a luadh le hinimirce neamhdhleathach sna cásanna sin nach coir neamhspleách a bhí i gceist leo. Ba iad na Ballstáit ba ghníomhaí i mbun cásanna a thionscnamh ná an Fhrainc, an Ostair agus an Iodáil; ba iad na Ballstáit ba mhinice a lorg comhar ná an Iodáil, an Ísiltír agus an Ríocht Aontaithe.

Mar atá thuasluaite, tá tosaíochtaí oibriúcháin Eurojust ag teacht le tosaíochtaí AE agus tá inimirce neamhdhleathach san áireamh iontu mar thosaíocht anois. Tá an cineál seo coire san áireamh den chéad uair inár dTuarascáil Bhliantúil.

Ghlac Eurojust páirt sa tionscadal EMPACT ag déileáil le hinimirce neamhdhleathach.

Coireanna le tionchar acu ar leasanna airgeadais an AE

Staitisticí coireachta	2012	2011
Líon na gcásanna cláraithe	27	21

Dhírigh Eurojust aird ar leith ar réimse na gcoireanna sin a bhfuil tionchar acu ar leasanna airgeadais an AE (ar a ngairtear cionta PIF). Dála réimsí coireachta eile, sholáthair Eurojust cúnamh d'údaráis náisiúnta trí fheidhmiú tapa LIanna a éascú agus na céimeanna nach mór a leanúint in imscrúduithe agus in ionchúisimh a chomhordú. Mar shampla, reáchtáil Eurojust cruinnithe comhordúcháin, eascaithe trí

Thionscain údaráis teorann na Fionlainne imscrúdú i Nollaig 2010, i ndiaidh do bheirt bhan, agus fear á dtionlacan, a raibh pasanna góchumtha de chuid na hIndia acu, tuirlingt ag aerfort san Fhionlainn. I ndiaidh réamh-imscrúdaithe, nocht na húdaráis OCG fíorghníomhach a d'éascaigh inimirce neamhdhleathach ó Shrí Lanca isteach san Aontas Eorpach. Bhí amhras ar údaráis na Fionlainne go raibh an OCG ag éascú iontráil neamhdhleathach daoine ó Shrí Lanca chuig an bhFrainc, agus go raibh úsáid á baint go minic as bealach trí Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, an Chéinia, an Tansáin, an Tuirc agus an Fhionlainn. D'úsáid roinnt de na hinimircigh neamhdhleathacha pasanna góchumtha Briotanacha a táirgeadh sa Téalainn chun taisteal go Ceanada.

D'iarr údaráis na Fionlainne cúnamh ó Eurojust chun JIT a bhunú leis an bhFrainc. Ainneoin na ndifríochtaí idir na próisis faofa JIT sa dá Bhallstát, bunaíodh an JIT i rith cruinniú comhordúcháin a reáchtáladh ag Eurojust i Meán Fómhair 2011. Cheadaigh creat dlíthiúil JIT malartú tapa faisnéise chun críocha breithiúnacha gan gá a bheith le nósanna imeachta fadálacha rogáide. Bhí an chuma ar an scéal go n-eascródh constaicí ón mbacainn teanga agus ón ngá a bheadh le haistriúcháin. Reáchtáil Eurojust trí chruinniú chomhordúcháin, a chabhraigh le hiontaoibh fhrithpháirteach a fhorbairt, faisnéis a mhalartú agus an bhacainn teanga a shárú.

Ina theannta sin, bunaíodh ionad comhordúcháin ag Eurojust i bhFeabhra 2012 d'fhonn tacú le cur i gcrích comhuaineach na hoibríochta san Fhionlainn, sa Fhrainc agus sa Bheilg. Bhí cumarsáid dhíreach idir an t-ionad comhordúcháin agus ionad oibríochtúil Europol, a bunaíodh i bPáras. D'éascaigh an dá ionad malartú faisnéise agus fianaise fíor-ama idir údaráis phóilíneachta agus bhreithiúnacha sna tíortha i gceist, mar aon le hanailís a dhéanamh láithreach baill ar na sonraí a bailíodh. I rith an lae choitinn gníomhaíochta, rinneadh 23 cuardach agus gabhadh 27 duine. I ndiaidh an lae chomhordaithe gníomhaíochta, lean Eurojust le súil a choinneáil ar fhorbairtí d'fhonn an toradh is fearr ar leibhéal breithiúnach a chinntiú.

Rinne údaráis na hIodáile imscrúdú ar ghaolmhaireacht roinnt daoine de bhunadh na hIodáile a bhí faoi amhras a bheith páirteach in imghabháil cánach. Bhí gníomhas tíolactha sínithe ag na daoine a raibh amhras fúthu, le linn dóibh a bheith ag feidhmiú thar ceann cuideachtaí eachtracha éagsúla, d'aistriú scaireanna cuideachta san Iodáil a bhí ag feidhmiú in Siena thar ceann tríú páirtí, cuideachta cláraithe i mBeirmiúda, d'fhonn cánacha a imghabháil san Iodáil. Bhí cuideachta Mheiriceánach agus Phortaingéalach páirteach sa scéim imghabhála cánach chomh maith, cuideachtaí a bhí ag feidhmiú mar fhochuideachtaí dá máthairchuideachta bunaithe i mBeirmiúda. Aistríodh na gnóthachain chaipitiúla ón dá chuideachta chuig an gcuideachta i mBeirmiúda.

Lorg údaráis na hIodáile cúnamh Eurojust chun feidhmiú iarrataí MLA a bhí dírithe ar na húdaráis inniúla i SAM agus sa Phortaingéil a éascú d'fhonn an fhaisnéis agus an doiciméadú ábhartha a fháil d'fhonn nádúr bréige an dá fhochuideachta a chruthú a éascú. A bhuíochas d'idirghabháil thapa Eurojust, fuarthas freagairt gan mórán moille ó údarás na Portaingéile maidir le hiarraidh MLA na hIodáile, iarrataidh arb é a bhí mar thoradh leis íocaíocht iomlán dliteanas cánach na cuideachtaí Iodálaí a ndearnadh imscrúdú uirthi laistigh de theorainneacha ama réamh-imscrúdú na hIodáile. Chuir freagairt láithreach Eurojust agus údaráis na Portaingéile ar chumas údaráis na hIodáile EUR 67 milliún i gcáin neamhíoctha a aisghabháil.

fháltais coireachta a reo agus a choigistiú agus déileáil le hiarrataí práinneacha, go háirithe nuair a bhíothas ag druidim le teorainneacha ama reachtúla náisiúnta.

I bhfreagra Eurojust i Meitheamh 2012 ar chomhairliúchán poiblí an Choimisiúin Eorpaigh, *Leasanna airgeadais an AE a chosaint agus ionchúisimh a fheabhsú*, leag Eurojust béim ar an bpointe, bunaithe ar dhearcadh an chomhair bhreithiúnaigh, go bhféadfadh fadhbanna a thugtar

Pointe Teagmhála um Chosaint Leanaí ag Eurojust – Coireanna i gcoinne leanaí

Bunaithe ar chásobair Eurojust is léir gurb iad na cineálacha coireanna is coitianta a bhfuil tionchar acu ar leanaí - pornagrafaíocht leanaí, mí-úsáid ghnéasach leanaí, fuadach, THB agus coireanna i gcoinne saol duine.

Lean Eurojust le ról lárnach a bheith aige i bhfaisnéis a chomhordú agus comhairle a sholáthar maidir le gníomhaíochtaí féideartha in imscrúduithe trasnáisiúnta agus ionchúisimh tromchoireanna i gcoinne leanaí a chuirtear faoi bhráid Eurojust d'fhonn cúnamh a fháil. I measc na ngníomhaíochtaí a bhí i gceist bhí teagmháil rialta leis na Deasca Náisiúnta chun críocha, *inter alia*, faisnéis ábhartha a mhalartú agus na húdaráis inniúla náisiúnta a spreagadh chun níos mó cásanna trasteorann a bhfuil coireanna i gcoinne leanaí i gceist leo a chuir faoi bhráid Eurojust.

Dhéileáil Eurojust le 27 cás de choireanna i gcoinne leanaí, lena n-áirítear trí chás cláraithe ag an Iorua. Faoi dheireadh 2012, ghlac an Pointe Teagmhála páirt i seoladh oifigiúil dhá uirlis thábhachtacha AE agus idirnáisiúnta a cruthaíodh chun cosaint leanaí ó thromchoireanna a fheabhsú: (1) an Chomhghuaillíocht Airgeadais Eorpach Nua i gcoinne Teacht i dTír Gnéasach a Dhéanamh ar Leanaí Ar Líne chun críocha Tráchtála, tionscadal a dhíríonn ar chleachtais dáileacháin tráchtála ar líne, idir shean agus nua, ábhar dírithe ar mhí-úsáid ghnéasach leanaí trí dhíriú ar chórais íocaíochta agus TFC a úsáidtear chun oibríochtaí neamhdhleathacha a reáchtáil; agus (2) an Comhaontas Domhanda chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chomhrac, agus é mar aidhm feabhas a chur ar an tslí a aithnítear agus a dtugtar cúnamh d'íospartaigh ar leanaí iad agus ionchúiseamh éifeachtach déantóirí coireanna. Ghlac Eurojust páirt i gComhdháil Bhliantúil Saineolaithe Europol ar Theacht i dTír Gnéasach agus in 11ú Comhdháil Bhliantúil ICLN ar Chibearchoireacht a Chomhrac.

San áireamh i gCinneadh Eurojust tá oibleagáid ar Bhallstáit Eurojust a chur ar an eolas maidir le cásanna casta trasteorann a bhfuil teacht i dtír gnéasach leanaí agus pornagrafaíocht leanaí i gceist leo. Ó 2004 anall, tá 187 cás a bhaineann le híospartaigh ar leanaí iad cláraithe ag Eurojust, chláraigh an Iorua naoi gcás eile, agus chláraigh SAM cás amháin eile.

faoi deara le linn leasanna airgeadais an AE a chosaint eascairt as difríochtaí in imeachtaí coiriúla sna Ballstáit, teorainneacha reachtúla agus rialacha maidir le bailiú fianaise mar shampla. Lena chois sin, d'fhéadfadh easpa acmhainní agus speisialtóireachta ag leibhéal náisiúnta a bheith mar bhonn le deacrachtaí praiticiúla a bhaineann le comhrac coireanna a bhfuil tionchar acu ar leasanna airgeadais an AE a chruthú. I ndáil le cásanna tromchoireachta, baineann fíorthábhacht le comhar agus le comhordú idir údaráis inniúla náisiúnta luath go maith sa phróiseas. Nuair a iarrtar a leithéid, soláthraíonn Eurojust na cineálacha seo cúnaimh d'údaráis inniúla náisiúnta.

Bhí deacrachtaí ag Eurojust staitisticí iontaofa a bhailiú faoi na coireanna seo, de bharr easpa sainmhíniú soiléir ar chion PIF ag leibhéal AE, staid arb é a bhíonn mar thoradh léi dearcthaí difriúla, sna Ballstáit agus, dá bharr sin, ag na Deasca Náisiúnta, maidir leis an rud atá i gceist lena leithéid sin de chion.

D'fhonn dul i ngleic leis an bhfadhb seo, ghlac an Coláiste le bearta i Nollaig 2012 d'fhonn bailiú sonraí staitistiúla a fheabhsú agus anailís dhlíthiúil ar chásobair Eurojust a bhaineann le cionta PIF. Tá spéis ar leith ag Eurojust sa *Togra do Threoir Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le comhrac i gcoinne calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí dhlí coiriúil*.

Ar 14 Meán Fómhair 2012 chuir Eurojust freagairt mhionsonraithe faoi bhráid *Theach na dTiarnaí: Gairm ar fhianaise ar Bheartais agus gníomhaíochtaí AE chun calaois a chomhrac i gcoinne leasa airgeadais an AE*.

D'iarr Deasc Náisiúnta na hIodáile ar 11 Ballstát mar aon leis an Iorua, SAM, Europol agus Interpol tacú le himscrúdú san Iodáil ar dháileadh ábhar pornagrafach a raibh baint ag mionaoisigh leis. Bhí duine faoi amhras de bhunadh na hIodáile i mbun gréasán sóisialta a bhainistiú, gréasán a bhí á óstáil ar fhreastalaithe lonnaithe i SAM, a bhí ag feidhmiú mar ardán malartaithe dhomhanda d'íomhánna agus d'fhíseáin de leanaí a bhí faoi 14 bliain d'aois.

Reáchtáil Eurojust dhá chruinniú chomhordúcháin, in Eanáir agus Feabhra 2012, agus mar thoradh air sin comhaontaíodh ar ghníomhaíochtaí comhordúcháin agus rinneadh iad a sceidealú láithreach baill. Aithníodh úsáideoirí trína seoltaí IP in 12 Ballstát agus san Iorua, sa Tuirc, sa Úcráin, i SAM agus san Áise.

Iarradh ar Eurojust na cuardaigh a bhí le déanamh i mBallstáit a chomhordú trí uirlisí idirnáisiúnta breithiúnacha comhair, le tacaíocht ó Europol agus Interpol, d'fhonn fianaise a chaomhnú agus an gréasán a dhíchóimeáil.

Bunaíodh ionad comhordúcháin in Eurojust, ionad a raibh baint ghníomhach ag an bhFrainc, ag an bPortaingéil, ag an nGearmáin, ag an Spáinn, ag an tSualainn agus ag an Iodáil leis.

Mar thoradh ar na hiarrachtaí seo, aithníodh 112 duine agus rinneadh iad a dhíotáil mar gheall ar ghaolmhaireacht choiriúil, gabhadh deichniúr ar fad ar fud an domhain, rinneadh líon mór tithe a chuardach agus gabhadh fianaise. Dhún údaráis na Stát Aontaithe an gréasán sóisialta agus gabhadh an t-inneachar d'fhonn a chinntiú go bhfuil sé ar fáil mar fhianaise.

1.4 Meithleacha imscrúdúcháin chomhpháirteacha

I 2012, lean Eurojust ag tacú le agus ag tabhairt cúnaimh do chleachtóirí chun JITanna a bhunú agus a reáchtáil. Sa tréimhse tuairiscithe, bhí 78 JITanna gníomhacha ann agus fuair 62 JITanna maoiniú ó Eurojust. Ghlac Baill Náisiúnta páirt i 47 JITanna nua-chruthaithe, agus ní raibh ach cineál amháin coire i gceist le cuid acu. Bhí Baill Náisiúnta páirteach ina n-acmhainn mar údaráis inniúla náisiúnta nó thar

ceann Eurojust. Dhéileáil na JITanna le cineálacha tromchoireachta, dála gáinneáil ar dhrugaí, sciúradh airgid, THB agus calaois. Ina theannta sin, fuair Eurojust 14 fógra ó Bhallstáit de réir Airteagal 13(5) de Chinneadh Eurojust.

Fianaise é an méadú atá ag teacht ar úsáid JITanna éascaithe ag Eurojust go bhfuil cleachtóirí ag dul i dtaithí ar an ionstraim JIT, go n-aithníonn siad saineolas Eurojust sa réimse seo, agus go dtugann siad aitheantas don tábhacht a bhaineann le Tionscadal Maoinithe JIT.

Baineann ról sainiúil Eurojust i mbunú agus i bhfeidhmiú mar is cuí na JITanna leis na nithe seo a leanas den chuid is mó: (i) tacaíocht a sholáthar maidir le comhaontuithe JIT agus pleananna gníomhaíochta oibriúcháin a dhréachtú, go háirithe sa chás nach mór clásail shonracha a chur leis na samhlacha caighdeánacha, (ii) comhairle a thabhairt d'údaráis náisiúnta maidir lena bhfuil an uirlis seo oiriúnach i gcásanna coincréiteacha, (iii) cásanna oiriúnacha a aithint le haghaidh JITanna, (iv) faisnéis maidir le córais éagsúla nós imeachta a thairiscint, (v) tacú le JITanna trí chruinnithe comhordúcháin, agus (vi) comhordú a sholáthar le linn gníomhaíochtaí oibriúcháin ar laethanta gníomhaíochta.

Is ionann cásobair Eurojust agus fianaise go bhfuil deacrachtaí dlíthiúla agus praiticiúla fós ag dul i bhfeidhm ar fheidhmiú ceart uirlis JIT. Aithníodh na constaicí seo a leanas: (i) leibhéil nó luas difriúil na n-imscrúduithe sna Ballstáit sin atá páirteach i JIT, (ii) easpa imscrúdú comhthreomhar sna Ballstáit sin a éilíonn imscrúdú d'fhonn cur ar a gcumas a bheith páirteach i JIT, agus (iii) difríochtaí i gcórais dhlíthiúla, go háirithe i ndáil leis na rialacha a bhaineann le rúndacht imeachtaí, rochtain ar chomhad-doiciméid cáis (saincheisteanna nochta), teorainneacha ama maidir le coinneáil sonraí, agus fianaise a thabhairt trí fhíschomhdháil nó i ndáil le meicníocht rialaithe breithiúnaí. Dhéileáil Eurojust in athuair le fadhbanna athfhillteacha a bhain le hinghlacthacht fianaise agus nochtadh faisnéise agus d'éirigh leis cabhrú le cleachtóirí déileáil leis na fadhbanna sin.

Lean Eurojust le feasacht faoi JITanna a spreagadh i measc cleachtóirí trí aird a tharraingt ar an luach breise a bhaineann leis an uirlis seo, go háirithe sna Ballstáit sin nach bhfuil mórán taithí acu ar JITanna a úsáid.

Tacaíonn Eurojust agus cleachtóirí sna Ballstáit le measúnú córasach na huirlise JIT d'fhonn úsáid agus feidhm na huirlise a bhreisiú agus a fheabhsú. I 2012, is léir ó chásobair Eurojust go raibh baint aige le measúnú JITanna ar bhonn cás ar chás, roimh shíneadh a chur le JIT agus i ndiaidh é a dhúnadh.

Pléadh measúnú na huirlise JIT i rith 8ú Cruinniú Bliantúil na Saineolaithe Náisiúnta ar Mheithleacha Imscrúdúcháin Chomhpháirteacha, eagraithe ag

Síníodh comhaontú JIT in Eurojust d'fhonn imscrúduithe ar chionta a bhaineann le hinimirce neamhdhleathach agus smuigleáil daoine a dhéantar trí, i measc modhanna eile, pósadh bréige, calaois doiciméid agus cionta drugaí déanta ag OCGanna nó daoine aonair, sa Ríocht Aontaithe agus san Ísiltír a éascú.

Bhí baint ag an OCG atá ag feidhmiú san Ísiltír i mná Dúitseacha Aintillíocha a earcú chun náisiúnaigh de bhunadh na Nigéire a phósadh sa Ríocht Aontaithe agus a stádas inimirce a dhlisteanú.

Reáchtáladh trí chruinniú chomhordúcháin ag Eurojust chun faisnéis a mhalartú faoi stádas reatha na n-imscrúduithe sa Ríocht Aontaithe agus san Ísiltír, chun roghanna oirbheartaíocha a bhaineann leis an gcéim gabhála san Ísiltír a phlé, chun iniúchadh a dhéanamh ar na féidearthachtaí a bhaineann le cruinniú straitéiseach maidir le pósadh bréige, agus chun feasacht faoin gcineál seo coire a spreagadh.

I ndiaidh dhá bhliain de ghníomhaíocht JIT, thuairiscigh an dá Bhallstát go raibh ag éirí go maith leis an gcomhpháirtíocht. Sa Ríocht Aontaithe, d'eascair 68 gabháil, 56 ciontú agus pianbhreitheanna príosúin níos mó ná 72 bliain as an bplean gníomhaíochta. San Ísiltír, gabhadh an duine is mó a raibh amhras faoi agus ghéill sé sa Ríocht Aontaithe.

Measadh gur bhain fíorthábhacht le rannpháirtíocht pointí teagmhála náisiúnta an Líonra JITanna, trí thacaíocht a sholáthar nó trí thorthaí na measúnuithe a bhailiú agus a chur ar aghaidh chuig lárphointe, Rúnaíocht an Líonra JITanna b'fhéidir, mar chuid den phróiseas measúnaithe. Is uirlis luachmhar a bheadh in ardán bunaithe ar an ngréasán a fhorbairt do thorthaí a leithéid sin de mheasúnuithe chun faisnéis agus tacaíocht cothrom le dáta a thabhairt do chleachtóirí.

I ndiaidh fianaise a fháil ó íospartach de gháinneáil ar dhaoine de bhunadh na Bulgáire, a bhí tugtha chuig an Ríocht Aontaithe tríd an nGréig faoi bhagairt agus ar cuireadh brú uirthi oibriú mar striapach sa Ríocht Aontaithe ar feadh thart ar mhí amháin, thionscain an Ríocht Aontaithe imscrúdú. Aimsíodh go raibh níos mó íospartach á ngáinneáil ag na daoine céanna a bhí faoi amhras, agus bhunaigh údaráis na Ríochta Aontaithe comhaontú JIT leis an mBulgáir. Fuair an JIT tacaíocht airgeadais trí thionscadal maoinithe JIT Eurojust. Sholáthair an JIT 3 iarratas ar mhaoiniú ar an mbonn go mbronnfaí EUR 98 330, dhá ríomhaire glúine, printéir amháin agus scanóir.

Reáchtáladh dhá chruinniú chomhordúcháin ag Eurojust sular shínigh na páirtithe an comhaontú JIT. Saincheisteanna dlínsiúla is mó a bhí i gceist, ó tharla go raibh coireanna, daoine a bhí faoi amhras agus íospartaigh lonnaithe sa Ríocht Aontaithe agus sa Bhulgáir. Ba ionann na difríochtaí sa nós imeachta coiriúil, cosúil leis an riachtanas a bhain le comhthacaíocht, agus dúshláin fhianaiseacha, dúshláin a chomhlíon an JIT. Tugadh tús áite don leas frithpháirteach in, agus tairbhe, an JIT agus ba é a bhí mar thoradh leis iarrachtaí rathúla idir údaráis na Ríochta Aontaithe agus na Bulgáire.

Bhí obair an JIT, mar aon leis an gcomhar simplithe trí chruinnithe comhordúcháin ag Eurojust, mar thoradh le roinnt daoine a bhí faoi amhras agus íospartaigh bhreise an OCG seo a aithint. Cuireadh an príomhdhuine a bhí faoi amhras chun triail agus gearradh pianbhreith sé bliana air.

Eurojust i gcomhpháirt le Europol, an 18 - 19 Deireadh Fómhair. Chomhaontaigh saineolaithe ar an tábhacht a bhaineann le bailiú córasach agus láraithe faisnéise a bhaineann le JIT, ag tarraingt airde ar an ngá atá le teimpléad nó seicliosta caighdeánach chun cabhrú le cleachtóirí le measúnuithe JIT.

Measadh gur bhain fíorthábhacht le rannpháirtíocht pointí teagmhála náisiúnta an Líonra Náisiúnta Saineolaithe ar Mheithleacha Imscrúdúcháin Chomhpháirteacha (Líonra JITanna), trí thacaíocht a sholáthar nó trí thorthaí na measúnuithe a bhailiú agus a chur ar aghaidh chuig lárphointe, Rúnaíocht an Líonra JITanna b'fhéidir, mar chuid den phróiseas measúnaithe. Is uirlis luachmhar a bheadh in ardán bunaithe ar an ngréasán a fhorbairt do thorthaí a leithéid sin de mheasúnuithe chun faisnéis agus tacaíocht cothrom le dáta a thabhairt do chleachtóirí. Le cois na measúnuithe náisiúnta, thuig na saineolaithe go raibh gá le measúnú ar úsáid na huirlise JIT ar leibhéal AE.

Tacaíocht airgeadais Eurojust d'oibríochtaí JIT

Mar atá deimhnithe ag cleachtóirí sna Ballstáit, soláthraíonn tacaíocht airgeadais agus lóistíochúil do JITanna luach breise ríthábhachtach i ndáil le bunú agus reáchtáil JITanna laistigh den Aontas Eorpach. Glactar leis go forleathan gurb é Eurojust an príomh-imreoir i dtacaíocht airgeadais a sholáthar do JITanna. Lean Eurojust lena Thionscadal Maoinithe JIT, dar teideal *Tacú le Breis Úsáide JITanna*, i 2012. Seoladh an tionscadal, atá bunaithe ar dheontas faighte ón gCoimisiún Eorpach faoin gclár *Cosc agus Comhrac i gcoinne na Coireachta 2007 - 2013*, i nDeireadh Fómhair 2010. Cuirfear críoch leis an tionscadal, a chuireann ar chumas Eurojust tacaíocht airgeadais a sholáthar do ghníomhaíochtaí oibriúcháin JITanna, ar an 30 Meán Fómhair 2013. Tá baint ghníomhach ag Eurojust le réitigh mhalartacha maoinithe a aimsiú a chuirfeadh ar chumas Eurojust leanúint le tacaíocht airgeadais a sholáthar do JITanna.

Thacaigh Eurojust le 62 JITanna éagsúla a raibh baint ag 22 Ballstát leo i 2012. Ba iad na réimsí coireachta ba mhinice a dhírigh na JITanna tacaithe orthu gáinneáil ar dhrugaí agus THB. Ba iad na Ballstáit ba ghníomhaí i maoiniú JITanna ná an Ríocht Aontaithe, an Fhrainc, an Bheilg, an Ghearmáin, an Ísiltír agus an Eastóin. Bunaithe ar 143 iarratas ar mhaoiniú a fuarthas i 2012 (dhá oiread an líon iarratas a fuarthas i 2011), chabhraigh Eurojust le costais taistil, chóiríochta, aistriúcháin agus ateangaireachta a bhain le gníomhaíochtaí JIT. Ina theannta sin, tugadh roinnt fón póca, ríomhairí glúine, printéirí agus scanóirí soghluaiste chuig baill JIT chun cúrsaí cumarsáide a éascú. Fianaise é an líon méadaithe iarratas ar mhaoiniú ar an tábhacht a bhaineann le hinfhaighteacht maoinithe.

Féadfar a thuilleadh sonraí ar an Tionscadal Maoinithe JIT a fháil ar láithreán gréasáin Eurojust.

1.5 Cásobair Eurojust lena mbaineann tríú Stáit

I 2012, d'iarr Eurojust cúnamh tríú Stát 242 uair, méadú i gcomparáid leis na blianta roimhe sin. I measc na dtríú Stát is minic iarrtha bhí an Eilvéis, an Iorua, SAM, an Chróit, an tSeirbia, an Albáin, an Bhrasaíl agus an Úcráin. Ba iad na príomhchineálacha coireanna a bhí i gceist sna cásanna sin gáinneáil ar dhrugaí, calaois agus sciúradh airgid. Iarradh cúnamh Eurojust chomh maith i gcásanna a bhain le cibearchoireacht, éilliú, robáil eagraithe, smuigleáil neamhdhleathach inimirceach agus trádáil neamhdhleathach.

Rinneadh ionadaíocht ar Thríú Stát 49 uair ag cruinnithe comhordúcháin Eurojust, méadú i gcomparáid le 2011, agus i measc na dTríú Stát ba mhinice i gceist bhí an Iorua (10), an Eilvéis (9), an Tuirc (6), SAM (5), an Albáin (5), Iar-Phoblacht Iúgslavach na Macadóine (3), an Chróit (2) agus an tSeirbia (2).

Bhain na hiarrataí ba mhinice a rinne Eurojust le tríú Stát le dlús a chur faoi nó eiseachadadh a éascú agus iarrataí MLA (e.g. feidhmiú orduithe reo agus coigistithe, éisteachtaí trí fhíchomhdháil, idircheapadh cumarsáide, aistriú éisteachtaí coiriúla, iarratais ar thaifid choiriúla), ceanglais dhlíthiúla agus reachtaíocht ábhartha a shoiléiriú nó sonraí teagmhála údarás inniúil a aithint.

Is léir ó chásobair Eurojust go bhfuil úsáid agus rath ar chomhar le tríú Stát agus leis an gcúnamh atá á sholáthar ag pointí teagmhála Eurojust i dtríú Stát. Eascraíonn deacrachtaí agus moilleanna ó na nithe seo a leanas, áfach: (i) easpa teagmhálacha díreacha i roinnt tríú Stát, (ii) úsáid a bhaint as cainéil taidhleoireachta, seachas as údaráis lárnacha, chun iarrataí a aistriú, agus (iii) difríochtaí suntasacha i gcórais dhlíthiúla. Tugadh na deacrachtaí seo faoi deara le tríú Stát nach bhfuil comhaontuithe déthaobhacha nó iltaobhacha tugtha chun críche ag na Ballstáit leo, nó nach bhfuil comhaontú comhair tugtha chun críche ag Eurojust leo.

D'éascaigh an Meabhrán Comhthuisceana idir Eurojust agus IberRed comhar idir na Ballstáit agus tíortha Mheiriceá Laidinigh trí chainéil chumarsáide a fheabhsú. Bhí ról lárnach ag Deasca Spáinneacha agus Portaingéalacha Eurojust mar chainéil do chásobair Eurojust a bhfuil baint ag tíortha Mheiriceá Laidinigh léi. I measc na gcineálacha cúnaimh ba mhinice a iarrtar tá iarrataí ar fhaisnéis maidir le ceanglais dhlíthiúla agus reachtaíocht, staid feidhmithe LIanna agus iarratais eiseachadta, agus údaráis ábhartha agus pointí teagmhála ábhartha a aithint.

Ionchúisitheoirí Idirchaidrimh ó thríú Stáit ar iasacht le Eurojust

D'éascaigh láithreacht na nIonchúisitheoirí Idirchaidrimh ón gCróit, ón Iorua agus ó SAM ag Eurojust comhar breithiúnach idir údaráis inniúla náisiúnta. I 2012, chláraigh Ionchúisitheoir Idirchaidrimh na Cróite cúig chás a bhain le héilliú agus ghlac sé páirt in dhá chruinniú chomhordúcháin. Chláraigh an tIonchúisitheoir Idirchaidrimh don Iorua 41 cás a dhéileáil le

I 2009, chuir SAM tús le himscrúdú ar líonra coiriúil idirnáisiúnta ardfhorbartha agus dea-eagraithe a raibh baint aige le mí-úsáid ghnéasach leanaí trí íomhánna agus físeáin ghrafacha de mhí-úsáid ghnéasach leanaí a chruthú agus a scaipeadh ar fud an domhain. Bhí clár fógraí phríobháidigh ar líne á óstáil i SAM, clár a chur ar chumas ball íomhánna agus físeáin gháirsiúla dóibh féin agus d'aosaigh eile i mbun ainteagmháil ghnéasach fhoréigneach ar leanaí, leanaí faoi 12 bliain d'aois go minic, a thrádáil. Bhain déantóirí coire úsáid as bearta éagsúla lena chinntiú nach n-aithneofaí iad, lena n-áirítear ainmneacha bréige, seachfhreastalaithe, criptiú agus pasfhocail. I measc na dtíortha a bhí páirteach bhí an Bheilg, Ceanada, an Danmhairg, Eacuadór, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ungáir, an Chéinia, an Ísiltír, na hOileáin Fhilipíneacha, Catar, an tSeirbia, an tSualainn agus an Eilvéis.

I 2010, leathnaigh SAM a imscrúdú trí chomhad a oscailt laistigh de Eurojust chun comhordú idir imscrúduithe Mheiriceá agus na mBallstát a éascú. Nocht na himscrúduithe naisc le 45 tír difriúil, agus lean torthaí ag eascairt as na himscrúduithe i rith an fhómhair i 2012.

gáinneáil ar dhrugaí, calaois, dúnmharú, robáil eagraithe, THB, sceimhlitheoireacht, mar aon le trí chás a bhain le mí-úsáid leanaí. Reáchtáil an Iorua cruinniú comhordúcháin amháin i gcás a bhain le gáinneáil ar dhrugaí, mar aon le páirt a ghlacadh i 10 gcruinniú comhordúcháin agus JIT amháin. Ghlac an tIonchúisitheoir Idirchaidrimh do SAM páirt i gcúig chruinniú chomhordúcháin.

I measc na bpríomh-shaincheisteanna agus na ndeacrachtaí praiticiúla a bhain le comhar breithiúnach a d'aithin na hIonchúisitheoirí Idirchaidrimh bhí, *inter alia*, moilleanna nó neamhfheidhmiú iarrataí, deacrachtaí le héisteachtaí finnéithe trí fhíschomhdháil, eiseachadadh náisiúnach, caighdeáin dhifriúla ag teastáil chun rochtain a fháil air nó chun teacht ar shonraí, faisnéis agus fianaise, saincheisteanna agus ceisteanna dlínsiúla maidir leis an mbealach ar cheart do Stáit iolracha a bhfuil baint acu le himscrúduithe tabhairt faoi ionchúisimh.

I measc na ndea-chleachtas tá na dlúthchaidrimh oibre a forbraíodh idir agus i measc na nDeasc Náisiúnta agus leis na hIonchúisitheoirí Idirchaidrimh. I gcás amháin a raibh baint ag an Iorua agus SAM leis, bhí an tIonchúisitheoir Idirchaidrimh do SAM in ann teagmháil a dhéanamh láithreach baill le hoifigigh FBI san Eoraip agus i SAM chun cúnamh a lorg le finné a aimsiú, agus cuireadh na socruithe a bhain le fianaise a fháil i gcrích laistigh de 48 uair. Measadh go raibh cruinnithe comhordúcháin Eurojust an-éifeachtach i ndáil le himscrúduithe coiriúla agus ionchúisimh shuntasacha a chomhordú. I measc na ndea-chleachtas eile a tugadh faoi deara bhí teagmháil luath, áit ar féidir, chun plé a dhéanamh ar an mbealach is éifeachtaí le faisnéis a fháil agus fianaise a aistriú gan mórán moille.

1.6 Eurojust agus líonraí na gcleachtóirí

An Gréasán Breithiúnach Eorpach

Ghlac Eurojust páirt sa 38ú lánchruinniú EJN i gCóbanhávan, cruinniú inar déileáladh le ceisteanna a bhain le JITanna agus comhar le Líonra na JITanna agus líonra pointí teagmhála na hEorpa i ndáil le daoine atá freagrach as cinedhíothú, coireanna in aghaidh an chine dhaonna agus coireanna cogaidh (Líonra Cinedhíothaithe). Chomh maith leis sin, ghlac Eurojust páirt i 39ú lánchruinniú EJN sa Niocóis, tráth ar pléadh úsáid EAW agus, prionsabal na comhréireachta.

Mar a bhí i gceist i mblianta roimhe seo, d'oibrigh Eurojust ar a chuid caidreamh leis an EJN.

Ina theannta sin, iarradh ar an gComh-Thascfhórsa Eurojust-EJN (an Tascfhórsa) faoi Uachtaránacht na Danmhairge déileáil le ceist na comhlántachta idir EJN agus Eurojust. Chabhraigh EJN & Meitheal na nGiúistísí Idirchaidrimh le hullmhú chruinniú an Tascfhórsa i gCóbanhávan agus dréachtú páipéar comhpháirteach chun cleachtóirí breithiúnacha sna Ballstáit a chur ar an eolas maidir leis an obair a bhí ar bun ag EJN agus Eurojust agus chun cur síos a dhéanamh ar na seirbhísí a bhí á soláthar ag na heagraíochtaí seo. Pléadh na pleananna a bhí ann don Tascfhórsa cur le bunú ENCS amach anseo agus cur chun feidhme Airteagal 13 agus 13a de Chinneadh Eurojust.

Chomh maith leis sin, reáchtáil Eurojust 33ú cruinniú rialta phointí teagmhála EJN, 11ú cruinniú Comhfhreagraithe Uirlisí, agus 4ú cruinniú na gComhfhreagraithe Náisiúnta.

Líonra JITanna

Ó 2005 i leith, tá Eurojust agus an Líonra JITanna ag comhoibriú lena chéile chun feasacht a spreagadh, agus úsáid uirlisí tacaíochta a chur chun cinn agus a fhorbairt i measc JITanna sna Ballstáit.

Trí Rúnaíocht Líonra JITanna a bhunú i 2011, sholáthair Eurojust na cleachtóirí JITanna le hardán úsáideach comhordúcháin. I 2012, sholáthair Rúnaíocht Líonra na JITanna na cleachtóirí sna Ballstáit, agus na Institiúidí agus Gníomhaireachtaí AE ábhartha, le breis is 3 500 cóip den eagrán clóite de *Lámhleabhar JIT Eurojust-Europol*.

Ar 18-19 Deireadh Fómhair 2012 bhailigh breis is 100 cleachtóir JITanna ag 8ú Cruinniú na Saineolaithe

Náisiúnta ar Mheithleacha Imscrúdúcháin Chomhpháirteacha. Bhí an plé dírithe ar mheasúnú JITanna. Tá tuilleadh faisnéise maidir le hobair Eurojust i réimse na JITanna le fáil i rannán 1.4.

Líonra Cinedhíothaithe

Ó 2004 anall, tá comhar éifeachtach idir Eurojust agus an Líonra Cinedhíothaithe tugtha faoi deara sa chomhrac i gcoinne easpa baol pionóis do phríomhchoireanna idirnáisiúnta. Ó bunaíodh Rúnaíocht an Líonra Cinedhíothaithe ag Eurojust i 2011, tá méadú suntasach tagtha ar ghníomhaíochtaí an Líonra Cinedhíothaithe. Trí chruinnithe an Líonra Cinedhíothaithe agus a Rúnaíocht a reáchtáil, soláthraíonn Eurojust fóram do chleachtóirí bualadh lena chéile chun faisnéis, dea-chleachtais agus taithí a phlé agus a mhalartú, agus comhoibriú lena chéile agus cabhrú lena chéile in imscrúdú agus in ionchúiseamh daoine atá freagrach as cinedhíothú, coireanna in aghaidh an chine dhaonna agus coireanna cogaidh.

Reáchtáil Eurojust 12ú agus 13ú cruinniú an Líonra Cinedhíothaithe ag a áitreabh féin. D'fhreastail cleachtóirí as na Ballstáit agus a gcontrapháirteanna as Ceanada, an Iorua, an Eilvéis, SAM, agus an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta (ICC) ar an dá chruinniú agus ar bhinsí coiriúla idirnáisiúnta ad hoc, Coiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge (ICRC), Interpol agus ionadaithe ón tsochaí shibhialta.

Ag an 12ú cruinniú, phléigh rannpháirtithe comhar idir údaráis inimirce náisiúnta agus seirbhísí fheidhmiú an dlí/ionchúisimh in aithint déantóirí líomhnaithe coireanna atá tar éis iontrála nó atá ina gcónaí laistigh de dhlínse an Aontais Eorpaigh cheana féin. Chomh maith leis sin, phléigh rannpháirtithe na riachtanais a bhain le himscrúdú agus ionchúiseamh éifeachtach cásanna bunaithe ar Airteagal 1F de Choinbhinsiún 1951 na Ginéive a bhain le Stádas Dídeanaithe.

Rinneadh tuilleadh iniúchta ar an gceist seo ag an 13ú cruinniú, cruinniú a raibh Oifig Eorpach um Thacaíocht don Chóras Tearmainn agus ENRanna a chabhraíonn le haithint finnéithe, íospartach agus déantóirí príomhchoireanna idirnáisiúnta páirteach ann. Seo a leanas na nithe eile a phléigh na saineolaithe: (i) bailiú faisnéise maidir le coireanna sa choinbhleacht leanúnach sa tSiria; (ii) toradh bhreithiúnas na Cúirte Breithiúnais Idirnáisiúnta (ICJ) ar cheisteanna a bhaineann leis an oibleagáid chun ionchúisimh nó eiseachadta (an Bheilg v. an tSeineagáil), agus na hiarmhairtí i ndáil le coinbhinsiúin ar chomhar i gceisteanna coiriúla; (iii) an tionscnamh ar chreat dlíthiúil nua idirnáisiúnta i ndáil le cinedhíothú, coireanna in aghaidh an chine dhaonna agus coireanna cogaidh; agus (iv) féidearthachtaí chun JITanna a bhunú d'imscrúdú agus d'ionchúiseamh príomhchoireanna idirnáisiúnta. Bhain fíorthábhacht le saineolas Eurojust.

Lean Eurojust agus an Líonra Cinedhíothaithe ag comhoibriú go gníomhach chun uirlisí do mhalartú faisnéise idir baill an Líonra Cinedhíothaithe a bhunú.

Caidreamh le hinstitiúidí agus comhpháirtithe an AE

2

2.1 Caidreamh institiúideach

Parlaimint na hEorpa

De réir cleachtas bunaithe, chuir Uachtarán Eurojust Tuarascáil Bhliantúil 2011 faoi bhráid Choiste LIBE i Meitheamh. Rinneadh dearcthaí maidir le todhchaí Eurojust a mhalartú. D'fhógair Coiste LIBE pleananna chun cuairt a thabhairt ar Eurojust. I Meitheamh, chuir Eurojust a thorthaí maidir le *Feabhsú an chomhair idir údaráis bhreithiúnacha na mBallstát a bhfuil baint acu leis an gcomhrac i gcoinne na coireachta eagraithe agus ról Eurojust* faoi bhráid an Choiste Speisialta ar Choireacht Eagraithe, Éilliú agus Sciúradh Airgid (Coiste CRIM).

Sholáthair Eurojust a thuairim maidir leis an togra do dhréacht-Threoir AE ar reo agus ar choigistiú fáltas coireachta san Aontas Eorpach. San áireamh sa tuairim sin bhí achoimre ar na dea-chleachtais a forbraíodh i roinnt Ballstát, mar aon le faisnéis faoi chórais reatha cuid de na Ballstáit, agus aithníodh an fhéidearthacht a bhain le coigistiú nach raibh bunaithe ar chiontú a chur i bhfeidhm.

Comhairle an Aontais Eorpaigh

Tugadh cuireadh do Eurojust páirt a ghlacadh i Meithleacha Oibre éagsúla na Comhairle atá ag déileáil le comhar breithiúnach a bhaineann le ceisteanna coiriúla. Chuir Eurojust go háirithe le hiarrachtaí na Meithle Oibre ar Cheisteanna Ginearálta agus Measúnaithe (GENVAL), an Mheitheal Oibre ar Chomhar i gCeisteanna Coiriúla (COPEN), agus an Mheitheal Oibre um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile-Caidreamh Seachtrach (JAIEX). Ina theannta sin, d'fhreastail Eurojust ar chruinnithe na Comhairle um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (CGB) agus CATS nuair a iarradh air a bheith i láthair.

Lean Eurojust le páirt a ghlacadh i gcruinnithe agus i ngníomhaíochtaí COSI agus a thuairimí a thabhairt, ó pheirspictíocht bhreithiúnach, i ndáil le comhar oibríochtúil i gceisteanna coiriúla. Sholáthair Eurojust ionchur go háirithe don dara tuarascáil cur chun feidhme ar Straitéis Slándála Inmheánaí an AE agus do dhoiciméad na Comhairle dar teideal *Breithniúcháin faoi mhaoiniú éifeachtach thimthriall beartais an AE i ndáil le JITanna atá á maoiniú ag* Eurojust. Chuir Eurojust le cur chun feidhme an timthrialla beartais mar aon le páirt a ghlacadh i ngach Plean Gníomhaíochta Oibríochtúil a bhain le tosaíochtaí coiriúla an AE.

Cuireadh príomhthorthaí agus príomh-mholtaí Thionscadal Straitéiseach Eurojust ar *Obair Eurojust a fheabhsú i gcásanna a bhaineann le gáinneáil ar dhrugaí – torthaí deiridh (11483/12)*; an seimineár straitéiseach eagraithe i gcomhar le hUachtaránacht na Danmhairge *Cur Chuige Ildisciplíneach i ndáil le Coireacht Eagraithe: Bearta Riaracháin, Obair Leantach Bhreithiúnach agus Ról Eurojust – Cóbanhávan, 11 - 13 Márta 2012 – Tuarascáil ar Thorthaí (11298/12), agus an Tionscadal Straitéiseach ar ghníomhaíocht Eurojust i gcoinne gháinneáil ar dhaoine – tuarascáil deiridh agus plean gníomhaíochta (16947/12)*, faoi bhráid mheithleacha oibre na Comhairle.

An Coimisiún Eorpach

I ndiaidh idirbheartaíochtaí a rinneadh i 2011, shínigh Eurojust agus an Coimisiún Eorpach Meabhrán Comhthuisceana ar 20 Iúil 2012, rud a chur bonn foirmiúil faoin malartú faisnéise agus is iarracht a bhí ann freisin comhar a fheabhsú i réimse na gceisteanna sin a bhfuil leas frithpháirteach iontu. Reáchtáladh cruinnithe idir Uachtaránacht Eurojust agus an Stiúrthóir Riaracháin agus contrapháirteanna sa Choimisiún Eorpach i rith 2012, rud a d'éascaigh cumarsáid maidir le ceisteanna straitéiseacha agus buiséid.

D'fhreagair Eurojust comhairliúchán poiblí an Choimisiúin Eorpaigh, *Leasanna airgeadais an AE a chosaint agus ionchúisimh a fheabhsú*. Tarraingíodh aird ar cheisteanna praiticiúla agus dlíthiúla a bhain le bunú EPPO speisialaithe, go háirithe an tábhacht a bhain le dlúthchaidreamh idir an EPPO agus Eurojust.

I ndiaidh cuireadh a fháil ón Leas-Uachtarán Viviane Reding, an Coimisinéir um Cheartas, Cearta Bunúsacha agus Saoránacht, ghlac Eurojust páirt i gcruinniú ar 26 Meitheamh, i dteannta le hIonchúisitheoirí Ginearálta agus Stiúrthóirí na nIonchúiseamh Poiblí ó na Ballstáit éagsúla, cruinniú a bhí dírithe ar

ionchúiseamh calaoise i gcoinne leasanna airgeadais an AE.

I nDeireadh Fómhair 2012, d'fháiltigh Eurojust le cuireadh freastal agus cur le cruinniú comhairleach an Choimisiúin Eorpaigh agus saineolaithe na mBallstát maidir le leasú rialachas Eurojust, rialú parlaiminteach agus cumhachtaí breise féideartha, dála imscrúduithe a thionscnamh agus cinntí ceangailteachta a eisiúint d'fhonn coinbhleachtaí dlínsiúla a réiteach.

2.2 Caidreamh le líonraí na gcleachtóirí

An Gréasán Oiliúna Breithiúnach Eorpach

Lean Eurojust lena rannpháirtíocht in agus le tacú le Clár Malairte an Ghréasáin Oiliúna Breithiúnach Eorpach (EJTN). I gcaitheamh na bliana, chaith naonúr ionchúisitheoirí/breithiúna ó Bhallstáit dhifriúla trí mhí ag Eurojust, ag glacadh páirte in obair an lae ag Deasc Náisiúnta a dtír thionscnaimh (an Ostair, an Bheilg, Poblacht na Seice, an Ghearmáin, an Spáinn, an Ungáir, an Iodáil, an Phortaingéil agus Poblacht na Slóvaice). Tugann an Clár Malairte deis do rannpháirtithe léargas a fháil ar obair na heagraíochta trí chéile, rud a chinntíonn go mbíonn tuiscint níos fearr ag na rannpháirtithe ar úsáid agus ar éifeachtacht na n-uirlisí breithiúnacha ar féidir leis na Deasca Náisiúnta úsáid a bhaint astu.

Lean Eurojust agus an EJTN ag obair ar chlár nua-chruthaithe d'oiliúnuithe EJTN d'achar gearr (seachtain amháin). Chaith oiliúnaithe gearrthréimhseacha tamall ag trí Dheasc Náisiúnta (an Ungáir, an Phortaingéil agus an Spáinn) i Nollaig. Tugann an clár malairte gearrthéarmaí deis d'ionchúisitheoirí/breithiúna, i rith tréimhse theoranta, tuiscint a fháil ar scóip obair na nDeasc Náisiúnta mar aon le léargas ginearálta a fháil ar an obair a dhéanann Eurojust.

Thacaigh Eurojust ar bhonn gníomhach le cúrsa oiliúna, *Comhar breithiúnach idirnáisiúnta i gceisteanna coiriúla i gcleachtas*, a sholáthar ionsamhluithe de chásanna EAW agus MLA. Reáchtáladh na cúrsaí oiliúna i roinnt tíortha éagsúla ar fud na hEorpa (Búcairist, Maidrid, Liospóin, Kraków, an Róimh, Tartu agus Ságrab).

Fóram Comhairleach na nIonchúisitheoirí Ginearálta agus Stiúrthóirí na nIonchúiseamh Poiblí i mBallstáit an AE

I rith 2012, lean Eurojust le neart tacaíochta dlíthiúla agus lóistíochúla a sholáthar d'obair Fhóram Comhairleach na nIonchúisitheoirí Ginearálta agus Stiúrthóirí na nIonchúiseamh Poiblí i mBallstáit an AE (Fóram Comhairleach).

I Meitheamh, faoi Uachtaránacht na Danmhairge, d'éascaigh Eurojust freagairt an Fhóraim Chomhairligh don chomhairliúchán poiblí a sheol an Coimisiún Eorpach, *Leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh a chosaint agus ionchúisimh a fheabhsú*, agus bhí rannpháirtíocht choiteann ag déileáil le comhchuibhiú an dlí choiriúil agus bunú an EPPO, ullmhaithe bunaithe ar na freagairtí a fuarthas ón iliomad ball den Fhóram Comhairleach.

Reáchtáladh cruinniú den Fhóram Comhairleach, eagraithe ag Uachtaránacht na Cipire, ag Eurojust i Nollaig. Phléigh na rannpháirtithe na dúshláin a bhain leis an imscrúdú agus ionchúiseamh coireanna a raibh tionchar acu ar leasanna airgeadais an AE, an luach breise a d'eascair as an dréacht-Treoir ar an gcomhrac i gcoinne calaoise ar leasanna airgeadais an AE trí dhlí coiriúil, agus róil an Aontais Eorpaigh, Eurojust, agus na mBallstát faoi seach. I measc na nithe eile a pléadh bhí cionta PIF, ceisteanna dlínsiúla, comhchuibhiú smachtbhannaí, teorainneacha ama, agus tábhacht na gceisteanna seo i ndáil le bunú EPPO amach anseo. Chomh maith leis sin, pléadh ceisteanna a bhaineann le comhar breithiúnach i ndáil le reo agus le coigistiú, agus leagadh béim ar

leith ar na constaicí ar aisghabháil sócmhainní, taithí cleachtóirí, dea-chleachtais agus riachtanais, úsáid phraiticiúil ionstraimí reatha an AE, agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an dréacht-Treoir ar reo agus ar choigistiú fáltas coireachta san Aontas Eorpach. Chomh maith leis sin, phléigh na rannpháirtithe na peirspictíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann don Fhóram Comhairleach amach anseo. Sa chomhthéacs seo, d'iarr baill an Fhóraim Chomhairligh ar Eurojust leanúint le tacaíocht a sholáthar dá ghníomhaíochtaí. Déantar toradh an chruinnithe seo a aistriú chuig na hinstitiúidí ábhartha AE chun tuairimí an Fhóraim Chomhairligh maidir leis na ceisteanna ar fad a pléadh a chur in iúl agus iarrachtaí reachtacha agus beartais a dhéanamh ag leibhéal AE sa chomhrac i gcoinne na tromchoireachta.

2.3 Gníomhaireachtaí agus comhlachtaí an AE

Europol

Cuireadh feabhas ar chomhar oibríochtúil idir Eurojust agus Europol trí chomhlántacht a sainorduithe agus leanadh le béim a leagan ar an ngné seo mar chuid de ghníomhaíochtaí Eurojust i gcaitheamh na bliana.

Sonraítear i CFAE go bhfuil ról comhordúcháin Eurojust bunaithe ar "faisnéis atá curtha ar fáil ag údaráis na mBallstát agus ag Europol". Rinne an dá eagraíocht iarracht malartú faisnéise a fheabhsú d'fhonn cur ar chumas Eurojust a shainordú a chur i gcrích.

Bhain comhar i ndáil le cásobair idir Eurojust agus Europol tairbhe as rannpháirtíocht Europol i gcruinnithe comhordúcháin Eurojust a bhain le 85 cás. Leanadh le forbairt na cumarsáide dírí agus an chomhair idir Deasca Náisiúnta agus Biúró Idirchaidrimh Europol, agus bhí teagmháil agus cruinnithe rialta ag go leor de na Deasca Náisiúnta.

Tá an malartú faisnéise oibríochtúla trí líne shlán cumarsáide idir Eurojust agus Europol fanta mórán mar an gcéanna, agus tá 943 teachtaireacht ar fad malartaithe.

D'eascair feabhas breise ar mhalartú faisnéise as teacht i bhfeidhm Meabhrán Comhthuisceana nuashonraithe, ar 1 Aibreán, ar bhunú líne shlán cumarsáide a chruthaíonn an réamhriachtanas dlíthiúil maidir le húsáid SIENA do mhalartú faisnéise le Eurojust. Bhí cur chun feidhme teicniúil agus oiliúint in SIENA do na Deasca Náisiúnta agus d'Aonad um Anailís ar Chás beagnach críochnaithe faoi dheireadh na bliana. Déanfar measúnú go rialta ar úsáid SIENA do mhalartú faisnéise le Europol d'fhonn a chinntiú go bhfuil lán-úsáid á baint as.

Lean Eurojust le baint a bheith aige le 17 Pointe Fócasach Europol (Comhaid Oibre le haghaidh Anailíse roimhe seo) agus cuireadh tús le hobair ar staidéar féidearthachta. Leanadh leis an bplé maidir le gaolmhaireacht bhreise Eurojust le Pointí Fócasacha cosúil leis na cinn a bhaineann le sceimhlitheoireacht Ioslamaí agus antoisceachas intíre a éascú.

D'éirigh go maith le clár malairte don fhoireann sa dá eagraíocht, clár a bunaíodh i 2011, agus mhéadaigh an líon cuairteanna frithpháirteacha agus an líon rannpháirtithe. Rinneadh 44 sealbhóir poist a óstáil go cómhalartach ag Eurojust agus ag Europol. D'fhreastail rannpháirtithe Europol a bhí ag tabhairt cuairte ar Eurojust ar chruinnithe faisnéise a bhí curtha in oiriúint dá sainchúlraí gairmiúla agus riachtanais.

Cuireadh feabhas ar chomhar oibríochtúil i JITanna trí mheicníocht a fhorbairt d'fhonn eolas maidir le rannpháirtíocht i JITanna a roinnt.

Ar 12 Aibreán agus ar 24 Samhain reáchtáladh cruinnithe neamhfhoirmiúla idir Uachtaránacht Eurojust, Stiúrthóir Riaracháin Eurojust agus Stiúrthóireacht Europol, tionscnamh a bhfuil sé beartaithe leanúint leis amach anseo. Mar a tharla sna blianta roimhe seo, d'fhreastail Eurojust ar chruinnithe Cheannairí Aonaid Náisiúnta Europol (HENUanna).

An Oifig Eorpach Frith-Chalaoise

Is comhpháirtí pribhléideach sa chomhrac i gcoinne calaoise, éillithe agus coireanna eile a bhfuil tionchar acu ar leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh í an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF). Thionscain Eurojust cúig chás a raibh baint ag OLAF leo agus cás

amháin eile, a bhí tionscanta cheana féin ag Eurojust i 2010, agus a cuireadh faoi bhráid OLAF i 2012. Chomh maith leis sin, d'fhreastail OLAF ar chúig chruinniú chomhordúcháin.

I rith na bliana, chas foirne idirchaidrimh Eurojust agus OLAF lena chéile go rialta agus é mar aidhm acu comhar oibríochtúil a neartú sna cásanna leanúnacha agus nithe a bhaineann leis an leas coiteann a mhionléiriú. Cuireadh tús le plé ar an bhféidearthacht a bhain le clár malairte a bhunú do Eurojust agus do OLAF i rith na gcruinnithe coiteanna.

Ghlac Eurojust páirt i 10ú Comhdháil Ionchúisitheoirí Calaoise OLAF i Samhain, mar aon leis an gcomhdháil i Meitheamh, *Treoirphlean d'Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh? Rialacha samhailteacha AE de nós imeachta coiriúil*, eagraithe ag Ollscoil Lucsamburg le tacaíocht ó OLAF. Chuir Eurojust agus OLAF lena n-iarrachtaí i gcaitheamh na bliana chun comhar cásoibre a neartú, agus léirigh siad a dtiomantas do chomhar a thionscnamh áit ar bith ar léir gá a bheith le comhordúchán, beag beann ar nádúr déthaobhach nó iltaobhach an cháis. Déantar monatóireacht agus nuashonrú rialta ar an liosta coiteann cásanna agus ar mheasúnú coiteann cásanna atá tugtha chun críche áit a raibh baint ag OLAF agus ag Eurojust leo.

Chomh maith leis sin, thángthas ar chomhaontú i bprionsabal ar chur chuige "misean coiteann" i ndáil le hionadaithe Eurojust agus OLAF i gcásanna ina raibh gá le hobair leantach bhreithiúnach i ndiaidh imscrúdú riaracháin.

I ndeireadh na dála, táthar ag súil go gcuirfidh rialachán nua OLAF go mór le comhar oibríochtúil amach anseo idir Eurojust agus OLAF, sa mhéid is go bhfuil tagairt shonrach ann d'aistriú faisnéis ábhartha do Eurojust.

Frontex

Lean Eurojust agus Frontex le hidirbheartaíochtaí ar ionstraim a bhí dírithe ar chomhar idirghníomhaireachta a spreagadh agus a chur chun cinn agus tacú lena n-iarrachtaí frithpháirteacha sa chomhrac i gcoinne coireacht thrasteorann.

Tháinig Frontex i gcomharba ar Eurojust mar Chathaoirleach ar Cheannairí Ghníomhaireachtaí CGB. Ghlac Eurojust páirt i ngníomhaíochtaí Ghníomhaireachtaí CGB a bhí dírithe ar chomhar iltaobhach mar aon le freastal ar chruinniú bliantúil Cheannairí CGB ag Frontex ar 3 Nollaig.

CEPOL

Lean Eurojust ag cur le hobair an Choláiste Eorpaigh Póilíneachta (CEPOL), le hionchur i modúl foghlama ar líne CEPOL ar THB, rannpháirtíocht i seimineár Gréasáin CEPOL maidir le feidhmiú dhlí an AE agus gníomhaireachtaí comhar breithiúnach, agus oiliúint maidir le maoiniú JIT. D'fhonn comhar a fheabhsú sa todhchaí, reáchtáladh cruinniú idir CEPOL agus Eurojust maidir le *Curaclam Coiteann Eurojust* a fhorbairt, agus bunaíodh meitheal oibre inmheánaí faoin ábhar seo ag Eurojust.

2.4 Caidreamh le tríú Stáit agus eagraíochtaí lasmuigh den Aontas Eorpach

I Nollaig, sholáthair Eurojust dréacht-chomhaontú maidir le comhar idir Eurojust agus Prionsacht Lichtinstéin do Chomhairle an AE lena fhaomhadh agus chuir sé in iúl don Chomhairle go raibh sé beartaithe aige tús a chur le hidirbheartaíochtaí foirmiúla ar mhaithe le comhaontú comhair le Poblacht na Moldóive a chur i gcrích. Athdhearbhaíodh comhaontuithe comhair le Cónaidhm na Rúise agus leis an Úcráin mar réimsí tosaíochta. Rinneadh iarrachtaí teagmhálacha a bhunú chun iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhain le hidirbheartaíochtaí a thionscnamh maidir le comhaontuithe comhair leis an Albáin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, Rinn Verde, Iosrael, Montainéagró, an tSeirbia agus an Tuirc. Cuireadh tíortha Mheiriceá Laidinigh, go

háirithe an Bhrasaíl, an Cholóim agus Meicsiceo leis an liosta tosaíochta d'idirbheartaíocht comhaontuithe comhair. Chomh maith leis sin, chuir Eurojust an Túinéis lena líonra pointí teagmhála i dtríú Stáit. Ina theannta sin, thionscain Eurojust agus Interpol idirbheartaíochtaí d'fhonn Meabhrán Comhthuisceana a thabhairt chun críche.

Reáchtáladh seimineár straitéiseach, *Comhar Breithiúnach i gCeisteanna Coiriúla idir Bhallstáit an AE agus comharsana Dheisceart an AE* (an Ailgéir, an Éigipt, Iosrael, an Iordáin, an Liobáin, an Libia, Maracó, Údarás Palaistíneach agus an Túinéis), in Limassol, Poblacht na Cipire, an 4 - 5 Deireadh Fómhair, seimineár a bhí eagraithe i gcomhpháirt le Eurojust, Uachtaránacht na Cipire ar Chomhairle an AE, Ard-Aighne Phoblacht na Cipire agus an Coimisiún Eorpach. Déileáladh le dea-chleachtais agus le deacrachtaí a tháinig chun cinn i réimsí éagsúla den chomhar breithiúnach, céimeanna breise chun comhar a neartú, agus pointí teagmhála Eurojust a cheapadh i gcomharsana Dheisceart an AE.

Reáchtáladh an *Ceardlann ar Fheidhmiú an Chúnaimh Dhlíthiúil Fhrithpháirtigh agus Comhaontuithe Eiseachadta idir an Aontas Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheiriceá* ag Eurojust ar 25 – 26 Deireadh Fómhair, imeacht a d'eagraigh Eurojust i gcomhar le SAM, le tacaíocht ó Uachtaránacht na Cipire, Ardrúnaíocht na Comhairle, agus an Coimisiún Eorpach. Dhéileáil an cheardlann leis na deacrachtaí a bhíonn le sárú sa réimse eiseachadta agus MLA, mar aon le saincheisteanna a bhain le coigistiú agus aisghabháil sócmhainní, imscrúduithe cibearchoireachta agus malartú fianaise leictreonaí.

Lean Eurojust ag tacú le tionscnaimh sna Balcáin, tionscadal an Choimisiúin Eorpaigh san áireamh, *Comhrac i gcoinne na coireachta eagraithe agus éilliú: Líonra na nIonchúisitheoirí a Neartú*.

Tá faisnéis maidir le cásobair Eurojust a bhfuil tríú Stáit páirteach ann agus an ról atá ag Ionchúisitheoirí Idirchaidrimh ó thríú Stáit atá ar iasacht le Eurojust, *le fáil i rannán* 1.5.

Cinneadh Eurojust agus an todhchaí

3

3.1 Cur Chun Feidhme na Treorach ón gComhairle ar Eurojust

Bhí gá le reachtaíocht d'fhonn a chinntiú go raibh dlí náisiúnta ag teacht le Cinneadh Eurojust faoi spriocdháta Mheitheamh 2011 in 20 Ballstát. Faoi dheireadh 2012, áfach, ní raibh Cinneadh Eurojust curtha chun feidhme go hiomlán ach ag 12 Ballstát (7 ar bhonn reachtach agus 5 ar bhonn riaracháin), bhí an cinneadh curtha i bhfeidhm i bpáirt i 4 Bhallstát, agus bunaithe ar fhaisnéis faighte ó Bhallstáit, ní raibh an cinneadh curtha i bhfeidhm ag 11 Ballstát go fóill.

Chuir Eurojust roinnt tionscadal a bhain le cur chun feidhme inmheánach Chinneadh Eurojust i gcrích. Tá an Córas Comhordúcháin Glaodhualgais, atá i bhfeidhm ó 2011, ag feidhmiú ina iomláine anois, córas a chiallaíonn go bhfuil teacht ar Eurojust 24/7 trí uimhir theileafóin idirnáisiúnta saor in aisce.

Lean Eurojust lena CMS a fhorbairt, mar aon lena fhoirm "cliste" PDF Airteagal 13, a forbraíodh i 2011 chun aistriú struchtúrtha faisnéise idir cleachtóirí agus Eurojust a éascú agus, i ndiaidh iarrataí úsáideora, cuireadh feabhas air i 2012 tráth ar eisíodh Leagan 2.0, leagan ar féidir é a iompórtáil go CMS go leath-uathoibríoch.

Ceann de na forbairtí ba thábhachtaí sna Ballstáit i 2012 ba ea teacht chun cinn ENCS. Rinne Eurojust níos mó oibre ar nasc teicniúil idir bhaill ENCS sna Ballstáit agus CMS Eurojust chun freastal níos fearr a dhéanamh ar riachtanais úsáideoirí agus chun aistriú faisnéise a dhéanamh ar bhealach níos sábháilte agus níos áisiúla. Sa ghearrthréimhse, éascóidh an nasc seo níos mó slándála i ndáil le haistrithe r-phoist, agus san fhadtréimhse, cuirfidh an nasc ar chumas bhaill ENCS sna Ballstáit a bheith nasctha le CMS. Tá naisc bunaithe cheana féin leis an mBulgáir agus leis an Rómáin. Cruthófar naisc le Ballstáit eile gan mórán moille.

Reáchtáladh an chéad chruinniú de Chomhfhreagraithe Náisiúnta do Eurojust ag Eurojust ar 12 Samhain. Ba é cuspóir an chruinnithe dea-chleachtais agus taithí a phlé agus a mhalartú. Bhí an cruinniú dírithe ar staid bhunú agus fheidhmiú ENCS sna Ballstáit, malartú faisnéise bunaithe ar Airteagal 13 de Chinneadh Eurojust, úsáid fhoirm "cliste" PDF Airteagal 13, aiseolas ó Eurojust bunaithe ar Airteagal 13a, agus staid an naisc theicniúil idir ENCS agus Eurojust CMS. Seoladh an fiches suédoises, forbartha ag Eurojust chun léargas a thabhairt ar chur chun feidhme ENCS sna Ballstáit, i 2008 faoi Uachtaránacht na Sualainne den AE agus tá nuashonrú déanta air go rialta ó shin i leith.

Thuairiscigh roinnt Ballstát go raibh ENCS i bhfeidhm acu, ach nach raibh ach beagán nó ar éigean go raibh aon taithí phraiticiúil acu go dáta, de bhrí gur le déanaí a bunaíodh é. I roinnt Ballstát, tá an ENCS bunaithe de réir Airteagal 12 de Chinneadh Eurojust (i.e. na catagóirí ball atá luaite i gCinneadh Eurojust agus atá san áireamh san ENCS). Tá cur chuige níos leithne roghnaithe ag Ballstáit eile, agus tá ionadaithe ó ghníomhaireachtaí eile nach bhfuil luaite in Airteagal 12 de Chinneadh Eurojust san áireamh san ENCS nó tá cuireadh tugtha dóibh chuig cruinnithe ENCS, ionadaithe ó ghníomhaireachtaí fheidhmiú an dlí mar shampla atá ag déileáil le coireanna airgeadais, agus pointí teagmhála do OLAF agus Europol.

3.2 Séú babhta na measúnuithe frithpháirteacha ar fheidhmiú agus ar chur chun feidhme praiticiúil na gCinntí ar Eurojust agus an Gréasán Breithiúnach Eorpach sna Ballstáit

I Meitheamh 2011, chinn Meitheal Oibre na Comhairle ar Cheisteanna Ginearálta agus Measúnuithe (GENVAL) gur chóir go mbeadh an séú babhta de mheasúnuithe frithpháirteacha dírithe ar fheidhmiú agus ar chur chun feidhme praiticiúil na gCinntí ar Eurojust agus an Gréasán Breithiúnach Eorpach.

Déanfar measúnú ar na Ballstáit ar fad thar thréimhse trí bliana (2012 - 2014). Soláthraíonn gach Ballstát freagairtí scríofa do cheistneoir na Comhairle, agus ansin tugann foireann measúnaithe ar a bhfuil triúr saineolaithe ó Bhallstáit eile agus breathnóirí ón gCoimisiún, Eurojust agus Europol cuairt ar gach Ballstát. Chomh maith leis sin, sholáthair Eurojust freagairtí ar cheistneoir sainiúil a bhí dírithe ar Eurojust, freagairtí a chuireann na foirne measúnaithe a ghlacann páirt i ngach cuairt ar gach Ballstát san áireamh.

I rith 2012, rinneadh measúnú ar an tSualainn, an Liotuáin, an Bheilg, an Eastóin, Poblacht na Slóvaice, an Danmhairg, an Fhionlainn, an Ungáir agus an Ostair. I ndiaidh cuairteanna ar na Ballstáit, scríobhann na saineolaithe – le cúnamh ó na breathnóirí – tuarascálacha measúnaithe bunaithe ar fhreagairtí na mBallstát ar na ceistneoirí agus torthaí na gcuairteanna measúnaithe. Cuirtear na tuarascálacha deiridh faoi bhráid GENVAL.

3.3 Tascfhórsa ar Thodhchaí Eurojust

Lean an Tascfhórsa ar Thodhchaí Eurojust lena mhachnamh agus lena ghníomhaíochtaí ar leasú Eurojust i bhfianaise Airteagal 85 den CFAE agus i dtreo EPPA "ó Eurojust" *a bhunú*, mar atá tuartha in Airteagal 86 den CFAE.

Thug Eurojust a bhreithniúcháin thosaigh maidir lena struchtúr sa todhchaí chun críche, ag cur le prionsabal an rialachais fhónta phoiblí agus neamhspleáchas obair oibríochtúil na nDeasc Náisiúnta, mar aon le hobair a chur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh inar moladh roinnt féidearthachtaí rialachais. Bhain an dara píosa oibre le rannpháirtíocht Pharlaimint na hEorpa agus parlaimintí náisiúnta i measúnú ar ghníomhaíochtaí Eurojust.

3.4 Comhdháil i ndáil le *Deich mbliana Eurojust, gnóthachtálacha oibriúcháin agus dúshláin na todhchaí*

Pléadh an saineolas atá bailithe ag Eurojust i gcomhordú imscrúduithe tromchoireachta le deich mbliana anuas agus a pheirspictíochtaí don todhchaí i rith comhdháil a reáchtáladh i Samhain, eagraithe ag Eurojust le tacaíocht ó Acadamh an Dlí Eorpaigh (ERA), comhdháil dar teideal Deich mbliana Eurojust, gnóthachtálacha oibriúcháin agus dúshláin na todhchaí. D'fhreastail ionadaithe ó institiúidí AE agus comhlachtaí ábhartha i réimse an cheartais choiriúil, ionadaithe ó na Ballstáit, údaráis bhreithiúnacha náisiúnta, saineolaithe acadúla agus Baill Náisiúnta reatha agus iar-bhaill ar an gcomhdháil. Den chéad uair, bhí cead ag an bpobal freastal ar imeacht Eurojust.

Dhearbhaigh na rannpháirtithe gur glacadh le cruinnithe comhordúcháin, ionaid chomhordúcháin agus tacaíocht do JITanna mar uirlisí éifeachtacha le déileáil le heasnaimh in imscrúduithe trasnáisiúnta agus ionchúisimh i gcoinne tromchoireacht thrasteorann.

Leag rannpháirtithe béim ar an bpointe gur cheart go mbeadh a éifeachtacht feabhsaithe oibríochtúil i dteannta le feabhas sa struchtúr inmheánach agus rialú parlaiminteach Eurojust i gcomhordú imscrúduithe agus ionchúiseamh, agus go mb'fhéidir go bhféadfaí tionscnamh imscrúduithe agus réiteach coinbhleachtaí dlínsiúla a chur san áireamh amach anseo.

I gcomhthéacs Airteagal 86 den CFAE, leagadh béim ar an ngá atá le creat comhtháite agus dlúthnaisc idir Eurojust agus EPPO agus gníomhaithe ábhartha eile sa réimse, dála OLAF agus Europol, chun cuspóir coiteann a bhaint amach, m.sh. calaois i gcoinne leasanna airgeadais an AE a chomhrac ar bhealach níos éifeachtaí.

Chomhaontaigh rannpháirtithe gur cheart go mbeadh EPPO sa todhchaí bunaithe ar struchtúir reatha, taithí agus saineolas agus gur cheart gur cuid de chóras comhtháite a bheadh ann i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais. Chomh maith leis sin, chomhaontaigh siad go mbeidh ról lárnach ag Eurojust san EPPO a bheidh ann sa todhchaí agus i gcaidreamh le húdaráis bhreithiúnacha náisiúnta na mBallstát agus na dtríú Stáit.

Forbairtí riaracháin

4

4.1 Forbairtí riaracháin

Is ionann an Plean Oibre Bliantúil agus pleananna oibríochtúla ag leibhéal aonaid agus príomh-chomhpháirt de thimthriall straitéiseach pleanála agus cláraithe Eurojust agus bunús buiséid de réir gníomhaíochtaí Eurojust. Tá tús curtha le hobair chun na huirlisí atá ar fáil chun pleanáil éifeachtach, buiséadú cost-éifeachtúil agus bainistíocht feidhmíochta a chinntiú.

Cuireadh gníomhaíochtaí pleanáilte Eurojust i 2012 i gcrích trí lucht oibre de 274 duine lonnaithe sa Háig, eadhon 45 ionchúisitheoir, breitheamh agus oifigeach póilíneachta ar comhchumas ar iasacht le Eurojust ó Bhallstáit, 12 Saineolaí Náisiúnta ar Iasacht agus 217 ball foirne. Bhí buiséad Eurojust i 2012 cothrom le EUR 32 967 000; bhí cur chun feidhme an bhuiséid cothrom le 98%.

I gcreat an Mheabhráin Chomhthuisceana idir an Coimisiún Eorpach agus Eurojust, reáchtáladh roinnt cruinnithe bainistíochta agus malartú faisnéise agus comhairliúchán ar bhonn rialta idir ionadaithe ón gCoimisiún, Stiúrthóir Riaracháin Eurojust agus Ceannairí Aonad agus Seirbhísí. Bhain gach duine tairbhe as an bplé breise, go háirithe i rith tréimhse ina raibh srianta airgeadais le tabhairt faoi deara mar aon le plé maidir le rialacháin nua do Eurojust.

Ghlac Eurojust páirt, laistigh de fhráma ghníomhaíochtaí Ghníomhaireachtaí CGB, i gcruinnithe saineolaithe ar phleanáil straitéiseach. Chomh maith leis sin, chuaigh Eurojust i gcomhairle le gníomhaireachtaí eile maidir lena chlár oibre bliantúil do 2014.

Rinne Eurojust dul chun cinn maidir le creat Athbhreithniú an Struchtúir Eagraíochtúil (OSR), lena n-áirítear Riarachán Eurojust a aistriú chuig struchtúr nua. Cuireadh an próiseas aistrithe i bhfeidhm i ndiaidh plean earcaíochta, plean a bhí bainistithe trí shraith nósanna imeachta inmheánacha agus seachtracha roghnúcháin. San áireamh sa líon mór nósanna imeachta roghnúcháin a bhí luaite leis an aistriú seo, cuireadh roghnú Cheannaire na Tacaíochta Oibriúcháin i gcrích freisin.

San áireamh sa Phlean Gníomhaíochta le haghaidh cur chun feidhme Straitéis Cumarsáide Eurojust, ar ghlac an Coláiste léi i nDeireadh Fómhair 2012, tá sraith gníomhaíochtaí a bhfuil sé mar bhonn leo caidreamh le comhpháirtithe AE, páirtithe leasmhara agus na meáin a neartú, agus bunachar sonraí de léirithe cáis a bhunú d'fhonn cur le hinfheictheacht chásobair Eurojust. Seoladh láithreán gréasáin nua Eurojust i bhFeabhra 2012 tráth a raibh ceiliúradh 10 mbliain ó bunaíodh Eurojust ar siúl.

Roghnaigh Eurojust agus an Ballstát Aíochta an fhoireann bhuacach dearaidh d'áitreabh nua Eurojust go luath i 2012, agus leanadh le hobair ar shainmhíniú na riachtanas agus ar dhearadh deiridh an áitribh nua, atá le cur i gcrích faoi dheireadh 2013. Bunaithe ar an sceideal pleanála, beidh áitreabh nua Eurojust curtha i gcrích faoi dheireadh 2015.

4.2 Rochtain phoiblí ar dhoiciméid

Mhéadaigh an líon iarrataí ar rochtain phoiblí ar dhoiciméid Eurojust i 2012; rinneadh 17 iarraidh thosaigh agus iarraidh dhaingniúcháin amháin. Ghlac Eurojust go díreach le 14 de na hiarrataí tosaigh. Chuathas i gcomhairle le Eurojust mar thríú páirtí sa trí chás eile, i ndiaidh iarrataí a bheith faighte ó eagraíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta eile.

I seacht gcinn as na hocht n-iarraidh eile nár bhain le cás, ceadaíodh rochtain. I gcás iarraidh amháin, diúltaíodh rochtain i bpáirt de bhrí go mbainfeadh nochtadh iomlán an bonn de shlándáil phoiblí, comhlíonadh thascanna Eurojust i ndáil le neartú an chomhraic i gcoinne tromchoireachta agus comhlíonadh na rialacha infheidhme maidir le rúndacht ghairmiúil (de réir airteagal 4(1)(a), an chéad, an cúigiú agus an seachtú foráil den Chinneadh Glacadh le Rialacha a bhaineann le Rochtain Phoiblí ar Dhoiciméid Eurojust).

Maidir leis na sé iarraidh ar rochtain ar dhoiciméid a bhaineann le cás, bhí iarraidh amháin ceadaithe i bpáirt; cinneadh diúltú do roinnt de na doiciméid iarrtha (nó codanna díobh) ar an bhforas gur gá

príobháideacht agus sláine na ndaoine i gceist agus próiseas cinnteoireachta Eurojust a chosaint (de réir airteagal 4(1)(b) agus 4(3) den Chinneadh Glacadh le Rialacha a bhaineann le Rochtain Phoiblí ar Dhoiciméid Eurojust). In iarraidh eile, ní raibh na doiciméid iarrtha i seilbh Eurojust níos mó. Maidir leis na ceithre iarraidh eile ar rochtain ar dhoiciméid a bhaineann le cás, diúltaíodh rochtain sa mhéid is go mbainfeadh sé an bonn de chosaint leas an phobail i ndáil le comhlíonadh thascanna Eurojust chun an comhrac i gcoinne tromchoireachta, imscrúduithe agus ionchúiseamh náisiúnta a neartú, a bhfuil

Cinn Aonad agus Seirbhísí Eurojust

Ó chlé go deas: Jacques Vos, Seirbhísí Corparáideacha; Joannes Thuy, Urlabhraí, Preas & Caidreamh Poiblí; Diana Alonso Blas, Oifigeach Cosanta Sonraí; Carla Garcia Bello, Rúnaí Dlí don Choláiste; Alinde Verhaag, Anailís Chásanna; Anna Baldan, Comhordaitheoir Rúnaíochta Líonra JITanna; Klaus Rackwitz, Stiúrthóir Riaracháin; Catherine Deboyser, Seirbhís Dlí; Jon Broughton, Bainistíocht Faisnéise; Mike Moulder, Buiséad, Airgeadas agus Soláthar; Linda Scotts, Acmhainní Daonna; Matevž Pezdirc, Comhordaitheoir Líonra Cinedhíothaithe; Fatima Martins, Rúnaí don EJN

Riarachán Eurojust 2013

baint ag Eurojust leo, agus comhlíonadh na rialacha infheidhme maidir le rúndacht ghairmiúil (de réir airteagal 4(1)(a), an cúigiú, séú agus seachtú foráil den Chinneadh Glacadh le Rialacha a bhaineann le Rochtain Phoiblí ar Dhoiciméid Eurojust), sláine daoine aonair (de réir Airteagal 4(1)(b) den Chinneadh Glacadh le Rialacha a bhaineann le Rochtain Phoiblí ar Dhoiciméid Eurojust) agus/nó próiseas cinnteoireachta Eurojust a chosaint (Airteagal 4(3) den Chinneadh Glacadh le Rialacha a bhaineann le Rochtain Phoiblí ar Dhoiciméid Eurojust).

Thagair na trí hiarraidh eile ar rochtain do cheisteanna coiriúla nó d'imscrúduithe coiriúla go ginearálta, ach ní raibh siad laistigh de scóip shainordú Eurojust nó thagair siad do chásanna nár chabhraigh Eurojust leo. Dá réir sin, chuir Eurojust in iúl do na hiarratasóirí nach raibh doiciméid Eurojust ar fáil.

Bearta mar gheall ar Chonclúidí na Comhairle

6

Ar 6 Meitheamh 2012, ghlac Comhairle CGB le Conclúidí maidir le 10ú Tuarascáil Bhliantúil Eurojust (10360/12). Mar a tharla sna blianta roimhe seo, tuairiscíonn Eurojust ar chur chun feidhme na gconclúidí seo. Tá tuilleadh faisnéise le fáil sa tábla thíos maidir leis na réimsí sin a ndearna an Chomhairle moltaí ina leith.

Moltaí na Comhairle	Follow-up
An úsáid a bhaintear as físchomhdháil a fheabhsú.	Ainneoin nach bhfuil aon fhigiúirí ar fáil, tá sé tugtha faoi deara go bhfuil níos mó úsáide á baint ag Deasca Náisiúnta as an trealamh físchomhdhála sna cruinnithe comhordúcháin, sna hionaid chomhordúcháin agus sna cruinnithe lena n-údaráis baile.
An úsáid a bhaintear as ionaid chomhordúcháin a fhorbairt agus tuairisciú a dhéanamh ar an úsáid phraiticiúil agus ar an luach a bhaineann leis i ndáil le himscrúduithe a chur i gcrích.	Reáchtáladh seacht n-ionad chomhordúcháin i 2012. Féach rannán 1.4.
Tuilleadh tacaíochta a thabhairt do chruthú agus do chur chun feidhme JITanna agus é mar aidhm dea-chleachtais a roinnt agus faisnéis maidir le taithí bhreithiúnach agus torthaí cásanna a roinnt.	Ghlac Eurojust páirt in 47 JITanna agus mhaoinigh sé 62 JITanna i 2012. Féach rannán 1.4 agus 1.6 (Líonra JITanna).
Leanúint lena chleachtas i ndáil le rannpháirtíocht Europol sa phróiseas comhordúcháin.	Ghlac Europol páirt i gcruinnithe comhordúcháin Eurojust in 85 cás. Féach rannán 2.3.
Tuairisciú ar chur chun feidhme airteagal 7(3) de EJD i ndáil le EAW.	Féach rannán 1.2.
Barr feabhais a chur ar a acmhainn deacrachtaí, réitigh agus treochtaí i gcomhar breithiúnach a bhaineann le ceisteanna coiriúla a thuairisciú.	Féach rannán 1.
Tuairisciú ar úsáid na foirme PDF i ndáil le hAirteagal 13 de EJD d'fhonn fairsinge na malairte faisnéise a shonrú.	Tá teimpléad leictreonach forbartha. Ceadaíonn an leagan is déanaí sonraí a ionchur go uathoibríoch sa Chóras Bainistíochta Cásanna. Féach rannán 3.1.
A chinntiú go gcuirtear tionscadal EPOC IV i gcrích go tráthúil.	Cuireadh críoch leis an tionscadal an tráth ar reáchtáladh an Chomhdháil deiridh ar 29 agus 30 Márta 2012 in Noordwijk, an Ísiltír.
An próiseas cur chun feidhme a chríochnú mar aon le cur chun feidhme an naisc freastalaí a cheadóidh rochtain ar CMS ar leibhéal náisiúnta.	Tá 11 Ballstát ar fad fós le cur chun feidhme. Féach rannán 3.1 (Nasc slán le CMS ar leibhéal náisiúnta).
Tuairisciú ar chur chun feidhme Airteagal 13a i ndáil leis an bhfaisnéis agus leis an aiseolas a tugadh do na húdaráis náisiúnta.	Aiseolas a sholáthar tríd an tuarascáil bhliantúil agus tuarascálacha straitéiseacha ar thromchoireanna (gáinneáil ar dhrugaí, THB). Agus trí bhrath naisc agus anailís agus malartú faisnéise a chrostagairt i rith cruinnithe comhordúcháin. Féach rannán 3.1.

Iarscríbhinn: Staitisticí don bhliain 2012

Figiúr 1 - Teacht chun cinn na gcásanna 2002-2012

Chláraigh Eurojust 1 533 cás i 2012, a chuir leis an treocht mhéadaithe sa líon atreoruithe ar chúnamh ó Bhallstáit ó 2002 anall. Bhí baint ag trí thír nó níos mó le thart ar 20% de na cásanna seo.



Figiúr 2 - Cásanna déthaobhacha/iltaobhacha de réir na nDeasc Náisiúnta 2012

Tá léargas le fáil anseo ar an líon cásanna déthaobhacha agus iltaobhacha cláraithe ag gach Deasc Náisiúnta i 2012. Ní chiallaíonn cás déthaobhach gur cion coiriúil nach bhfuil chomh dáiríre sin atá i gceist nó go bhfuil rannpháirtíocht theoranta Eurojust oiriúnach. D'fhéadfadh cás a nglacann Eurojust leis mar chás déthaobhach a bheith iltaobhach i mBallstát.



Figiúr 3 - Cásanna a tionscnaíodh/a dúnta 2003-2012

Ní hamháin go bhfuil impleacht ag an uimhir cásanna cláraithe in aghaidh na bliana ar líon cásanna na nDeasc Náisiúnta, tá impleacht ag cásanna ar lean ó na blianta roimhe sin air freisin. Tá 575 cás ar feitheamh ag Eurojust ó na blianta roimhe seo (2003-2011), cásanna nach mór aird a dhíriú orthu fós agus cúnamh a thabhairt ina leith.



Figiúr 4 - Rangú ginearálta na gcásanna



De réir airteagal 4(1) de Chinneadh Eurojust, clúdaíonn inniúlacht ghinearálta Eurojust na cineálacha coireanna agus cionta a bhfuil Europol inniúil gníomhú ina leith agus cionta eile curtha i gcrích i dteannta leis na cineálacha seo coireanna agus cionta. I gcás cineálacha eile cionta, féadfaidh Eurojust, de réir a chuspóirí, cabhrú le himscrúduithe agus le hionchúisimh ar iarratas ó údarás inniúil Ballstáit de réir airteagal 4(2). Féadfaidh Ballstát iarraidh ar Eurojust cúnamh a thabhairt i ndáil le ceisteanna nó le hábhair níos ginearálta; ní gá go mbeadh nasc díreach acu le cás oibríochtúil leanúnach, *inter alia*, cás a bhaineann le reachtaíocht nó le nósanna imeachta náisiúnta (cásanna a bhaineann le hábhar dlí).

Figiúr 5 - Cineálacha coireachta tús áite i gcásanna Eurojust

Clúdaíonn na réimsí tosaíochta oibríochtúla ar ghlac Eurojust leo i 2012-2013 gáinneáil ar dhrugaí, smuigleáil neamhdhleathach inimirceach, gáinneáil ar dhaoine, sceimhlitheoireacht, calaois, éilliú, sciúradh airgid, cibearchoireacht, coireanna i gcoinne leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh agus gníomhaíochtaí eile a bhaineann le láithreacht grúpaí coiriúla eagraithe sa gheilleagar.

Tá léargas le fáil san fhigiúr seo ar an líon uaireanta a raibh baint ag na cineálacha coireanna seo leis na cásanna cláraithe ag Eurojust i 2011 agus 2012. D'fhéadfadh go mbeadh níos mó ná cineál amháin coire i gceist i gcás amháin. Tá tuilleadh faisnéise le fáil sna fo-rannáin ábhartha de rannán 1.



Figiúr 6 - Cineálacha coireachta tús áite agus cineálacha eile coireachta i gcásanna Eurojust



Clúdaíonn na réimsí tosaíochta oibríochtúla ar ghlac Eurojust leo i 2012-2013 gáinneáil ar dhrugaí, smuigleáil neamhdhleathach inimirceach, gáinneáil ar dhaoine, sceimhlitheoireacht, calaois, éilliú, sciúradh airgid, cibearchoireacht, coireanna i gcoinne leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh agus gníomhaíochtaí eile a bhaineann le láithreacht grúpaí coiriúla eagraithe sa gheilleagar.

Tá léargas le fáil san fhigiúr seo ar an líon uaireanta a raibh baint ag na cineálacha coireanna sna réimsí tosaíochta leis na cásanna cláraithe ag Eurojust i 2011 agus 2012. D'fhéadfadh go mbeadh níos mó ná cineál amháin coire i gceist i gcás amháin.

Figiúr 7 - Cásanna Eurojust - tíortha iarrthacha

Tá léargas le fáil san fhigiúr seo, de réir an Bhallstáit, ar an líon uaireanta a iarradh cúnamh Eurojust i 2011 agus 2012.



Figiúr 8 - Cásanna Eurojust - tíortha iarrtha

Tá léargas le fáil san fhigiúr seo ar an líon uaireanta a iarradh cúnamh na n-údarás i ngach Ballstát trí Eurojust i 2011 agus 2012.



Figiúr 9 - Líon iomlán na gcruinnithe comhordúcháin

Tá léargas le fáil san fhigiúr seo ar an uimhir cásanna a d'éiligh cruinniú comhordúcháin. Is é an nós atá ann ná go reáchtáiltear cruinnithe comhordúcháin ag áitreabh Eurojust sa Háig. I gcásanna áirithe, reáchtáiltear cruinnithe comhordúcháin lasmuigh de Eurojust, i mBallstát nó i dtríú Stát.



Figiúr 10 - Cruinnithe comhordúcháin - tíortha iarrthacha

Tá léargas le fáil san fhigiúr seo ar an líon cásanna ar theastaigh cruinniú comhordúcháin uathu i ndiaidh iarratas a dhéanamh ar chúnamh ó gach Ballstát nó ó thríú Stát.



Figiúr 11 - Cruinnithe comhordúcháin - tíortha iarrtha

Tá léargas le fáil san fhigiúr seo ar an líon uaireanta ar ghlac údaráis Ballstát páirt i gcruinniú comhordúcháin Eurojust i ndáil le cásanna ar theastaigh comhordú uathu i ndiaidh dóibh cúnamh a iarradh.



© 2013 Eurojust

Gach ceart ar cosaint. Ní cheadaítear aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh ná a úsáid in aon bhealach ná ar aon bhealach, go grafaic, go leictreonach ná go meicniúil lena n-áirítear fótachóipeáil, taifeadfadh, téipeáil, ná córais stórála agus aisghabhála faisnéise, gan cead ó Eurojust.

Eagarthóirí: Deborah de Jonge, Jacalyn Birk
Dearadh/Foilsitheoireacht Deisce: Michèle Wilks-Speer
Creidiúintí Grianghraf: Michel Mees, Joannes Thuy, Leen De Zutter

ISBN 978-92-95084-34-6
9 789295 084346
ISSN: 1831-4449
DOI: 10.2812/53241

Production: euroscript Luxembourg S.à r. l. - www.euroscript.com

EUROJUST

Maanweg 174, 2516 AB The Hague, Netherlands
Phone: +31 70 412 5000 - E-mail: info@eurojust.europa.eu - Website: www.eurojust.europa.eu